

**Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus
Rialtais Áitiúil**

**Plean Earnála faoin Acht
um Mhíchumas 2005**

2006

Clár

	Lch.
Réamhfhocail leis an Aire	2
Achoimre Feidhme	4
Spríoc Ardleibhéil	7
Cuspóirí Buntábhachtacha	8
Caibidil 1 – Forléargas agus Comhairliúchán	10
Caibidil 2 – An Cód Foirgníochta agus Pleanála	16
Caibidil 3 – Láithreáin Oidhreachta	25
Caibidil 4 – Pleananna na nÚdarás Áitiúil	30
Caibidil 5 – Aicsean na Roinne agus na gComhlachtaí Poiblí faoina Scáth	65
Caibidil 6 – Acmhainní, Monatóireacht, Athbhreithniú agus á gCur i nGníomh	76
Aguisín 1 – Nósanna Imeachta maidir le Gearáin	84
Aguisín 2 – Comhlachtaí faoi Scáth na Roinne	88
Aguisín 3 – Achoimre ar Chuspóirí, Thargaidí agus Fhrámaí Ama an Phlean Earnála	95



Réamhfocal leis an Aire

Tá an-áthas orm an plean earnála seo a fhoilsiú chun tacú le rannpháirtíocht daoine le míchumais i ngach gné den saol – sa saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir.

Creidim go bhfuil dul chun cinn nach beag á dheanamh anois, agus seoladh Straitéis Náisiúnta an Rialtais um Mhíchumas i mí Mheáin Fhómhair 2004 ina chúnamh ar leith don obair. Forálann Acht um Mhíchumas 2005, eilimint bhuntábhachtach den straitéis, le haghaidh raoin de bhearta dearfacha, lena n-airítear ullmhú an phlean seo agus pleananna earnála ag Ranna eile, chomh maith le cearta feabhsaithe ar sheirbhís phoiblí lánpháirtithe a bheith á seachadadh.

Tá go leor tionscnamh san áireamh inár bplean-na, a chlúdaíonn mo Roinn féin, na comhlachtaí ar comhpháirtithe leis an Roinn iad agus an earnáil rialtais áitiúil, agus beidh éifeacht buan nach beag ag na tionscnaimh, nuair a bheidh siad curtha i ngníomh go hiomlán, ar shaol daoine le míchumais. Cinnteoidh mé go n-áireofar na feabhsuithe ar Chuid M de na Rialacháin Fhoirgníochta ina dtosaíocht chomh maith le Deimhniú nua Rochtana do Dhaoine Míchumasaithe a thabhairt isteach agus Straitéis nua Tithíochta a fhorbairt do Dhaoine le Míchumais, a raibh gach ceann díobh go hard ar an gclár oibre i rith an phróisis chomhairliúcháin.

Pleanáilfidh údaráis áitiúla le haghaidh na rochtana lánpháirtithe ar thithíocht áitiúil, ar bhóithre agus shráideanna, leabharlanna, pháirceanna, fhoirgnimh, sheirbhísí agus fhaisnéis agus forbróidh siad pleananna a áireofar ina dtosaíocht, leis an rochtain a chur i ngníomh, trí iniúchóireacht agus chomhairliúchán, chun áiseanna poiblí a thagann faoina rialú a chuimsiú. Bainfidimid uile tairbhe as comhoibriú láidirthe áitiúil idir gníomhaireachtaí poiblí agus as soláthar uile-nasctha a shamhlaítear sa phlean agus a thiocfaidh de thoradh an chomhoibríthe sin.

Tá acmhainní breise nach beag á gcur ar fáil agam chun cabhrú le húdaráis áitiúla ardchaighdeán rochtana a sheachadadh do dhaoine le míchumais agus táim ag súil leis an toradh is fearr is féidir ón infheistíocht seo.

Tiocfaidh dúshlán chun cinn agus muid ag bogadh ar aghaidh chuig an gcéim leis an bplean a chur i ngníomh. Tá rún daingean agam áfach go dtabharfaimid aghaidh ar dhúshlán den sórt sin le fuinneamh agus uaimhian agus go gcinnteoidimid go ndéanfar dul chun cinn tráthúil chun cuspóirí ár mbeartais, ar son sochaí uilechuimsithí do dhaoine le míchumais, a bhaint amach.

Dick Roche T.D.

Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

2006

Achoimre Feidhme

Forléargas

Is é sprioc ardleibhéil phlean earnála na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ná comhdheiseanna do dhaoine le míchumais le páirt a ghlacadh i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir an phobail, a chur chun cinn agus a spreagadh go réamhghníomhach. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Roinn agus ag a gníomhaireachtaí gaolmhara go dtí seo agus tá siad tiomanta le hiomlán na Straitéise Náisiúnta um Mhíchumas a chur i ngníomh. Cabhróidh an phlean earnála seo, a forbraíodh i gcomhairliúchán le daoine le míchumais, leis an Roinn, leis na comhlachtaí faoina scáth agus le húdaráis aitiúla trí struchtúr níos comhleanúnaí a sholáthar le sochaí uilechuimsitheach a sheachadadh ina mbeidh foirgnimh, áiseanna, seirbhísí agus faisnéis soláthraithe do chách.

Cód Foirgníochta agus Pleanála

Tá inrochtaineacht na timpeallachta tógtha ina fachtóir buntábhachtach le daoine le míchumais a chumasú le cáilíocht saoil a bhaint amach a bheidh inchurtha lena bhfuil ag saoránaigh eile. Tionscnaíodh athbhreithniú ar Chuid M den Dara Sceideal de na Rialacháin Fhoirgníochta, a bhaineann le rochtain do dhaoine le míchumais, i mí na Nollag 2005. Ullmhóidh an Roinn dréacht-tograí faoi Fhómhar na bliana 2006 chun Cuid M a leasú. Tá an Bille um Rialú Foirgníochta 2005 foilsithe agus, nuair a achtófar é, láidreoidh sé cumhachtaí forfheidhmiúcháin na nÚdarás um Rialú Foirgníochta maidir leis an gCód Foirgníochta a chur i ngníomh. Ba chóir go mbeadh tábhacht ar leith leis an bhforáil le haghaidh córas um Dheimhniú Rochtana do Dhaoine Míchumasaithe a thabhairt isteach. Tacóidh an Roinn le húdaráis áitiúla, leis an aidhm is go gcinnteofar rochtain éifeachtach do chách agus iad ag déileáil le hiarratais phleanála, trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir leis an inrochtaineacht i dtreoir náisiúnta maidir le cúrsaí pleanála.

Láithreáin Oidhreachta

Féachfaidh an Roinn lena chinntiú go mbeidh láithreáin oidhreachta ina seilbh, oiread agus a bheidh indéanta, inrochtana do dhaoine le míchumais

faoi 31^ú Nollaigh 2007. Leanfaidh an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ar aghaidh le cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh ó thaobh rochtain agus seirbhísí a sholáthar. Tá pleananna bainistíochta i gcomhair na sé Pháirc Náisiúnta, lena n-áirítear iniúchóireachtaí ar an inrochtaineacht agus straitéisí am-srianta a bhaineann le rochtain do dhaoine míchumasaithe, á bhfeidhmiú go céimneach.

Pleananna na nÚdarás Áitiúil

Déanfaidh gach údarás áitiúil, faoi cheann sé mhí ón tráth a fhaomhann an tOireachtas an plean seo, iniúchóireacht ar an inrochtaineacht ar gach bóthar agus shráid, phábháil agus chrosaire do choisithe, fhoirgneamh poiblí, pháirc phoiblí, shaoráid agus spás oscailte, láithreán oidhreachta, leabharlann phoiblí agus chuan faoina rialú agus sonrú siad an t-aicsean leigheasacháin atá riachtanach ionas go mbeidh siad inrochtana. Cuirfidh gach údarás áitiúil, faoi cheann trí mhí ón uair a bheidh an iniúchóireacht ar an inrochtaineacht curtha i gcrích acu, plean le chéile chun an t-aicsean a chur i ngníomh. Agus sin á dhéanamh acu, rachaidh údaráis áitiúla i gcomhairle le heagraíochtaí a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais. Feabhsófar a inrochtana is a bheidh bealaí chuig agus amach ó áiseanna iompair phoiblí chomh maith leis na bealaí éagsúla a n-idirghníomhaíonn daoine go fisiciúil leo. Cinnteoidh údaráis áitiúla go mbeidh seirbhísí nua nó áiseanna nua a thógfar inrochtana do dhaoine le míchumais freisin, oiread agus a bheidh indéanta.

Beidh grúpa stiúrtha i bhfeidhm i ngach údarás áitiúil chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn. Ullmhóidh gach údarás áitiúil tuarascáil bhliantúil, a bheidh ina chuid dá Thuarascáil Bhliantúil, um dul chun cinn maidir lena fheidhmíocht i ndáil lena Phlean leis na bearta a chur i ngníomh (Plean BCG). Forbróidh údaráis áitiúla meicníochtaí cuí chun cinnteoireacht a gComhairlí a phromhadh ó thaobh cúrsaí míchumais, sa chás nach bhfuil sin i bhfeidhm cheana féin.

Chun fócas nua a thabhairt isteach sa phróiseas lena dtugtar aghaidh ar riachtanais daoine le míchumas, forbrófar Straitéis Náisiúnta Tithíochta do

Dhaoine le Míchumais. Déanfar prótacail nua amach le haghaidh comhoibre idir gníomhaíochtaí le haghaidh gach riachtanas speisialta ó thaobh tithíochta. Tabharfar reachtaíocht isteach a fhágfaidh go mbeidh bealach nua ann le riachtanas tithíochta a mheasúnú lena chinntiú gur féidir le gach duine maireachtáil agus iad chomh neamspiléach agus is féidir laistigh dá bpobal. Déanfar athbhreithniú ar scéimeanna maidir le tosaíochtaí ó thaobh tithíochta a ligean ar cíós. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag tacú le hearnáil dheonach agus chomhoibritheach bheoga agus cuirfidh sí tuilleadh le hinfheistíochtaí in oibreacha athghiniúna agus leigheasacháin. Déanfar athchóiriú ar an Scéim Dheontas do Dhaoine Míchumasaithe chun cothromas na scéime a fheabhsú.

An Roinn agus Comhlachtaí faoina Scath

Féachann an Roinn lena chinntiú go gcomhlíontar riachtanais speisialta a gcustaiméirí ar fad, lena n-áirítear daoine le míchumais, agus go seastar le cearta go gcaithfear go cothrom le daoine, agus seirbhís á seachadadh. Cuirfidh an Roinn gealltanais a phlean earnála san áireamh i Ráitis Straitéise agus i bPleananna Gnó gaolmhara amach anseo, agus beidh tuarascálacha maidir le dul chun cinn ó thaobh na gealltanais a chur i ngníomh, san áireamh ina Tuarascálacha Bliantúla. Déanfar foireann a bhunú chun ceanglais an Achta um Míchumas a bhaineann leis an Roinn go ginearálta, a chur i ngníomh, lena n-áireofar nósanna imeachta a fhorbairt maidir le promadh a dhéanamh ó thaobh cúrsaí míchumais, agus oiliúint maidir le feasacht ar an míchumas a fhorbairt, athbhreithnithe ar sheirbhísí faisnéise agus nósanna imeachta fála atá ann cheana féin, agus anailís a dhéanamh ar inrochtaineacht fhoirgneamh na Roinne chun cur le tionscnaimh atá ann cheana féin chun an inrochtaineacht a fheabhsú. Tá an Roinn tiomanta do bheith ag comhlíonadh thargaid 3% an Rialtais maidir le daoine le míchumais a fhostú. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag oibriú go dlúth leis na comhlachtaí faoina scáth lena chinntiú go mbeidh cur chuige náisiúnta comhleanúnach ann i leith sprioc ardleibhéil an phlean earnála a sheachadadh.

Socruithe maidir le Monatóireacht, Athbhreithniú agus Tuairisceoireacht

Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis an bplean earnála seo a chur i ngníomh agus lorgóidh sí tuarascálacha de réir mar is cuí ó údaráis áitiúla agus na comhlachtaí faoi scáth na Roinne chun na críche seo. Déanfaidh Coiste Monatóireachta Fostaíochta na Roinne, lena n-áirítear duine a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais, monatóireacht ar mar a chuirfear Cuid V den Acht um Mhíchumas i ngníomh. Déanfar Coiste Comhairleach maidir le Plean Earnála fán Acht um Mhíchumas (CCPEAM) a bhunú agus feidhmeoidh sé ar son na Roinne, daoine le míchumais, an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais, comhlachtaí faoi scáth na Roinne agus údarás áitiúil; soláthróidh sé seo fóráim chun cabhrú le comhairliúcháin maidir le saincheistanna atá ina gcodanna lárnacha de bheartais agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar leibhéal náisiúnta ar mar atá na cuspóirí agus beartais arna leagan amach sa phlean earnála á gcur i ngníomh. Comhlánfaidh an CCPEAM próisis eile maidir le monatóireacht agus athbhreithniú, ach ní chuirfear ina n-ionad é. Glacfaidh an Roinn páirt i socruithe lárnacha freisin le haghaidh caidrimh inchiallaithe leanúnaigh le príomhpháirtithe leasmhara.

Spríoc Ardleibhéil

Comhdheiseanna do dhaoine le míchumais le páirt a ghlacadh i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir an phobail, a chur chun cinn agus a spreagadh go réamhghníomhach.

Cuspóirí an Phlean Earnála

Is iad cuspóirí buntábhachtacha an Phlean Earnála ná -

1. Rochtain uilíoch a chur chun cinn ar spáis, fhoirgnimh agus sheirbhísí poiblí atá i seilbh agus á bhfeidhmiú ag údaráis áitiúla agus orthu siúd atá i seilbh agus á bhfeidhmiú ag an Roinn agus comhlachtaí faoi scáth na Roinne.
2. Rochtain uilíoch ar fhorbraíochtaí nua agus ar láithreáin oidhreachta a chur chun cinn.
3. Rochtain ar fhaisnéis ar sheirbhísí na n-údarás aitiúil a chinntiú do dhaoine le míchumais chomh maith le rochtain cosúil leis sin ar fhaisnéis ar sheirbhísí arna soláthar ag an Roinn agus comhlachtaí faoina scáth.
4. Caighdeáin arna leagan amach i gCuid M (Rochtain do Dhaoine le Míchumais) de na Rialacháin Foirgníochta náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta; agus foráil le haghaidh na caighdeáin seo a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí.
5. Rannpháirtíocht daoine le míchumais i gcinnteoireacht a chur chun cinn agus a chinntiú.
6. Ardleibhéal feasachta a chinntiú i measc gach ball foirne maidir le riachtanais daoine le míchumais.
7. Rochtain ar thithíocht agus chóiríocht chuí do dhaoine le míchumais a spreagadh agus a éascú.
8. Rochtain daoine le míchumais ar shráideanna, phábhálacha, chosáin, agus chrosairí sráide, a fheabhsú chomh maith le rochtain ó bhóithre poiblí chuig feithiclí a iompraíonn paisinéirí, trí chomhshaol do choisithe a bheidh inrochtana agus gan bhacainní a chur chun cinn.

9. Comhoibriú agus comhordú a chinntiú i ndáil le saincheisteanna traschuimsitheacha faoin Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas idir an Roinn, comhlachtaí faoina scáth agus údarais áitiúla, le Ranna eile Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile.

10. Comhordú a chur chun cinn idir soláthraithe seirbhísí ar leibhéal áitiúil trí na Boird Forbartha Contae agus Cathrach.

Caibidil 1

Forléargas agus Comhairliúchán

1.1 Forléargas

1.1.1 Tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, a gníomhaireachtaí gaolmhara agus údarais áitiúla réamhghníomhach i ndail le saincheistanna míchumais agus tá dul chun cinn suntasach déanta sa réimse seo. Tá sé seo fíor go háirithe maidir le go leor údarás áitiúil, a tharraing as a gcuid oibre i ndáil le Dearbhú Bharcelona*, cur i ngníomh reachtaíochta um stádas comhionann agus fostú daoine le míchumais chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le seirbhísí a fhorbairt agus a sheachadadh, dearcaí a athrú agus foirgnimh a oiriúnú srl. go mbeidís i riocht níos fearr le freastal ar dhaoine le míchumais.

1.1.2 Imríonn Cuid M de na Rialacháin Fhoirgníochta (arna ndéanamh faoin Acht um Rialú Foirgníochta, 1990) ról tábhachtach i saol daoine le míchumais. Ceanglaíonn sé “go ndéanfar soláthar cuí chun cur ar chumas daoine le míchumais foirgneamh a rochtain agus a úsáid go sábháilte neamhspleách.” Ar dtús, níor bhain Cuid M ach le foirgnimh nárbh fhoirgnimh chónaithe iad; ach leasaíodh na Rialacháin Fhoirgníochta in 2000 le ceangal go mbeadh daoine le míchumais in ann cuairt a thabhairt ar áitribh nua ar cuireadh tús leo ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2001. Cuirfear aighneachtaí ón Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) agus ó ghrúpaí a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais san áireamh san athbhreithniú ar Chuid M, agus ar Threoircháipéis Theicniúil ghaolmhar M. Dréachtfar tograí leasaithe Chuid M/ TCT M lena mbreithniú ag Comhlacht Comhairleach na Rialachán Foirgníochta (CCRF), faoi Dheireadh Fómhair 2006; agus foilseoidh an tAire é seo, le haghaidh comhairliúcháin phoiblí, go luath in 2007.

* Dearbhú Bharcelona (1995) a ndeachthas leis ag an gComhdháil Eora-Mheánmhuirí i mí na Samhna 1995 lenar tacaíodh le ceart daoine le míchumais páirt a ghlacadh mar shaoránaigh chomhionanna

Foráilfidh an Bille um Rialú Foirgníochta 2005, nuair a achtófar é, le haghaidh caighdeáin Chuid M a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí trí, inter alia, Deimhniú Rochtana do Dhaoine Míchumasaithe a thabhairt isteach chun a dheimhniú go mbeidh Cuid M á comhlíonadh ag foirgnimh nua neamhchónaithe agus bloic nua árasán ag céim a ndeartha.

1.1.3 Seachadann údaráis áitiúla seirbhísí a mbaineann tábhacht ar leith leo don daonra iomlán lena n-áirítear daoine le míchumais. Tá tithíocht, pleanáil, bóithre, crosairí agus cosáin do choisithe agus áiseanna poiblí amhail leabharlanna, páirceanna agus saoráidí eile san áireamh sna seirbhísí seo.

1.1.4 Tá an Roinn, na gníomhaireachtaí ar comhpháirtithe léi iad agus údaráis áitiúla tiomanta do bheartas comhdheiseanna do dhaoine le míchumais, a chur i ngníomh agus tá bearta dearfacha déanta le blianta beaga anuas acu le cáilíocht a saoil a fheabhsú. Tá an méid seo a leanas san áireamh sna bearta seo:

- foirgnimh a nuachóiriú go leanúnach agus rochtain do dhaoine míchumasaithe a sholáthar go leanúnach ar oifigí poiblí agus ar fhoirgnimh phoiblí eile amhail leabharlanna agus amharclanna;
- rochtain fheabhsaithe a sholáthar ar fhaisnéis agus sheirbhísí arna soláthar ag údaráis áitiúla;
- go leor údarás áitiúil ag dul le Dearbhú Bharcelona, go hairithe faoi Thionscadal Dhearbhú Bharcelona 2001 – 2004, ag éascú sochaí níos uilechuimsithí trí gach leibhéal den chinnteoireacht faoi chuimsiú a sainchúraim a phromhadh ó thaobh cúrsaí míchumais agus nascálacha struchtúrtha a fhorbairt le heagraíochtaí áitiúla a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais;

- athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar chaighdeán arna leagan amach i gCuid M (Rochtain do dhaoine le Míchumais) de na Rialacháin Fhoirgníochta náisiúnta;
- Cód Cleachtais a chur i ngníomh maidir le Daoine le Míchumais a Fhostú sa tSeirbhís Údaráis Áitiúil agus scothchleachtas a léiriú agus iad á bhfostú;
- Oifigeach ainmnithe Idirchaidrimh Mhíchumais, Oifigeach Rochtana agus Oifigeach Fiosrúcháin Ghearán a cheapadh i ngach údarás áitiúil. Pléann an tOifigeach Idirchaidrimh Mhíchumais le cúrsaí inmheánacha foirne go príomha agus pléann an tOifigeach Rochtana agus an tOifigeach Fiosrúcháin Ghearán le daoine sa phobal;
- Oifigeach Comhionannais ainmnithe a cheapadh agus Foireann um Aicsean Comhionannais a bhunú i ngach údarás áitiúil chun déileáil le saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas (lena n-áirítear saincheisteanna áirithe a bhaineann leis an míchumas). Tagann líonra d'Oifigigh Chomhionannais de chuid na n-údarás áitiúil, faoin mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil, le chéile go rialta agus soláthraíonn sé fóram chun saincheisteanna comónta a phlé (lena n-áirítear saincheisteanna áirithe maidir leis an míchumas) i ndáil le beartais nó reachtaíocht ábhartha atá i bhfeidhm nó atá le teacht i bhfeidhm;
- obair Ghrúpa Stiúrtha an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil maidir leis an Acht um Mhíchumas a chur i ngníomh, grúpa a d'oibrigh le húdaráis áitiúla chun treoir maidir le deachleachtas a ullmhú chun críocha an tAcht um Mhíchumas a chur i ngníomh san earnáil rialtais áitiúil, lena n-áirítear Treoirchreat Mheitheamh 2006 chun Plean le Bearta a Chur i nGníomh (Plean BCG), a Fhorbairt; agus

- an Tionscadal Rochtana Leabharlainne, arna fhorbairt ag an gComhairle Leabharlanna agus ag an Údarás Comhionannais, agus an tuarascáil *Making Access Happen* *, lena bhféachtar ar thionscnaimh phraiticiúla le socruithe a dhéanamh d'úsáideoirí leabharlainne le míchumais, agus atá á cur i ngníomh trasna go leor údarás leabharlainne.

1.1.5 In aineoinn na mbeart dearfach iomadúil arna ndéanamh ag an Roinn agus na húdaráis áitiúla, aithnítear nach mór níos mó a dhéanamh chun an cuspóir a sheachadadh maidir le comhdheiseanna do dhaoine le míchumais le páirt a ghlacadh i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir an phobail a chur chun cinn agus a spreagadh go réamhghníomhach. Cabhróidh an plean earnála seo leis an Roinn, le comhlachtaí faoina scáth agus le húdaráis áitiúla trí struchtúr níos comhtháití a sholáthar chun an sprioc ardleibhéil seo a sheachadadh.

1.1.6 Tugann an iniúchóireacht ar an inrochtaineacht a bhforáiltear di sa phlean earnála seo deis d'údaráis áitiúla agus d'eagraíochtaí eile leis an aicsean atá riachtanach chun tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar sheirbhísí a dhéanann difear do dhaoine le míchumais, a shonrú, i gcomhairle le heagraíochtaí a fheidhmíonn ar son na ndaoine sin.

1.1.7 Tugtar aghaidh sa cháipéis seo ar:

- An Cód Foirgníochta, agus an Cód Pleanála, sa mhéid is go mbaineann siad le daoine le míchumais (Caibidil 2)
- Rochtain ar Láithreáin Oidhreachta (Caibidil 3)
- Pleananna na nÚdarás Áitiúil (Caibidil 4)
- Aicsean na Roinne agus na gComhlachtaí Poiblí faoina Scáth (Caibidil 5)

* An Chomhairle Leabharlanna agus an tÚdarás Comhionannais 2004.

- Acmhainní, Monatóireacht agus á gCur i nGníomh (Caibidil 6).

1.2 Comhairliúchán arna dhéanamh ag an Roinn

1.2.1 Faoi mar a fhoráiltear lena aghaidh faoin Acht um Mhíchumas, chuaigh an Roinn i gcomhairle le daoine a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais lena plean earnála a ullmhú agus a mhionathrú chun feabhais:

- d'iarr an Roinn aighneachtaí ón bpobal i mí Lúnasa 2005;
- reáchtáil an Roinn seimineáir réigiúnacha, arna n-éascú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, in 2005 ar ar fhreastal daoine le míchumais agus a n-eagraíochtaí-ne faoi seach; agus
- reáchtáladh cruinnithe leis an nGrúpa Comhairleach um Reachtaíocht Mhíchumais.

1.2.2 Chuaigh an Roinn i gcomhairle le húdaráis áitiúla, le Grúpa Stiúrtha an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil maidir leis an Acht um Mhíchumas a chur i ngníomh, agus le comhlachtaí faoi scáth na Roinne, amhail an Bord Pleanála agus an Chomhairle Leabharlanna.

1.2.3 Bhí idirchaidreamh ag an Roinn freisin le príomhpháirtithe ábhartha eile ar comhlachtaí poiblí iad lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, agus Ranna eile Rialtais (m.sh. an Roinn Iompair i ndáil le bóithre agus cuanta, agus an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, maidir le riachtanais chóiríochta daoine le míchumais agus ról Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus na n-údarás tithíochta faoi seach.)

1.2.4 Go ginearálta, léiríodh le comhairliúchán na Roinne go bhfuil cuid mhaith tacaíochta ann do na bearta arna leagan amach sa phlean

earnála imlíneach. Léirigh roinnt mhaith páirtithe na pointí seo a leanas freisin:

- tá inrochtaineacht na gcosán agus na gcrosairí poiblí do choisithe ar na saincheistanna ar tosaíochtaí iad do dhaoine le míchumais;
- ba chóir go mbeadh ardcháilíocht comhleanúnach ag baint le hiniúcháireachtaí ar an inrochtaineacht trasna eagraíochtaí agus ba chóir saineolas inmheánach iniúcháireachta a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh fócas leanúnach ar an tsaincheist seo;
- chuirfí fáilte roimh fhóram le deachleachtas a roinnt i measc na n-údarás áitiúil i ndáil le cuspóirí na Straitéise Náisiúnta um Mhíchumas a bhaint amach;
- is mian le daoine le míchumais go mbeadh lámh acusan ach go háirithe i bpleananna BCG agus in athbhreithithe na n-údarás áitiúil;
- is féidir feabhsuithe ar sheirbhísí amhail tithíocht agus cóiríocht a bhaint amach trí chomhordú níos fearr idir comhlachtaí poiblí; agus
- chuirfí fáilte roimh thargaidí, fhrámaí ama agus tháscairí feidhmíochta mionmhínithe le haghaidh gníomhaíochtaí tiomanta i bplean earnála na Roinne.

Tá gach dearcadh a cuireadh in iúl agus gach aighneacht dár soláthraíodh don Roinn scrúdaithe go cúramach agus léirithe sa phlean earnála seo, sa chás gur cuí, de réir ról agus acmhainneacht na Roinne, na n-údarás áitiúil, agus na gcomhlachtaí faoi scáth na Roinne.

Caibidil 2

An Cód Foirgníochta agus Pleanála

2.1 An Timpeallacht Tógtha

2.1.1 Tá inrochtaineacht na timpeallachta tógtha aitheanta go leanúnach mar fhachtóir buntábhachtach ó thaobh a bheith ag cur ar chumas daoine le míchumais cáilíocht saoil a bhaint amach a bheidh inchurtha lena bhfuil ag gach saoránach eile atá ag leanúint le saol gníomhach sa tsochaí. Is é an cuspóir foriomlán ná a chinntiú go mbeidh creatlach éifeachtach reachtaíochta agus rialála i bhfeidhm le bheith mar bhonn is mar thaca ag an aidhm leis an timpeallacht tógtha a bheith inrochtana ag cách. Ba chóir go gcinnteofaí, de bharr na cóid fhoirgníochta agus phleanála a bheith á bhfeidhmiú chun an reachtaíocht agus na rialacháin sin a chomhlánú, go dtabharfar aghaidh mar is ceart ar shaincheistanna ó thaobh na rochtana ag céim dheartha gach forbraíocht nua.

2.2 Cód Foirgníochta

2.2.1 Cuireann Alt 3 den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990 ar chumas an Aire Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Rialacháin Fhoirgníochta náisiúnta a dhéanamh a bheidh bunaithe ar fheidhmíocht. Rinne an tAire Rialacháin Fhoirgníochta in 1991 (I.R. 306 de 1991) atá i bhfeidhm ó 1 Meitheamh 1992 – lena n-áirítear Cuid M lena bhforáiltear le haghaidh rochtain daoine le míchumais ar fhoirgnimh nua neamhchónaitheacha agus ar bhloic nua árasán. Is é an fhealsúnacht is bonn le Cuid M ná a chinntiú, oiread agus a bheidh le réasún agus indéanta, gur chóir go mbeadh daoine le míchumais in ann úsáid a bhaint as foirgnimh. Is é príomhaidhm rialachán foirgníochta ná foráil le haghaidh sláinte, sábháilteachta agus leasa daoine laistigh de agus timpeall foirgneamh. Ní bhíonn an cód foirgníochta infheidhmithe go ginearálta i leith foirgneamh ar cuireadh tús leo roimh 1 Meitheamh 1992.

Tugadh Rialacháin 1991 (Codanna A-M) cothrom le dáta agus comhdhlúthaíodh iad in 1997.

2.2.2 Faoi Chuid M den Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin Fhoirgníochta – *Rochtain do Dhaoine le Míchumais* – “Déanfar soláthar leordhóthaineach chun cur ar chumas daoine le míchumais, foirgneamh a rochtain agus a úsáid go sábháilte neamhspleách”. Tá treoir maidir leis an gceanglas seo a chomhlíonadh i dTreoircháipéis Theicniúil (TCT) M, arna foilsiú faoi Alt 7 de Rialacháin Fhoirgníochta 1997 (I.R. Uimh. 497 de 1997).

2.3 Réimeas Chuid M a Leathnú amach chuig Áitribh Nua

2.3.1 Tar éis próisis chomhairliúcháin phoiblí, leasaíodh Cuid M de na Rialacháin Fhoirgníochta i mí Mheitheamh 2000 (I.R. 179 de 2000) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2001. Tháinig Treoircháipéis Theicniúil athbhreithnithe M (leagan 2000) i bhfeidhm an dáta céanna.

2.3.2 Faoi Rialacháin leasaithe Chuid M (2000):

- (a) caithfidh áitribh ar cuireadh tús leo ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2000 (lena n-áirítear méaduithe ar áitribh) a bheith sa riocht is go mbeidh daoine le míchumais in ann cuairt a thabhairt orthu. Mar bheart trasdula, bhí áitribh ar cuireadh iarratas ar chead pleanála lena n-aghaidh isteach ar nó roimh 31 Nollaig 2000 díolmhaithe ó na ceanglais nua – ar an gcoinníoll go raibh oibreacha substaintiúla curtha i gcrích ar nó roimh 31 Nollaig 2003. Tá an beart trasdula seo dulta in éag anois;
- (b) tá sainmhíniú reachtúla níos géire ar a bhfuil i gceist le rochtain do dhaoine míchumasaithe ar fhoirgnimh nua neamhchónaitheacha agus ar bhloic nua árasán; caithfidh rochtain den sórt sin a bheith “leordhóthaineach” agus ní díreach “réasúnach”.

2.3.3 Tugtar le fios i dTCT M (eagrán 2000) conas Rialacháin leasaithe Chuid M a chomhlíonadh agus tá na gnéithe seo a leanas san áireamh leo siúd a leagtar amach ann:

- bealaí leibhéalta nó bealaí a théann in airde go réidh chuig áitribh
- bealach leibhéalta ag doirse iontrála
- doirse agus dorchlaí níos leithne mar shocrú do chathaoir rotha
- áiseanna leithreasa ar leibhéal na talún do lucht úsáide cathaoireacha rotha agus do dhaoine eile le míchumais.

Athbhreithniú Reatha ar Réimeas Chuid M

2.3.4 De réir gealltanais arna thabhairt ag an Aire sa plean eárnála Imlíneach, tionscnaíodh athbhreithniú ar Chuid M i mí na Nollag 2005.

Mar fhreagairt ar fhógra poiblí lenar tugadh cuireadh do dhaoine agus d'eagraíochtaí leasmhara ionchur a thabhairt don phróiseas um athbhreithniú, fuarthas níos mó ná 40 aighneacht mhionsonraithe faoi dháta deiridh dheireadh mhí Mhárta 2006 lena n-áirítear aighneachtaí ón Údarás Náisiúnta Míchumais, ó Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, ó Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill agus ó Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta.

2.3.5 Tar éis athbhreithnithe ar na haighneachtaí mionsonraithe go léir a fuarthas, ullmhóidh an Roinn dréacht-tograí faoi Fhómhar 2006 chun Cuid M/TCT M a leasú. Cuirfear na dréacht-tograí agus na haighneachtaí ar aghaidh chuig Comhlacht Comhairleach na Rialachán Foirgníochta (CCRF) a bhfuil bonn leathan faoi ó thaobh comhaltaí, lena thuairim a thabhairt orthu, agus faomhfaidh an tAire na tograí, in éineacht le haon leasuithe de réir mar is cuí. Foilseoidh an tAire na tograí seo go dtabharfaidh an pobal/an tionscal a dtuairimí futhu go

luath in 2007. Beidh an dáta a bhfuiltear ag beartú go mbeidís i bhfeidhm san áireamh leis na dréacht-tograí.

Ceanglaíonn an tAcht Míchumas, 2005 Alt 25(3)(a) gur chóir go gcuirfí foirgnimh phoiblí sa riocht is go bhfuil Cuid M á comhlíonadh acu tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2015 agus, má leasaítear Cuid M, tráth nach déanaí ná 10 mbliana tar éis thosach feidhme an leasaithe.

2.3.6 Sainmhínítear ciall “daoine le míchumais” i gCuid M de na Rialacháin Fhoirgníochta faoi láthair mar dhaoine a bhfuil lagú éisteachta nó amhairc orthu nó lagú a chuireann teorainn lena gcumas siúil nó chuireann srian leo is a fhágann go bhfuil orthu úsáid a bhaint as cathaoir rotha. Déanfar athbhreithniú ar an sainmhíniú seo agus, más gá, leasófar é i gcomhthéacs an athbhreithnithe reatha ar réimeas Chuid M.

2.3.7 Ceanglaíonn Cuid M go ndéanfar soláthar i gcineálacha áirithe foirgneamh, amhail amharclanna, pictiúrlanna, hallaí ceolchoirme, seomraí cruinnithe agus comhdhála, agus áiteanna adhartha reiligiúnda le haghaidh áiseanna cumarsáide do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta orthu.

2.4 Scothchleachtas

2.4.1 Mínítear i gTCT M conas gur féidir le dearthóirí, tógálaithe agus cliaint a bhfuil tionscadail fhoirgníochta á gcoimisiúnú acu, íoschaighdeáin reachtúla Chuid M de na Rialacháin Fhoirgníochta (Rochtain do Dhaoine le Míchumais) a chomhlíonadh.

2.4.2 Tá tagairtí ina gcuid de TCT M do chaighdeáin ábhartha na hÉireann (*IS*) agus na Breataine (*BS*) freisin; agus d’fhoilseacháin maidir leis an scothchleachtas sa dearthóireacht do dhaoine míchumasaithe, lena n-áirítear “*Buildings For Everyone - Access and Use for All the Citizens*” (Údarás Náisiúnta Míchumais – ÚNM), agus “*Access to the Historic*

Environment - Meeting the Needs of Disabled People" (Lisa Foster, Ríocht Aontaithe). Cuireann na foilseacháin seo rochtain uilíoch ar fhoirgnimh agus ar a gcomhshaol lasmuigh chun cinn agus míníonn siad conas foirgnimh den sórt sin agus a gcomhshaol lasmuigh a dhearadh, a dhéanamh agus a bhainistiú chun rochtain den sórt sin a bhaint amach.

2.4.3 Cuirfear aon treoirínite maidir le scothchleachtas arna dtáirgeadh ag an ÚNM, lena n-áirítear an Cód Cleachtais atá le hullmhú faoi alt 25(2) den Acht um Mhíchumas 2005, agus ag an Ionad ar son Sármhaitheasa sa Dearthóireacht Uilíoch (atá á bhunú laistigh den ÚNM faoi Chuid 6 den Acht um Mhíchumas 2005), san áireamh san athbhreithniú reatha ar Chuid M agus TCT M. Rachaidh an tIonad atá beartaithe i mbun oibre praiticiúla agus teoiriciúla i ndáil le saincheisteanna maidir leis an dearthóireacht uilíoch agus forbróidh sé caighdeáin, oideachas agus oiliúint.

2.5 Bille um Rialú Foirgníochta 2005

2.5.1 Sholáthair achtú an Achta um Rialú Foirgníochta 1990 an chreatlach le haghaidh chód nua-aimseartha na hÉireann maidir leis an bhfoirgníocht a rialú. Tar éis dó a bheith á fheidhmiú le cúig bliana dhéag áfach, agus i bhfianaise thaithí an tionscail fhoirgníochta, na n-údarás áitiúil, Chomhlacht Comhairleach na Rialachán Foirgníochta agus ghrúpaí leasmhara eile, cinneadh gur ghá an reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta.

Foilsíodh an Bille um Rialú Foirgníochta, 2005 an 22 Nollaig 2005 dá réir sin agus, nuair a achtófar é, láidreoidh sé cumhachtaí forfheidhmiúcháin na n-Údarás um Rialú Foirgníochta (ÚRFearna) leis an gCód Foirgníochta a chur i ngníomh, i measc beart eile.

Cé go mbeidh éifeachtaí tairbheacha do dhaoine míchumasaithe ag gabháil le gach ceann de na bearta atá beartaithe lena n-áirítear an ceanglas rátála fuinnimh do thithe, rialú níos déine ar an tsábháilteacht

dóiteáin agus forfheidhmiúchán breisithe, ba chóir go mbeidh éifeacht suntasach, ag an bhforáil le haghaidh an córas Deimhnithe Rochtana do Dhaoine Míchumasaithe (DRCM) a thabhairt isteach, faoi mar a moladh i dTuarascáil an Choimisiúin ar Stádas Daoine le Míchumais, ar shaol daoine míchumasaithe, nuair a bheidh sé i bhfeidhm, agus iad ag teacht ar obair nó ar chóiríocht.

2.5.2 Faoin gcóras DRCM atá beartaithe, ní mór don údarás áitiúil um rialú foirgníochta a dhearbhu go gcomhlíonann dearadh foirgnimh nua tráchtála nó bloic nua árasán atá beartaithe, Cuid M, sula gcuirtear tús le hobair fhorbartha. Ba chóir go mbeadh sé seo ina chúnaimh le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le rochtain mar is ceart ag céim na dearthóireachta seachas ag céim na tógála nó tar éis don fhorbraíocht a bheith curtha i gcrích – nuair a fhéadfaidh sé a bheith dodhéanta easnaimh ó thaobh rochtana a leigheas go hiomlán – mar gheall ar chúrsaí teicniúla nó costais. Dearfar samhail an deimhnithe rochtana chun an scothchleachtas idirnáisiúnta a chur san áireamh.

2.6 Forfheidhmiúchán – Nósanna Imeachta maidir le Gearáin

2.6.1 Tá Údaráis um Rialú Foirgníochta (ÚRFeanna) tiomanta do 12-15% ar a laghad de na foirgnimh ar fad arna gclúdach le Fógraí Tosach Feidhme bailí a sheirbheáiltear ar na húdaraí, a scrúdú. Seiceáiltear go bhfuil Cuid M á comhlíonadh mar chuid de chigireachtaí den sórt sin. Déanann an Roinn monatóireacht ar mar a chomhlíonann ÚRFeanna an targaid seo agus tá an targaid á comhlíonadh ag breis is 90% d'ÚRFeanna faoi láthair, agus téann dhá dtrian d'údaráis os cionn na targaide. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag cur brú ar na ÚRFeanna an t-íos-spriccleibhéal cigireachta a bhaint amach go huilíoch agus go comhleanúnach.

2.6.2 Éascóidh an Bille um Rialú Foirgníochta 2005, nuair a achtófar é, aicsean forfheidhmiúcháin leanúna na nÚRFeanna, rud a dhéanfaidh

an próiseas ionchúisimh a shimpliú tríd an rogha a thabhairt d'údaráis le hionchúisimh achoimre a thionscnamh le haghaidh gach cion i gcoinne an chóid fhoirgníochta, mar rogha malairte ar an ionchúiseamh ar dhíotáil ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a bhíonn níos casta. Is don ÚRF a rachaidh sochar aon fhíneálacha a fhorchuirtear i ndáil le ciontuithe de bhun ionchúiseamh arna dtionscnamh ag an ÚRF. Déanfaidh Bille 2005 sealbhú, oscailt nó feidhmiú foirgnimh nua a thoirmisc freisin sa chás go bhfuil Deimhniú Rochtana do Dhaoine Míchumasaithe (DRDM) in easnamh sa dearadh ábhartha. Beidh sé de chumhacht ag an údarás áitiúil um rialú foirgníochta urghaire Ard-Chúirte a lorg chun an toirmeasc seo a fhorfheidhmiú. Píonós ollmhór airgeadais a bheidh i gceist leis sin dóibh siúd a bhfuil foirgnimh nua á gcoimisiúnú acu; agus iombhagairt i bhfad níos mó ná ciontú agus fíneáil sna cúirteanna.

2.6.3 Má mheasann aon duine, lena n-áirítear duine le míchumas, nach gcomhlíonann foirgneamh áirithe a soláthraíodh tar éis 1 Meitheamh 1992 Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta, féadfar gearán á rá sin a dhéanamh leis an Údarás um Rialú Foirgníochta don limistéar. Bítear ag súil go n-imscrúdóidh an t-údarás gearáin den sórt sin agus aon aicsean forfheidhmiúcháin is gá le leanúint leis an ngearán, a dhéanamh.

2.6.4 Coinníonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil (Rannán um Chaighdeán Foirgníochta) liosta ar bun de mhionsonraí teagmhála (ainm, seoladh poist agus/nó ríomhphoist, uimhreacha teileafóin/teileafaics) de na hOifigigh um Rialú Foirgníochta sna 37 n-údarás áitiúil ar féidir gearáin a sheoladh chucu, agus tugann an Rannán an liosta cothrom le dáta. Is féidir an liosta seo in éineacht leis na Rialacháin Foirgníochta (Codanna A-M) agus na Treoircháipéisí Teicniúla gaolmhara A-M a fheiceáil/íoschóipeáil saor in aisce ar láithreáin gréasáin na Roinne www.environ.ie faoi na Teidil 'Céard a Dhéanaimid' agus 'Caighdeán Foirgníochta'.

2.7 Sábháilteacht Dóiteáin

2.7.1 Faoi Chuid B den Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin Fhoirgníochta – Sábháilteacht Dóiteáin, “Déanfar foirgneamh a dhearadh agus a thógáil sa chaoi is go mbeidh bealaí éalaithe leordhóthaineacha as an bhfoirgneamh i gcás dóiteáin chuig áit shábháilte lasmuigh den fhoirgneamh, ar féidir úsáid a bhaint astu go sábháilte éifeachtach.” Tá treoir maidir leis an gceanglas seo a chomhlíonadh i dTreoircháipéis Theicniúil B, arna foilsiú faoi Alt 7 freisin, agus luaitear sa chéad mhír d’alt 1.4.15 den Treoircháipéis Theicniúil “Sa chás go soláthraítear bealach rochtana do dhaoine míchumasaithe chuig foirgneamh nó chuig cuid d’fhoirgneamh de réir Chuid M den Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin Fhoirgníochta, ba chóir soláthar a dhéanamh freisin, san fhoirgneamh nó i gcuid den fhoirgneamh (de réir mar a bheidh) le haghaidh bealaí éalaithe leordhóthaineacha do dhaoine den sórt sin.” Pléann na míreanna eile d’alt 1.4.15 leis na saincheisteanna ábhartha a thagann chun cinn maidir leis seo.

2.8 An Cód Pleanála

2.8.1 Ní mór d’údarás áitiúla aghaidh a thabhairt ar an aidhm le rochtain éifeachtach a chinntiú do chách agus iad ag déileáil le hiarratais phleanála le haghaidh forbraíochta tithíochta agus tráchtála. Is é an phríomh-shaincheist ná a chinntiú go mbeidh bealaí rochtana ann le dul chuig foirgnimh. Ní mór d’údarás áitiúla a chinntiú go dtugann forbróirí aghaidh ar impleachtaí na hinrochtaineachta don deardh, suíomh áiseanna páirceála do dhaoine míchumasaithe agus saincheisteanna gaolmhara eile ag céim go luath sa phróiseas forbartha d’fhorbraíochtaí tithíochta agus tráchtála araon.

2.8.2 Tá ceanglais maidir le réitigh níos fearr a bhaint amach ó thaobh na dearthóireachta le haghaidh cúrsaí rochtana curtha san áireamh ag roinnt údarás áitiúil ina bPleananna Forbartha, agus tá na ceanglais sin á gcur i ngníomh acu tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha. Lena

chinntiú go bhfeidhmítear caighdeáin chuí maidir le rochtain, ar an gcaoi chéanna, tabharfaidh an Roinn aghaidh ar shaincheisteanna inrochtaineachta ina treoir phleanála náisiúnta maidir le pleananna forbartha agus maidir le hiarratais phleanála a bhainistiú. Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa treoir:

- na Treoirlínte maidir le Plean Forbartha d'Údaráis Phleanála (dréacht eisithe le haghaidh comhairliúcháin leis an bpobal, Earrach 2006);
- na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Forbairt a Bhainistiú (céim an chomhairliúcháin phoiblí curtha i gcrích; leagan deiridh le foilsiú amach in 2006);
- treoir athbhreithnithe maidir le Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe (dréachtaí le foilsiú in 2007); agus,
- caighdeáin athbhreithnithe le haghaidh Oibreacha le Láithreáin a Fhorbairt i gcomhair Forbraíochtaí Tithíochta (dréacht le foilsiú in 2007).

Ní mór d'údaráis phleanála agus don Bhord Pleanála aird a thabhairt ar threoirlínte arna n-eisiúint faoi alt 28 den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú acu.

Caibidil 3

Láithreáin Oidhreachta

3.1 Cuspóir Foriomlán

3.1.1 Féachfaidh an Roinn, sa chás gur cuí, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP), ar aistríodh freagracht oibriúcháin as formhór na láithreán oidhreachta di an 1 Eanáir 2004 (féach Mír 3.9), lena chinntiú go mbeidh láithreáin oidhreachta ina seilbh inrochtana do dhaoine le míchumais, oiread agus a bheidh indéanta, faoi 31 Nollaig, 2007, faoir réir ag Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, na hAchtanna Fiadhúlra agus, i gcás struchtúr faoi chosaint agus limistéir chaomhnúcháin ailtireachta, ag comhlíonadh cheanglais Chuid IV den Acht Pleanála agus Forbartha 2000.

3.1.2 I gcás seirbhísí arna soláthar i ndáil le láithreán oidhreachta ag údarás áitiúil, féachfaidh an t-údarás áitiúil lena chinntiú, go soláthrófar, oiread agus a bheidh indéanta, bealach do dhaoine míchumasaithe le teacht ar na seirbhísí, ar bhealach lena gcuirtear ar a gcumas taisteal go réidh agus le dínit timpeall an láithreáin nó timpeall na coda sin den láithreán a bhfuil teacht acu air. Cé go mbeidh sé ag brath ar na hacmhainní airgeadais a bheidh ar fáil cé acu an gcuirfean an cuspóir seo i ngníomh, tá sé beartaithe go mbainfean an cuspóir amach a bheag nó a mhór faoi 2007. Coinneofar an dáta seo faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí ó thaobh cúrsaí airgeadais agus forbairtí eile nach iad.

3.2 Rochtain do Dhaoine Míchumasaithe ag Páirceanna Náisiúnta agus Tearmainn Dúlra

3.2.1 Bíonn Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) na Roinne freagrach as raon leathan maoin atá suntasach ó thaobh na hoidhreachta nádartha. Tá cuimse láithreán éagsúil ann, agus saincheistean ar leith ag baint le gach ceann acu ó thaobh cúrsaí caomhnúcháin agus seirbhís a sholáthar, agus ní éasca cur chuige nó

réiteach caighdeánaithe a fheidhmiú i leith rochtain a sholáthar do dhaoine míchumasaithe. I roinnt cás a théann go maith thar an meán, tá ceanglais mhóra chaomhnúcháin ag gabháil le láithreán a fhágann go gcaithfear rochtain de chineál ar bith a shrianadh do gach duine a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as. Tuigeann an SPNF riachtanais daoine a bhfuil leibhéil éagsúla cumais acu agus tá sé ag obair go dearfach le 20 bliain anuas le rochtain, seirbhísí agus áiseanna a sholáthar ag na láithreáin a bhfuil sí freagrach astu, agus a freagracht mar chaomhnóir na láithreán oidhreachta nádúrtha seo á feidhmiú aici freisin.

3.2.2 Is mian leis an tSPNF rochtain daoine míchumasaithe a éascú ar an mbonn céanna agus a bheadh ag daoine lánchumasaithe agus féachann sé lena chinntiú go mbíonn a láithreáin agus a gníomhaíochtaí inrochtana ag cách. Táthar tar éis leanúint ar aghaidh leis an mbeartas seo agus déantar gach dícheall le socruithe a dhéanamh do dhaoine le míchumas ag láithreáin na SPNF agus aird á tabhairt ar chúrsaí caomhnúcháin, ar thopagrafaíocht an limistéir agus ar shábháilteacht na n-úsáideoirí. Bheadh iarrachtaí den sórt sin dírithe ar chéimeanna a bhaint as, ar rampaí agus ardaitheoirí a shuiteáil, sa chás gur gá, ar áiseanna iompair, áiseanna páirceála gluasteáin, ar bhealaí le teacht chuig an láithreán, ar shaoráidí lasmuigh, shaoráidí laistigh, áiseanna sláintíochta, dheasca faisnéise agus áiseanna bainteacha agus ar dhearadh ginearálta struchtúr ionas go bhfaighfear réidh le bacainní den sórt sin ón tús.

3.2.3 Tá pleananna bainistíochta don sé Pháirc Náisiúnta á bhfeidhmiú go céimneach. Foilsíodh pleananna le haghaidh Páirceanna Náisiúnta Chill Airne agus Shléibhte Chill Mhantáin in 2005 agus táthar ag súil go gcuirfear dhá cheann breise i gcrích i mbliana. Cuimsíonn gach plean tréimhse cúig bliana agus tá straitéisí am-srianta san áireamh leo a bhaineann go sonrath le rochtain do dhaoine míchumasaithe. Cuirtear iniúchóireachtaí ar an inrochtaineacht san áireamh mar chuid caighdeánach de gach plean, a dtreoróidh a dtorthaí oibreacha amach anseo.

3.2.4 Oibríonn OOP agus an tSPNF go dlúth i gcomhar le chéile. Soláthraíonn OOP tacaíocht maidir le tionscadail a bhainistiú le haghaidh móroibreacha caipitil ar pháirceanna agus thearmainn dúlra, mar chuid den ghnáthamh. Tugtar na háiseanna do dhaoine míchumasaithe a bhíonn ar fáil do chuairoteoirí ag Páirceanna Náisiúnta le fios sa leabhrán **Láithreáin Oidhreachta** arna fhoilsiú ag an tSPNF i gcomhair le hOOP.

3.2.5 Tá tionscadail curtha i gcrích ag an tSPNF ag roinnt dá cuid láithreán le go mbeidís níos inrochtana do chuairoteoirí, lena n-áirítear oibreacha ar tugadh futhu chun na cosáin a uasghrádú agus siúilbhealaí adhmaid a sholáthar i ngleann Ghleann Dá Loch. Táthar tar éis bealaí rochtana chuig Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin a fheabhsú go mór de bharr na dtionscadal seo. Déanfar áiteanna scíthe a bhunú feadh bealaí roinnt conairí siúil freisin. Osclaíodh gairdín na gcéadfaí i nGleann Dá Loch in 2005. I gcomhairle le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (CNÉD), beidh comharthaíocht sa ghairdín comhdhéanta de chomharthaí simplí arna ngearradh as adhmaid agus litreacha bána péinteáilte orthu. Fágfaidh sé seo go mbeidh siad le feiceáil go soiléir agus tabharfar eilimint teagmhála fisiciúla isteach a fhágfaidh go mbeifear in ann litreacha a dhéanamh amach leis an méar. Ar aon dul le comhairle na CNÉD, táthar ag scrúdú a indéanta is a bheadh camchuart fuaime “treoir don dúlra” timpeall Loch Íochtarach Ghleann Dá Loch i bPáirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin. Foilseofar plean an ghairdín lasmuigh agus bileog faisnéise ginearálta mórchló (faoi mar a moladh i dtreoirlínte na nCNÉD) chun plandaí a shonrú agus na limistéir dhifriúla inspéise a mhíniú.

3.2.6 Táthar tar éis cead pleanála iomlán a dhaingniú le haghaidh athruithe a dhéanamh le rochtain uilíoch a sholáthar chuig Teach Mhucrois i bPáirc Náisiúnta Chill agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha in Earrach na bliana 2007. Tá ardaitheoirí chun cabhrú leis na cuairteoirí sin i gcathaoireacha rotha, suiteáilte sna busanna ag

Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha. Tá bealach rochtana le haghaidh cathaoireacha rotha soláthraithe chuig Ionad Oideachais Theach an Droichid sa pháirc freisin. Tionscnamh eile a bhfuiltear á bhreithniú go gníomhach ná gairdín na gcéadfaí i dtaobh an fhiadhúlra in oifigí na SPNF ag Béal an Átha Fada, Contae Ros Comáin. Soláthraítear taispeántais chlosamhairc ag Ionaid na SPNF do Chuartheoirí freisin.

3.2.7 Chun an oidhreacht nádúrtha a chosaint, tá an tSPNF srianta i roinnt cás ag oibleagáid reachtaíochta amhail Treoir an AE maidir le Gnáthóga, a aistríodh ina cuid de dhlí na hÉireann le hI.R. 94 de 1997. Tá ceanglas dlíthiúil ar an tSPNF le Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCSeanna) a chosaint ar dhíobháil faoi théarmaí Threoir an AE maidir le Gnáthóga. Agus aghaidh á tabhairt ar an ngá le bacainní fisiciúla a bhaint amach faoi mar a cuireadh síos air sa mhír roimhe seo, breithneoidh an tSPNF gníomhaíochtaí/áiseanna nua, amhail úsáid a bhaint as feithiclí mótaraithe m.sh. ATVs nó Feithiclí Uile-Dhromchla sa chás nach méadóidh sé seo an riosca go ndéanfaí díobháil do LCSeanna ar thalamh i seilbh an Stáit. Lena chois sin, ar chúiseanna sábháilteachta, ní cheadóidh an tSPNF úsáid iompair ATV i limistéar a mbaineann cuairteoirí úsáid as agus ina mbeadh fadhbanna ann maidir le daoine a tharrtháil. Beidh an tSPNF sásta cabhrú le limistéir a shonrú mar a bhféadfaí socruithe a dhéanamh le haghaidh iompair den sórt seo dá mba rud é go raibh gá leis soiléir agus nach mbeadh na rioscaí a leagadh amach thuas i gceist.

3.2.8 Faoi mar a luadh i Ráiteas Straitéise na Roinne seo le haghaidh Seirbhíse breisithe do Chustaiméirí, iniúchóidh an tSPNF conas gur féidir léi féachaint le haghaidh a thabhairt ar bhearta comhionannais amach anseo, nó cur leis na bearta sin. Tá cur chuige réamhghníomhach glactha ag an tSPNF agus leanfaidh sí ar aghaidh á dhéanamh sin i leith a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh ó thaobh rochtain agus seirbhísí a sholáthar i gcomhair na maoin a bhfuil sí freagrach astu. Measann an tSPNF gurb é an chaoi is fearr leis seo a

bhaint amach ná trí chomhaontuithe maidir le beartais arna dtacú ag pleananna bainistíochta ag láithreáin aonair nó ag grúpaí láithreán.

3.3 Rochtain do Dhaoine Míchumasaithe ag Séadchomharthaí faoi Chúram an Stáit

3.3.1 Tagann saincheisteanna atá cosúil leo siúd ag láithreáin na SPNF chun cinn i ndáil le bealaí rochtana a sholáthar chuig séadchomharthaí náisiúnta faoi chúram an Stáit. Tá bainistíocht láithreán den sórt sin d'fhreagracht ar Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) ó 1 Eanáir 2004.

3.3.2 Bíonn idirchaidreamh ag an Roinn, agus a feidhm a beartais i ndáil leis an oidhreacht thógtha á feidhmiú aici, le hOOP chun rochtain fheabhsaithe a chur chun cinn do dhaoine míchumasaithe, agus aird á tabhairt ar cheanglais láithreán ábhartha ó thaobh cúrsaí caomhnúcháin. Is faoi OOP atá sé rochtain fheabhsaithe a chur i ngníomh.

Caibidil 4

Pleananna na nÚdarás Áitiúil

4.1 Cuspóir Foriomlán

4.1.1 Is é an cuspóir foriomlán ná rochtain uilíoch ag an dáta is luaithe is féidir ar gach spás, foirgneamh agus seirbhís phoiblí atá i seilbh agus á feidhmiú ag údaráis áitiúla a chur chun cinn. Cé go mbeidh sé ag brath ar na hacmhainní airgeadais a bheidh ar fáil do gach údarás áitiúil aonair cé acu an gcuirfear an cuspóir seo i ngníomh, tá sé beartaithe go sroichfear an cuspóir faoi 2015. Coinneofar an dáta seo faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí ó thaobh cúrsaí airgeadais agus forbairtí eile nach iad.

Nádúr chóras agus fhreagrachtaí fheidhm an údaráis áitiúil

4.1.2 Tá córas an údaráis áitiúil difriúil le hearnálacha eile stáit ar roinnt bealaí tábhachtacha. Bíonn leibhéal ionadaíochta ar leith ag gabháil le húdaráis áitiúla trína gcomhaltaí a thoghtar go díreach, a mbíonn orthu freagra a thabhairt ina ngníomhaíochtaí dá bpobail áitiúla, lena n-áirítear daoine le míchumais, agus déanann an chomhairle thofa díospóireacht faoi agus cinneann beartas an údaráis áitiúil, de réir achtachán éagsúil. Is iad feidhmeanna údaráis áitiúil ná fóram a sholáthar don ionadaíocht dhaonlathach seo ar an bpobal áitiúil agus ceannaireacht chathartha a sholáthar don phobal sin; raon leathan feidhmeanna a dhéanamh a mbronntar air le reacht; agus gníomhú de réir mar a mheasann sé gur gá nó atá inmhianaithe chun leas an phobail a chur chun cinn; lena n-áirítear an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Faoi réir an dlí, bíonn údarás áitiúil neamhspleách agus a fheidhmeanna á bhfeidhmiú aige. Leagann Ranna Rialtais an chreatlach náisiúnta bheartais síos a seachadann údaráis áitiúla a seirbhísí faoina cuimsiú agus cuireann an Roinn Comhshaoil, Oidhrecht agus Rialtais Áitiúil acmhainneacht an rialtais áitiúil le seirbhísí agus bonneagar a sheachadadh de réir caighdeáin aird

laistigh dá réimse freagrachta, chun cinn agus tacaíonn an Roinn leis an acmhainneacht sin.

Bíonn údaráis áitiúla freagrach as thart ar €9 mbilliún de chaiteachas poiblí go bliantúil agus vótálann an tOireachtas thart ar 46% de chaiteachas iomlán na n-údarás áitiúil. Tagann 20% breise de chaiteachas reatha ó admhálacha mótarchánach agus faightear an iarmhéid de bharr rátaí, táillí agus tobhaigh áitiúla. Cé go mbaineann an leibhéal infheistíochta arna dhéanamh ag an údarás áitiúil i limistéar ar bith leis an leibhéal foriomlán d'acmhainní a bhíonn ar fáil dó, agus ar mhéad agus raon na n-éileamh a bhíonn air, beidh soláthar cuí le haghaidh seirbhísí do dhaoine míchumasaithe ina thosaíocht ard ag údaráis go ginearálta.

4.1.3 Tá taithí nach beag ag údaráis áitiúla maidir le reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta agus Stádas Comhionann a chur i ngníomh go dtí seo, chomh maith le seirbhísí inrochtana ardchaighdeáin a fhorbairt agus ceanglais ó thaobh cúrsaí míchumais a chur isteach ina gcuid ghnáthlárnach de dhearthóireacht áiseanna nua poiblí. Thacaigh tromlach na n-údarás áitiúil, an líon is airde in aon tír san AE, le Dearbhú Bharcelona 1995, lena dtacaítear le ceart daoine míchumasaithe le páirt a ghlacadh mar shaoránaigh chomhionanna, agus táthar tar éis leanúint leis go gníomhach le rannpháirtíocht chomhaltaí, oifigeach agus ionadaithe tofa grúpaí áitiúla míchumais i gcuid mhaith údarás. Mar chuid den chlár um nuachóiriú na hearnála poiblí, atreíonn cuid an rialtais áitiúil den dréacht-chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta, *I dTreo 2016*, gealltanais bhainistíochta agus fhoireann na n-údarás áitiúil, agus na gcomhpháirtithe sóisialta, leis an Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas a chur i ngníomh. Infheisteoidh údaráis áitiúla suimeanna airgid nach beag le riachtanais daoine le míchumais a chomhlíonadh agus lena n-oibleagáidí faoin Acht um Mhíchumas a chomhlíonadh, agus infheistíodh suimeanna nach beag chuige sin cheana féin. Tá roinnt údarás dultha níos faide chun cinn ná a chéile áfach sa phróiseas

méadaithe feasachta, iniúcháireachta agus le bearta a chur i ngníomh áfach. Léireoidh na targaidí agus na frámaí ama le haghaidh aicsin arna leagan síos ag údaráis aonair ina bpleananna BCG, na leibhéal aicsin a bhí acu roimhe maidir le saincheisteanna míchumais chomh maith le treoir maidir le deachleachtas arna eisiúint i mí Mheitheamh 2006 ag Ghrúpa Stiúrtha an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil ó thaobh an Acht um Mhíchumas 2005 a chur i ngníomh.

4.2 Iniúcháireacht ar an Inrochtaineacht

4.2.1 Déanfaidh gach údarás áitiúil, faoi cheann sé mhí ón tráth a fhaomhfaidh an tOireachtas an Plean seo, iniúcháireacht ar an inrochtaineacht, mura bhfuil ceann déanta cheana féin, ar gach bóthar agus sráid, pábháil agus crosaire do choisithe, foirgneamh poiblí, páirc phoiblí, saoráid agus spás oscailte, láithreán oidhreachta, leabharlann phoiblí agus cuan faoina rialú agus sonrú na húdaráis cén gníomh leigheasacháin atá riachtanach ionas go mbeidh na foirgnimh agus na háiseanna seo inrochtana ag daoine le míchumais.

4.2.2 Clúdóidh an iniúcháireacht ar an inrochtaineacht rochtain ar sheirbhísí agus fhaisnéis de réir alt 26 go dtí 28 den Acht um Mhíchumas 2005 agus an chóid chleachtais arna eisiúint ag an Údarás Náisiúnta Míchumais faoi alt 30 den Acht.

4.2.3 Táthar tar éis údaráis a spreagadh lena n-acmhainneacht inmheánach féin a chur le chéile chun iniúcháireachtaí ar an inrochtaineacht a dhéanamh de réir caighdeáin aird, agus úsáid stuama a bhaint as saineolas seachtrach de réir mar is gá chun corpas inmheánach saineolais sa réimse seo a fhorbairt agus a choinneáil ar bun. Cabhróidh Treoir 2005 an ÚNM maidir le Deachleachtas i leith an iniúcháireacht a dhéanamh ar an timpeallacht thógtha, chomh maith le treoir maidir le deachleachtas i leith iniúcháireacht a dhéanamh ar limistéir bhuntábhachtacha den chomhshaol seachtrach atá le cur i gcrích i mbliana ag foghrúpa saineolaithe de Ghrúpa Stiúrtha an

BSBRÁ, le húdaráis áitiúla iniúchóireachtaí a dhéanamh de réir caighdeáin aird.

4.3 Plean le Bearta a Chur i nGníomh (Plean BCG)

4.3.1 Cuirfidh gach údarás áitiúil, faoi cheann trí mhí ón tráth a chuirtear an iniúchóireacht ar an inrochtaineacht i gcrích, plean BCG le chéile lena leagfar amach clár (dátaí san áireamh) leis na gealltanais agus na cuspóirí san Acht um Mhíchumas 2005 agus sa phlean earnála a chur i ngníomh. Foilseoidh gach údarás áitiúil an plean BCG – á chur ar fáil ar a láithreán gréasáin san áireamh. Seolfar cóip den phlean chuig an Roinn.

4.3.2 Agus a bpleananna BCG á gcur le chéile acu, beidh aird ag údaráis áitiúla ar na hacmhainní maoiniúcháin agus foirne atá ar fáil dóibh le hiad a chur i ngníomh. Áireofar foirgnimh le húdaráis áitiúla agus áiseanna eile is minice gá do dhaoine dul isteach iontu mar thosaíocht chomh maith le cosáin, sráideanna agus crosairí poiblí inrochtana i limistéir uirbeacha. Leagfar targaidí agus frámaí ama chun na hoibreacha seo a dhéanamh, amach sna pleananna, le tosaíochtaí áitiúla a léiriú.

4.4 Struchtúir chun tacú le pleanáil agus seirbhís a sheachadadh do dhaoine le míchumas

4.4.1 Bhunaigh an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil Grúpa Stiúrtha an Achta um Mhíchumas 2005, in éineacht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun tionchar an Achta um Mhíchumas 2005 a mheasúnú agus chun treoir a fhorbairt maidir le plean BCG chun cabhrú le húdaráis áitiúla. Moltar in *Guidance Framework on Good Practice in Developing an Implementation Plan in Local Authorities*, arna eisiúint ag an mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (i mí Mheitheamh 2006) go mbeidh pleanáil straitéiseach láidir ag Foireann Bhainistíochta Shinsearach ann, arna cur i ngníomh agus arna hathbhreithniú ag Grúpa Stiúrtha inmheánach ilfheidhmeach, a mbeadh rannpháirtíocht agus comhairliúchán mar

chuid de le grúpaí áitiúla a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais, agus arna neadú sa Phleanáil Chorporáideach agus sa Phleanáil Bhliantúil Oibriúcháin de chuid údarás áitiúil, mar struchtúr chun tacú leis an bpróiseas seo. Tá tuilleadh treorach á forbairt ag Grúpa Stiúrtha an BSBRA freisin, chun aghaidh a thabhairt ar réimsí amhail an comhshaol seachtrach, a mbeidh coinníollacha maidir le ceadúnais le bóithre a oscailt, san áireamh léi.

- 4.4.2 Déanfaidh údarás áitiúla, trí na Boird Fhorbartha Chontae/Chathrach agus le tacaíocht ghníomhaireachtaí ábhartha ar comhaltaí leis an mBord iad ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, comhordú idir na soláthraithe seirbhíse ar fad ina limistéar a chur chun cinn go gníomhach, maidir le seirbhísí do dhaoine le míchumais .
- 4.4.3 Forbóidh údarás áitiúla meicníochtaí cuí chun cinnteoireacht a gComhairlí a phromhadh ó thaobh cúrsaí míchumais, sa chás nach bhfuil sin i bhfeidhm cheana féin, ar aon dul leis an *'Disability Proofing Template for Local Government'*, arna tháirgeadh mar chuid de Thionscadal Dhearbhú Bharcelona, agus arna sheachadadh ag an Institiúid le haghaidh Dearthóireachta agus Míchumais thar ceann an ÚNM.
- 4.4.4 Déanfaidh Oifigeach Rochtana ainmnithe Míchumais an údarás áitiúil freagairt an údarás ar bhearta Alt 26 – 28 san Acht um Mhíchumas 2005, a tháinig i bhfeidhm an 31 Nollaig 2005, a chomhordú, agus beidh an tOifigeach ina phointe teagmhála tosaigh idir an t-údarás áitiúil agus grúpaí áitiúla míchumais agus daoine le míchumas. Déanfar ról agus feidhmeanna eile faoin Acht agus faoin bplean BCG a shannadh do bhaill foirne/ghrúpaí/aonaid/fhoirne sonraithe - dreamanna a bheidh le cinneadh go háitiúil, ag cur le struchtúir na n-údarás áitiúil atá ann cheana féin chun tacú le pleanáil do dhaoine le míchumais agus seirbhísí dóibh a sheachadadh.

4.5 Comhairliúchán le heagraíochtaí a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais

4.5.1 Rachaidh údaráis áitiúla i gcomhairle le heagraíochtaí a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais agus a gcuid iniúchóireachtaí ar an inrochtaineacht á ndéanamh acu agus nuair a bheidh a bpleananna BCG á gcur le chéile acu. Beidh aird ag údaráis áitiúla ar na Treoirlínte maidir le Comhairliúchán le Custaiméirí arna n-eisiúint ag Grúpa an Rialtais um Sheirbhís do Chustaiméirí i mí Iúil 2005, chomh maith le haon chomhairle bhreise maidir le r-chomhairliúchán, grúpaí úsáideoirí srl. arna soláthar ag an Údarás Náisiúnta Míchumais nó ag eagraíochtaí a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais.

4.6 Rochtain ar fhoirgnimh phoiblí

4.6.1 Comhlíonfaidh gach foirgneamh nua de chuid na n-údarás áitiúil na Rialacháin Fhoirgníochta agus beidh foirgnimh atá ann faoi lathair faoi réir ag ceanglais rochtana an Achta um Mhíchumas 2005 agus an Bhille um Rialú Foirgníochta 2005, nuair a achtófar iad.

Deachleachtas

4.6.2 Clúdaíonn Creatlach Treorach Ghrúpa Stiúrtha an BSBRÁ, ar tagraíodh dó ag 4.4.1 thuas, na réimsí seo a leanas:-

- Dearcadh, feasacht agus scileanna
- Creatlach Dí
- Gníomhaíochtaí éigeantacha
- Pleanáil straitéiseach
- Struchtúir inmheánacha – athbhreithniú ar mar a cuireadh pleanáil i ngníomh
- Comhairliúchán
- Ról an tsaineolais sheachtraigh
- Oiliúint maidir le comhionannas/ feasacht ar mhíchumas
- Iniúchóireacht ar an rochtain
- Faisnéis agus cumarsáid
- Maoiniúchán

- Dearadh na timpeallachta tógtha
- Fáil
- Promhadh ó thaobh na hinrochtaineachta
- Comhaltaí tofa agus pobail
- Comhoibriú idir gníomhaireachtaí
- Forbairt an phobail agus an cuimsiú sóisialta
- Caidrimh phoiblí
- Deachleachtas amach anseo

Spreagann sé an gréasánúchán i measc na n-údarás áitiúil agus ceannaireacht ó údaráis áitiúla mar shamhlacha deachleachtas ina bpobail áitiúla ó thaobh daoine le míchumais a chur isteach mar chuid gnáthlárnach de chúrsaí. Tagraíonn sé d'fhoilseachán an ÚNM freisin maidir le treoir ó thaobh deachleachtas, cóid agus caighdeán agus foinsí buntábhachtacha eile chun tacú le daoine le míchumais a chur san áireamh i mbealaí rochtana ar gach limistéar agus seirbhís faoi rialú údaráis áitiúil. Cuirfidh an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (BSRRÁ) láithreán gréasáin aonfheidhme ar bun, thar ceann an BSRRÁ faoi dheireadh 2006, chun cur ar chumas na n-údarás áitiúil gréasánú le chéile agus deachleachtas a roinnt i ndáil le saincheisteanna maidir le rochtain. Soláthróidh an BSRRÁ ceardlanna d'fhorbróirí láithreán gréasáin na n-údarás áitiúil freisin maidir lena gcuid láithreán gréasáin a thabhairt cothrom le dáta go dtí caighdeán inrochtaineachta arna leagan síos ag an ÚNM.

4.7 Seirbhísí Nua na nÚdarás Áitiúil

4.7.1 Is é an cuspóir foriomlán ná go gcinnteoidh gach údarás áitiúil, oiread agus a bheidh indéanta, go mbeidh aon seirbhísí nua nó aiseanna tógtha arna soláthar aige tar éis thosach feidhme an Achta, inrochtana ag daoine le míchumais. Táthar tar éis meabhrúchán ar leith a thabhairt do Chomhairlí a chinntiú go mbeidh bealaí rochtana do dhaoine le míchumais curtha isteach ina gcuid de phleananna agus dhearthaí ón smaoineamh tosaigh go dtí céim a gcríochnaithe le

haghaidh gach obair agus seirbhís nua arna maoiniú faoi chlár de chuid na n-údarás áitiúil.

4.7.2 Comhlíonfaidh gach údarás áitiúil, oiread agus a bheidh indéanta, aon Chód Cleachtais arna fhaomhadh ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoin Acht um Mhíchumas 2005. Tá Cód Cleachtais Aibreán 2006 maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí agus Faisnéise Poiblí – I.R. Uimh. 163 de 2006 curtha thart chuig údaráis áitiúla le haghaidh aicsin leanúna.

Tithíocht

4.8 Creatlach Straitéiseach

4.8.1 Is é cuspóir foriomlán an bheartais tithíochta ná a chur ar chumas gach líon tí áitreabh inacmhainne lena mbaineann cáilíocht mhaith a bheith ar fáil acu, a oireann dá riachtanais, i gcomhshaol maith agus, oiread agus is féidir, ar thionacht dá rogha féin. Leagtar na prionsabail leathana atá mar bhonn is mar thaca ag an bpróiseas seachadta tithíochta amach i **gCreatlach Bheartais Tithíochta – Pobail Inbhuanaithe á dTógáil**, arna seoladh i mí na Nollag 2005. Soláthraíonn sé seo fíis den chineál pobal ardchaighdeán, lánpháirtithe inbhuanaithe ar fiú a thógáil agus léiríonn se an gá le pleanáil le haghaidh tithíochta a bheidh ann amach anseo agus riachtanais sochaí nua-aimseartha, dinimiciúil agus ilchúltúir, lena mbaineann éagsúlacht maidir le riachtanais chóiríochta, á gcur san áireamh.

4.8.2 Tá inrochtaineacht áitreabh ina saincheist thábhachtach do dhaoine le míchumas. Ba chóir go dtiocfadh feabhsuithe ginearálta ar inrochtaineacht stoc tithíochta na hÉireann le himeacht ama de bharr Caighdeán Foirgníochta le haghaidh tithe nua, atá ag éabhlóidiú agus ar tagraíodh dóibh i gCaibidil 2 agus de bharr an phóitinsil le haghaidh dul chun cinn maidir le dearthóireacht. Ceanglaítear ar údaráis áitiúla, le hAlt 94(3)(c) den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000, a chur san áireamh agus a gcuid straitéisí tithíochta á n-ullmhú acu, an gá lena

chinntiú go bhforbrófar meascán de chineálacha agus mhéideanna tithe chun teacht, le réasún, le riachtanais na gcatagóirí difriúla de líonta tí, de réir mar a fhéadfaidh an t-údarás pleanála a chinneadh, agus lena n-airítear na riachtanais speisialta a bhíonn ag daoine aosta agus ag daoine le míchumais.

4.8.3 Aithnítear áfach gur minic gur lú líon na roghanna a bhíonn ag daoine le míchumas áfach ó thaobh a bheith ag soláthar le haghaidh a riachtanas tithíochta agus cóiríochta. Bíonn tacaíocht de dhíth ó go leor daoine cibé trí thithíocht phríobháideach a oiriúnú chun a riachtanais a chomhlíonadh nó cineálacha cóiríochta níos speisialaithe a sholáthar. Sa chomhthéacs seo, díritear an plean earnála seo ar a bheith ag feabhsú cháilíocht an rogha a bheidh ar fáil agus ar a bheith ag treorú acmhainní chuig na réimsí is tábhachtaí.

4.8.4 D'fhorbair údarais áitiúla, ar iarratas na Roinne, pleananna aicsin cúig bliana in 2004 dá gcláir tithíochta sóisialta agus inacmhainne, lena n-áirítear na cláir sin arna seachadadh ag an earnáil tithíochta deonaí agus comhoibrithí. Ceanglaíonn na pleananna seo ar údarais áitiúla riachtanais a bheidh ina dtosaíochtaí as seo i gcaitheamh na mblianta atá le teacht, a shonrú, lena n-áirítear riachtanais daoine le míchumas, agus freagairt chomhtháiteach chomhordaithe a fhorbairt ansin trasna a seirbhísí tithíochta uile. Cinnteoidh na pleananna go mbainfear úsáid as acmhainní ar bhealach a fhágfaidh an éifeacht is fearr chun an barrleibhéal tithíochta ardchaighdeán a sheachadadh, agus ar bhealach a bhrisfidh timthriallacha an mhíbhuntáiste agus an spleáchais. Tá straitéisí gníomhacha le talamh a bhainistiú, á gcur i bhfeidhm chun tacú leis na cláir seo. Cuireadh gealltanas sonracha san áireamh i g*Creatlach Bheartais Tithíochta – Pobail Inbhuanaithe á dTógáil*, agus luadh arís é sa dréacht-chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta *I dTreo 2016* lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar bhealach níos straitéisí ar riachtanais speisialta tithíochta i bPleananna Aicsin um Thithíocht amach anseo.

4.8.5 Chun fócas nua a thabhairt don obair le haghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine le míchumas, forbrófar **Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine le Míchumais** faoi mar a moladh i dTuarascáil na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (CNES) “Tithíocht in Éirinn” chun tacú le tithíocht agus tacaí tithíochta saindeartha a sholáthar do dhaoine le míchumais, lena n-áirítear, go háirithe maidir le daoine fásta le míchumais shuntasacha agus daoine a dtéann tinneas meabhrach dóibh. Tabharfar é seo ar aghaidh trí Ghrúpa Náisiúnta a bhunú faoi scáth an Fhórait Tithíochta a bhfuil an Roinn seo i gceannas air agus a bhfuil lámh ag an Roinn Sláinte agus Leanaí ann chomh maith le Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, comhpháirtithe soisialta agus príomhpháirtithe leasmhara ábhartha eile lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Míchumais.

4.8.6 Mar chuid den chur chuige seo, déanfar prótacail nua amach le haghaidh comhoibre idir gníomhaireachtaí i gcomhair gach riachtanas speisialta tithíochta, ionas go nglacfar cur chuige comhphárteach i leith na ngnéithe cóiríochta, cúraim agus tacaíochta.

4.9 Saincheisteanna maidir le dearadh tithíochta

4.9.1 Pointe tosaigh buntábhachtach i ndáil lena chinntiú go bhfuil aghaidh á tabhairt ar riachtanais daoine le míchumais ná a mhéid agus gur féidir leo teacht ar thithíocht.

4.9.2 Ceanglaíonn Cuid M de na Rialacháin Fhoirgníochta go mbeidh áitribh i riocht is go mbeidh daoine le míchumais in ann cuairt a thabhairt orthu agus go mbeidh foirgnimh, nach áitribh iad, inrochtana agus inúsáidte ag daoine le míchumais. Is é an bhunfhealsúnacht ar a bhfuil na ceanglais seo bunaithe ná gur chóir go mbeadh foirgnimh inrochtana agus inúsáidte ag cách, lena n-áirítear daoine le míchumais. Ba chóir go mbeadh aird acu siúd a bhfuil lámh acu i bpróiseas deartha agus tógala forbraíochtaí tithíochta ar fhealsúnacht na rochtana uilíche, agus ba chóir dóibh cuimhneamh ar sholáthar breise a dhéanamh sa chás go mbeidh sin indéanta agus cuí.

4.9.3 Ba chóir do dhearthóirí na hathruithe a thiocfaidh ar riachtanais na ndaoine atá le cónaí sna tithe, i gcaitheamh shaolré an áitribh, a bhreithniú agus ní díreach na riachtanais láithreacha a bheidh acu. Ba chóir go mbeadh socruithe sa dearadh, oiread agus a bheidh indéanta, le haghaidh solúbthachta ó thaobh úsáide agus le haghaidh inrochtaineachta agus in-oiriúnaitheachta. Is é an aidhm ba chóir a bheith ann ná a chinntiú gur feidir le háitribh riachtanais athraitheacha na sealbhóirí a chomhlíonadh i gcaitheamh a saoil, lena n-áirítear riachtanais a bhaineann le deacrachtaí meánacha ó thaobh gluaiseachta agus an ghnáthleochaileacht a bhaineann leis an tseanaois. Ba chóir go mbeadh daoine aosta nó daoine a bhfuil míchumais mheánacha orthu, ar mian leo fanacht ina n-áitreabh féin go neamhspleách, in ann amhlaidh a dhéanamh gan an gá le hathchóiriú costasach a dhéanamh a chuirfeadh isteach go mór orthu.

4.9.4 Soláthrófar tuilleadh mionsonraí ar na cur chuigeanna i leith na saincheisteanna seo sa chomhairle maidir le scothchleachtas atá á forbairt ag an Roinn faoi láthair d'fhonn a foilsithe sa ghearrthearma.

4.10 Éarnáil na nÁitreabh Príobháideach Ar Cíos

4.10.1 Beidh roghanna breise tithíochta ar fáil do líonta tí go ginearálta trí éarnáil na n-áitreabh príobháideach ar cíos a láidriú. Soláthraíonn an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 cinnteacht níos mó do thionóntaí, lena n-áirítear daoine le míchumais. Thairis sin, foráiltear ann go sonrach nach n-údaraíonn aon rud ann iompar atá toirmisceithe leis an alt den Acht um Stádas Comhionann a phléann le soláthar cóiríochta. Agus an reachtaíocht seo á cur i ngníomh, cinnteoidh an Roinn go mbeidh na tacaí cuí ar fáil don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ionas go dtuigfear agus go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le míchumas le linn dá fheidhmeanna a bheith á ndéanamh go ginearálta aige.

4.11 Roghanna Tithíochta arna soláthar trí údaráis áitiúla

4.11.1 Bíonn raon roghanna tithíochta ar fáil do dhaoine incháilithe trí údarais áitiúla. Cuimsíonn siad seo idir thithíocht chaighdeánach ar cíós ón údarás áitiúil agus thithíocht arna soláthar ag comhlachtaí tithíochta deonacha agus comhoibrithí, scéimeanna tithíochta inacmhainne, iasachtaí le teach a cheannach agus a fheabhsú agus an Scéim Chóiríochta Cíosa a tugadh isteach le déanaí. Iarradh ar údaráis a chinntiú, le linn dóibh a bheith ag measúnú iarratas ar chóiríocht tithíochta, go gcuirfear iarratasóirí ar an eolas faoi raon iomlán na roghanna tithíochta agus a dhéanamh amach cén rogha a bheidh ar an bhfreagairt is cuí agus is oiriúnaí ar riachtanas duine.

4.12 Riachtanas tithíochta a mheasúnú

4.12.1 Ceanglaítear ar údaráis tithíochta faoi Achtanna na dTithe, tabhairt faoi mheasúnú reachtúil ar riachtanas tithíochta ina limistéir féin. Ní mór d'údaráis iad siúd a n-eascraíonn a riachtanas as míchumas go díreach, a shonrú mar chuid den mheasúnú seo.

4.12.2 Agus measúnú á dhéanamh ar riachtanais tithíochta, ceanglaíonn alt 9 d'Acht na dTithe 1988 ar údaráis tithíochta, fógra míosa a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) maidir lena bhfuil futhu a dhéanamh agus aird a thabhairt ar ghá daoine le míchumas le tithíocht. Ceanglaítear ar na húdaráis fógra a thabhairt freisin d'eagraíochtaí deonacha nó neamhbhrabúis a bhíonn i mbun cóiríocht tithíochta a sholáthar - eagraíochtaí a bhfuil soláthar cóiríochta, dídine nó leasa san áireamh lena gcuspóirí. Comhairlítear do na húdaráis iarraidh ar FSS a oiread faisnéise a sholáthar agus is féidir ar riachtanais tithíochta daoine aonair go háirithe i gcatagóir na míchumasach. Comhairlítear do na húdaráis cruinniú idirchaidrimh a shocrú le FSS agus le heagraíochtaí cuí eile i limistéar gach contae roimh an measúnú lena chinntiú go ndéanfar amach agus go mbreithneofar riachtanais chóiríochta iomlána gach catagóir agus go mbeidh tuiscint shoiléir ar an modheolaíocht atá le húsáid. Agus comhoibriú idir gníomhaireachtaí á fhorbairt, forbrófar prótacail nua

chun déileáil le hidirchaidreamh idir údaráis tithíochta agus FSS maidir le riachtanas tithíochta a mheasúnú, ar leibhéal straitéiseach agus ar leibhéal an duine aonair araon.

4.12.3 Moltar i **gCreatlach Bheartais Tithíochta** an Rialtais – **Pobail Inbhuanaithe á dTógáil (Nollaig 2005)** agus sa dréacht-chomhaontú comhpháirtíochta *I dTreo 2016* go dtabharfar reachtaíocht isteach a fhágfaidh go mbeidh bealach nua ann le riachtanas tithíochta a mheasúnú chun bonn níos fearr a sholáthar le haghaidh beartais a fhorbairt agus seirbhís a sheachadadh lena chinntiú gur féidir le gach duine maireachtáil agus iad chomh neamspléach agus is féidir laistigh dá bpobal. Leagtar seo síos i gcomhthéacs cineál agus scála an riachtanais a bheith á shonrú ionas go mbeidh an fhreagairt, ó thaobh chóras na dtacaí tithíochta, sách solúbtha le déileáil le cúinsí athraitheacha an duine aonair agus an teaghlaigh i gcaitheamh an tsaoil, agus á chinntiú ag an am céanna go gcaithfear go cothromasach le daoine agus go mbeidh idirghabhálacha ann lena n-uasmhéadófar rogha an duine agus féinriail phearsanta.

4.12.4 Forálann Alt 12 den Acht um Mhíchumas 2005 le haghaidh faisnéis a bheith á malartú idir FSS agus comhlachtaí poiblí (lena n-áirítear údaráis tithíochta) chun críocha cabhrú le duine le míchumais cur isteach ar sheirbhísí pearsanta nó aonair arna soláthar ag an gcomhlacht a bhaineann lena c(h)uid riachtanas. Ceanglaíonn sé, sa chás gur cuireadh riachtanas infhéideartha in iúl do chomhlacht poiblí (m.sh. riachtanas tithíochta i gcás údaráis tithíochta), go rachaidh duine d'fhoireann an chomhlachta i dteagmháil leis an duine leis an míchumas chun soláthar aon seirbhísí a bhfuil sé nó sí ina dteideal dar leis, a éascú nó a chomhordú. Forbrófar prótacal chun déileáil le hidirchaidreamh idir FSS agus údaráis tithíochta maidir leis an gceist seo. Ba chóir go bhfeabhsódh an cur chuige seo, in éineacht leis an bprótacal beartaithe i leith measúnú níos straitéisí a dhéanamh ar riachtanas, an bealach a ghabhtar riachtanais speisialta tithíochta amhail iad siúd a bhíonn ag daoine le míchumas.

4.13 Cóiríocht a Sholáthar

4.13.1 Riartar an próiseas lena leithdháiltear tithe nó lena ligtear tithe ar cíos do thionóntaí, lena n-áirítear tithe a ligean ar cíos do dhaoine le míchumais, de réir théarmaí scéim na dtosaíochtaí ligin a ndeachaigh gach údarás tithíochta léi agus a fheidhmíonn siad ina limistéar riaracháin. Foráiltear in Acht na dTithe 1988 go bhféadfar foráil le scéim thosaíochtaí ligin go bhfaighidh agus go mbeidh aird ag údarás tithíochta ar thuarascáil ó FSS i ndéanamh áitribh a ligean sa chás go n-éilítear tosaíocht ar fhorais chúrsaí leighis, nó ar fhorais lena n-áirítear cúrsaí leighis. Faoi alt 11 den Acht 1988, féadfaidh údarás tithíochta cion áitreabh a dtagann fáil orthu lena ligean, a chur i leataobh do dhaoine i gcatagóir shonrach lena n-áirítear daoine le míchumais. Déanfar athbhreithniú ar an réimse seo mar chuid den phróiseas le clár na n-athchóirithe tithíochta sóisialta a chur i ngníomh, a leagadh amach i gCreatlach Bheartais Tithíochta an Rialtais – Pobail Inbhuanaithe á dTógáil (Nollaig 2005).

4.14 Cláir um Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne

4.14.1 Is é cuspóir foriomlan an bheartais um thithíocht shóisialta ná tithíocht ardchaighdeáin a sheachadadh dóibh siúd nach bhfuil in ann soláthar le haghaidh a riachtanas tithíochta féin ar bhealaí eile. Leagtar leibhéal nua uailmhéine amach i gcreatlach bheartais tithíochta na Roinne agus sa dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta – *I dTreo 2016* le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar i gcaitheamh na mblianta atá le teacht.

4.14.2 Faoi mar a leagadh amach in 4.8, tugtar le fios freisin i gcreatlach bheartais na Roinne go bhfuil straitéisí sonracha ag teastáil le riachtanais tithíochta gach duine a bhfuil riachtanais speisialta acu, a chomhlíonadh, lena n-áirítear daoine le míchumas agus forbrófar prótacól chun cabhrú le húdarás maidir leis seo. Scrúdófar, mar chuid de seo, an ról gur féidir le gach scéim, lena n-áirítear an Scéim

Chóiríochta Cíosá agus scéimeanna tithíochta Inacmhainne, a imirt ó thaobh riachtanais daoine le míchumas a chomhlíonadh.

4.14.3 Leanfar ar aghaidh le riachtanais shonracha na ndaoine aonair atá i gceist a chur san áireamh i ndearadh agus i bpróiseas tógála tithe nua arna leithdháileadh do dhaoine le míchumas.

4.14.4 Tá ról ar leith le himirt ag an earnáil tithíochta deonaí agus comhoibrithí ó thaobh riachtanais speisialta tithíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear na riachtanais sin ag daoine le míchumas. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh, trína scéimeanna maoiniúcháin caipitil, le bheith ag tacú le hearnáil tithíochta deonaí comhoibrithí bheoga. Beidh cuíchóiriú ar shocruithe riaracháin agus maidir le faomhadh san áireamh leis seo lena chinntiú go seachadófar tionscadail lena mbaineann cáilíocht oiriúnach, a luaithe agus is féidir, go bhfeabhsófar socruithe maoiniúcháin, go mbeidh bearta ann chun rialachas na hearnála a bhreisiú agus go mbeidh ról don earnáil a rachaidh i leithead faoin Scéim Chóiríochta Cíosá.

4.14.5 Níos ginearálta, tá infheistíocht shuntasach in oibreacha athghiniúna agus leigheasacháin tar éis feabhas a chur ar an gcomhshaol tithíochta agus ginearálta araon mar a gcónaíonn tionóntaí. Cuirfidh an Roinn leis an infheistíocht seo trí chlár athghiniúna a fheidhmiú go céimneach i leith gach eastát atá ar anchaoi ar fud na tíre sna blianta atá le teacht agus tríd an obair a chur i gcrích le téamh lárnach a shuiteáil i ngach tithíocht le húdaráis áitiúla. Lena chois sin, tabharfar faoi iniúchóireacht ar stoc na tithíochta sóisialta in 2008 lena chinntiú go bhfuil ardú ag teacht ar chaighdeán agus ar leibhéil sásaimh.

4.14.6 Beidh tionchair dhearfach do dhaoine le míchumas ag na hathchóiriúcháin uile atá pleanáilte don earnáil tithíochta sóisialta arna leagan amach sa chreatlach bheartais, amhail feabhsuithe ar mar a sholáthraítear comhairle faoi thithíocht, cíosá cothroma a chur i ngníomh trasna gach tionacht tithíochta sóisialta agus bainistíocht

agus cothabháil fheabhsaithe maidir le stoc agus seirbhísí tithíochta údarás áitiúil do thionóntaí.

4.15 Tionscnaimh agus deontais speisialta

4.15.1 Táthar ag leanúint ar aghaidh le deontas tí nua a chur ar fáil le cabhrú le daoine teach nua a oiriúnú chun riachtanais duine le míchumas a chomhlíonadh.

4.15.2 Bíonn an Scéim Dheontais do Dhaoine Míchumasaithe ar fáil chun cúnaimh a sholáthar le haghaidh oibreacha oiriúnúcháin chun teach a athrú go mbeidh sé níos oiriúnaí do dhuine le míchumas a bheith ina gcónaí ann. Riarann údaráis áitiúla an scéim bunaithe ar riachtanas áitiúil. €266.7 milliún a bhí i gceist leis an maoiniúchán don scéim idir 2000 agus 2005 agus íocadh thart ar 31,000 deontas. Tá athbhreithniú déanta ar an scéim agus déanfar athchóiriú uirthi chun cothromas agus spriocdhírú a fheabhsú. Táthar ag ullmhú tograí leis an scéim a fheidhmiú amach anseo agus táthar ag súil go bhfógrófar iad go luath.

4 16 Prótacail idir gníomhaireachtaí

4.16.1 Faoi mar a leagadh amach in alt 4.8.6, tá forbairt phrótacal cuí ina huirlís úsáideach le comhoibriú maith a chinntiú idir gníomhaireachtaí sa chás go mbaineann gné cúraim agus chóiríochta araon leis an obair le riachtanais a chomhlíonadh. Bíonn prótacail chun déileáil le comhoibriú idir Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS) agus údaráis tithíochta, ag teastáil chun creatlach straitéiseach a sholáthar le haghaidh comhoibre idir gníomhaireachtaí ar leibhéal áitiúil. Tá sé beartaithe go gcomhaontófar prótacail de réir mar is cuí idir FSS agus údaráis tithíochta chun déileáil leis na réimsí seo a leanas, inter alia:

- Riachtanais tithíochta a mheasúnú – féachfar le prótacal, atá le forbairt sa ghearrthéarma, le rialachas a dhéanamh ar idirchaidrimh idir FSS agus údaráis tithíochta maidir le measúnú a dhéanamh ar riachtanais chóiríochta aonair daoine le míchumais atá sonraithe ag FSS faoin bpróiseas measúnaithe riachtanas ar

aon dul le hAlt 8 den Acht um Mhíchumas 2005 agus atá curtha in úil do na húdaráis tithíochta faoi fhorálacha alt 12 den Acht um Mhíchumas 2005.

- Measúnú straitéiseach ar chineál agus ar fhairsingeacht chineál na riachtanas tithíochta áitiúil ag daoine le míchumas – forbrófar prótacal, sa mheántearma, lena bhféachfar le rialachas a dhéanamh ar idirchaidrimh idir FSS agus údaráis tithíochta maidir le malartú faisnéise a bheidh riachtanach chun na críche seo. Beidh sé seo ina ionchur sa phróiseas lena bhforbrófar pleananna aicsin um thithíocht.
- Costais tacaíochta do thionscadail tithíochta sóisialta arna soláthar do dhaoine le míchumais – bhainfeadh an prótacal seo, atá le forbairt sa ghearrthearma, le tionscadail arna soláthar ag údaráis tithíochta agus ag an earnáil tithíochta dheonach agus chomhoibritheach sa chás go bhfuil diminsean leanúnach cúraim/tacaíochta ag teastáil le cois riachtanas cóiríochta.

4.17 An Cuimsiú Sóisialta

4.17.1 Rud atá ina dhlúthchuid den rialtas áitiúil agus atá ina chuspóir buntábhachtach trasna raon leathan fheidhmeanna an rialtais áitiúil ná an cuimsiú sóisialta a bhreisiú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le daoine le míchumais. Tá údaráis áitiúla, mar chuid den chlár um nua-chóiriú an rialtais áitiúil, ag leathnú a róil maidir leis an gcuimsiú sóisialta agus an bhforbairt phobail. Sa chomhthéacs seo, iarrfar ar údaráis áitiúla an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn go gníomhach, lena n-áirítear i dtaca le daoine le míchumais, trína bPleananna Corparáideacha agus Bliantúla Oibriúcháin.

Boird Fhorbartha Chontae agus Chathrach

4.17.2 Iarrfar ar na Boird Fhorbartha Chontae agus Chathrach, arb é an rialtas áitiúil atá i gceannas orthu, dul leis an míchumas mar théama buntábhachtach agus comhordú idir soláthraithe ábhartha seirbhíse a

chur chun cinn go gníomhach ina limistéir maidir le seirbhísí do dhaoine le míchumas, trína nGrúpaí um Bhearta don Chuimsiú Sóisialta, agus le tacaíocht ghníomhach na ngníomhaireachtaí ábhartha ar comhaltaí leo iad ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Iarrfar ar na Boird socruithe a chur i bhfeidhm d'ionadaithe daoine le míchumais go soláthrófar deiseanna dóibh leis na riachtanais atá ag daoine le míchumais ina limistéir a chur in iúl do na Boird.

Aonaid um Chuimsiú Sóisialta

4.17.3 Ceanglaítear ar ocht nAonad phíolótacha na n-údarás áitiúil um Chuimsiú Sóisialta béim speisialta a leagan ina gcuid oibre ar sheirbhís do chustaiméirí do phobail faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine le míchumas. Cuirfear clár an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta ar bhonn buan agus leathnófar amach chuig leath na n-údarás contae agus cathrach ar fad (seacht n-aonad déag san iomlán) é faoi dheireadh 2008. Beifear ag súil go dtarraingeoidh aonaid nua den sórt sin as deachleachtas ó Aonaid um Chuimsiú Sóisialta atá ann cheana féin agus as foinsí ábhartha eile. Tabharfaidh na haonaid an promhadh ó thaobh cúrsaí míchumais chun cinn sna húdarais áitiúla freisin sa phróiseas forbartha beartais agus cleachtais.

Fóraim Phobail agus Dheonacha

4.17.4 Tá an cuimsiú sóisialta ina fhócas buntábhachtach do na Fóraim Phobail agus Shóisialta. Soláthraíonn na fóraim meicníocht lena féidir le húdarais áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile san earnáil phoiblí dul i gcomhairle leis an earnáil mhíchumais. Spreagfar grúpaí a fheidhmíonn ar son daoine le míchumas le bheith ina mbaill dá bhFóraim ábhartha Phobail agus Dheonacha. Leanfaidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar aghaidh le bheith ag tacú leis na Fóraim le maoiniúchán cuí.

Líonra Foghlama Frithbhochtaineachta an Rialtais Áitiúil

4.17.5 Feidhmíonn Líonra Foghlama Frithbhochtaineachta an Rialtais Áitiúil le tacaíocht na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil,

na hOifige don Chuimsiú Sóisialta, na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta, an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an Fhorais Riaracháin. Soláthraíonn an líonra fóram d'idir chomhaltaí tofa agus bhaill fhoirne le faisnéis a mhalartú agus le foghlaim faoi thionscnaimh fhrithbhochtaineachta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le míchumas, a d'fhéadfaí a fheidhmiú ina n-údaráis áitiúla féin.

Bóithre, sráideanna, crosairí agus cosáin do choisithe

4.18 Cuspóir foriomlán

4.18.1 Is é an cuspóir foriomlán ná a chinntiú go mbeidh bóithre, sráideanna, crosairí agus cosáin do choisithe, inrochtana do agus inúsáidte ag daoine le míchumais, oiread agus a bheidh indéanta. Faoi mar a leagtar amach sna míreanna seo a leanas, freastalaítear ar riachtanais daoine le míchumais go sonrach anois agus bóithre, sráideanna agus cosáin nua nó fheabhsaithe á ndearadh agus á dtógáil. Beidh áiseanna atá ann cheana féin clúdaithe ag an iniúchóireacht ar an inrochtaineacht agus ag an bplean BCG ar tagraíodh dóibh i míreanna 4.2 agus 4.3.

4.18.2 Cineann an Roinn Iompair agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta an beartas i leith bóithre agus maoiniúcháin le haghaidh príomhbhóithre náisiúnta agus bóithre den dara grád agus cineann an Roinn seo cláir mhaoiniúcháin le haghaidh bóithre áitiúla agus réigiúnacha .i. bóithre neamhnáisiúnta, a fhorlíonann caiteachas acmhainní na n-údarás áitiúil féin. €558 milliún a bhí i gceist le maoiniúchán le haghaidh bóithre neamhnáisiúnta ón Stát in 2006. Forálann pleananna earnála an dá Roinn go gcuirfear socruithe i bhfeidhm chun éascú le rochtain ar fheithiclí a bheidh ag soláthar seirbhísí iompair do phaisinéirí ó bhóthar poiblí. Tá comhoibriú idir Ranna agus gníomhaireachtaí agus údaráis áitiúla agus údaráis iompair maidir lena bhfreagrachtaí faoi seach as bóithre poiblí, an timpeallacht do choisithe, trácht a bhainistiú agus iompar poiblí, ina eilimint bhuntábhachtach le sráideanna agus

áiseanna iompair a dhéanamh inrochtana do chách. Forálann Creatlach Threorach an BSBRÁ maidir le Deachleachtas (féach 4.4.1 agus 4.6.2) d'údaráis áitiúla gur chóir tosaíocht tosaigh a thabhairt do bhealaí buntábhachtacha chuig seirbhísí poiblí áitiúla amhail stadanna bus, stáisiúin, eaglaisí, oifigí poist, bainc agus siopaí. Forbróidh údaráis, ar aon dul leis an treoir seo, tograí uilenasctha chun inrochtaineacht bhóithre, chosán, sráideanna agus chrosairí poiblí a théann chuig áiseanna iompair ar talamh agus áiseanna iompair aeir agus mara, a fheabhsú chomh maith le bealaí inrochtana chuig agus amach ó áiseanna iompair phoiblí.

4.19 Seirbhísí nua agus seirbhísí feabhsaithe

4.19.1 Tá sé ina fheidhm ag údaráis áitiúla bóithre neamhnáisiúnta a chothabháil agus a fheabhsú agus tionscadail a roghnú agus tionscadail a bheidh le maoiniú a eagrú in ord tosaíochta.

Tá suim mhéadaithe €85 milliún i ndeontais roghnacha agus i mblocdheontais leithdháilte ag an Roinn seo do Chomhairlí Contae (€53 milliún) agus do Chomhairlí Cathrach, Buirge agus Baile atá incháilithe (€32 milliún) faoi seach in 2006. Tá suim €16.7 milliún san áireamh leis an €32 milliún deiridh sin atá le haghaidh oibreacha ar charrbhealaí agus ar chosáin go sonracha lena chinntiú go mbeidh coinníollacha feabhsaithe tiomána ann chomh maith le háiseanna inrochtana do choisithe i limistéir uirbeacha. Féadfaidh údaráis áitiúla úsáid a bhaint as a ndeontais roghnacha chun raon leathan oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre neamhnáisiúnta a mhaoiniú, lena n-áirítear cosáin, comharthaí agus comharthaíocht tráchta agus do choisithe agus scéimeanna bainistíochta tráchta ina limistéir feidhme. Tá faoin Roinn seo leanúint ar aghaidh le deontais a sholáthar chun na gcríoch seo ag brath ar acmhainní arna soláthar ag an Oireachtas le haghaidh maoiniúcháin do bhóithre neamhnáisiúnta i mblianta amach anseo.

4.19.2 Agus iniúchóireachtaí ar an inrochtaineacht á ndéanamh agus pleananna BCG á bhforbairt, déanfaidh údaráis áitiúla athbhreithniú ar

an ngá le soláthar nua nó feabhsaithe maidir le cosáin, crosairí ag soilse tráchta, stadanna bus a oireann do chathaoireacha rotha agus áiseanna páirceála gluasteán d'úsáideoirí míchumasaithe sna bailte móra agus sna sráidbhailte ar fud a limistéar. Foráilfidh údaráis áitiúla, i gcomhairle leis na húdaráis iompair ábhartha, lena n-áirítear oibreoirí príobháideacha bus agus eagraíochtaí tacsáí/heaicní, agus oiread agus a bheidh indéanta agus aird á tabhairt ar an maoiniúchán a bheidh ar fáil, le haghaidh cosáin a ardú chuig an leibhéal cuí do bhusanna a oireann do chathaoireacha rotha trí cholbhaí *Kassell* a sholáthar, sa chás go mbeidh sé oiriúnach; feabhsóidh siad coinníollacha bóthair sa chás go bhféadfaidís a bheith ina mbac roimh úsáid bhusanna ina bhfuil urlár íseal; agus uasghrádóidh siad sráid-dreacha i gcriosanna do choisithe trí fáil réidh le cosáin. Áireoidh údaráis áitiúla uasghrádú stadanna bus ar bhóithre mar a mbíonn busanna a oireann do chathaoireacha rotha i mbun seirbhíse nó mar a bhfuil siad á dtabhairt isteach go céimneach, mar thosaíocht, ar aon dul le plan earnála na Roinne Iompair. Beidh idirchaidreamh ag an Roinn leis an Roinn Iompair agus le Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CBCC) d'fhonn aon chomhordú breise a bheidh ag teastáil le haghaidh comhéadain níos fearr idir bóithre poiblí agus seirbhísí iompair do phaisinéirí.

4.19.3 Comhairlíonn Meamram na Roinne seo maidir le Deontais le haghaidh Bóithre Neamhnáisiúnta (arna eisiúint d'údaráis áitiúla i mí Feabhra 2001) d'údaráis áitiúla aird ar leith a thabhairt ar riachtanais daoine le lagú gluaiseachta, lena n-áirítear daoine lagamhairc, agus oibreacha bóthair á bpleanáil agus á gcur i ngníomh agus go háirithe áiseanna do choisithe á bpleanáil agus á ndearadh. Aithnítear an chontúirt infhéideartha a bhaineann le hoibreacha bóthair do dhaoine le lagú gluaiseachta agus comhairlítear d'údaráis a bheith iontach cúramach maidir leis an tsábháilteacht agus dul i gcomhairle le hionadaithe áitiúla ar dhaoine le míchumais freisin, sa chás gur cuí sin. Breithneofar ceanglais an Achta um Mhíchumas 2005 agus aighneachtaí maidir leis an bplan earnála seo in athbhreithniú ar an

Meamram atá ar siúl agus a bhfuiltear ag súil le bheith curtha i gcrích in 2007.

4.19.4 Soláthraítear treoir theicniúil d'údaráis áitiúla agus do chonraitheoirí i *dTreoirlínte um Bhainistíocht Tráchtá 2003* de chuid na Roinne Iompair lena gcuimsítear dearadh stadanna bus agus cosán agus dearadh áiseanna crosairí do dhaoine le lagú gluaiseachta/céadfa. Baineann údaráis áitiúla úsáid as na *Treoirlínte um Bhainistíocht Tráchtá*, chomh maith le haon dearthaí inmheánacha dá bhforbraítear, chun barrleibhéal rochtana a sholáthar do dhaoine le míchumais agus iniúchóireachtaí ar an tsábháilteacht á ndéanamh le haghaidh oibreacha le bóithre a fheabhsú lena n-áirítear pábháil chuasach agus thadhhlach, cosáin réidhe, crosairí do choisithe arna rialú le comharthaí srl. Bainfidh údaráis áitiúla úsáid as treoirlínte maidir le deachleachtas, atá á gcur le chéile faoi láthair ag foghrúpa de ghrúpa stiúrtha an BSBRÁ fán Acht um Míchumas le cúnamh ón ÚNM, agus an gá le agus caighdeáin le haghaidh áiseanna nua nó feabhsaithe á mbreithniú mar chuid de na hiniúchóireachtaí ar inrochtaineacht agus de phleananna BCG na n-údarás áitiúil.

4.19.5 Forlíonann deontais ón Roinn d'údaráis áitiúla le haghaidh gach obair ar bhóithre neamhnáisiúnta caiteachas a n-acmhainní féin. Féadfaidh údaráis áitiúla, agus oibreacha bóthair a bheidh le maoiniú á n-eagrú in ord tosaíochtaí, oibreacha feabhsúcháin a chur san áireamh ar bhóithre neamhnáisiúnta a chabhródh le gluaiseacht daoine le míchumas – m.sh. cosáin nua agus fheabhsaithe, colbhaí cuasacha, marcanna bóthair do dhaoine míchumasaithe, cuasa páirceála ina limistéir srl. Le cois maoiniúcháin ó Dheontais Roghnacha Feabhsúcháin agus Bhlocdheontais na Roinne seo (féach 4.15.1 thuas) do chomhairlí contae agus d'údaráis uirbeacha incháilithe, tá €2.25m breise soláthraithe in 2006 chun cabhrú le scéimeanna bainistíochta tráchtá uirbigh atá le soláthar ag Comhairlí Cathrach Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge agus tá deontas speisialta €1m le haghaidh cosán curtha ar fáil i gcomhair limistéar

áirithe de chuid comhairlí baile. Feidhmeofar maoiniúchán breise €10m caipitil per annum chomh fada le 2009 ón Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas i leith roinnt limistéar chun sráideanna, cosáin agus crosairí ar tosaíochtaí iad, a fheabhsú faoi mar a sonraíodh in iniúchóireachtaí ar an inrochtaineacht.

Clár Athghiniúna Uirbigh agus Sráidbhailte

4.19.6 Is é aidhm na mbeart um Athghiniúint Uirbeach agus Sráidbhailte ná tacaíocht airgeadais a sholáthar d'údaráis áitiúla le haghaidh raoin idirghabhálacha chun cathracha, bailte móra agus sráidbhailte a uasghrádú ionas go mbeidís níos tarraingtí mar áiteanna le cónaí agus le hoibriú iontu, forbairt shóisialta agus eacnamaíochta a spreagadh agus tacú leis an turasóireacht agus le gníomhaíocht a bhaineann leis an turasóireacht a fhorbairt agus an fhorbairt sin a éascú.

4.19.7 Tá tacaíocht ar luach €114 milliún soláthraithe ag an gClár Athnuachana go dtí seo, agus tá sé le críochnú in 2007. Tá sochair ar leith soláthraithe do dhaoine le míchumais ag go leor de na hoibreacha athnuachana. Mar shampla, bhain cuid shuntasach d'oibreacha le cosáin atá ann cheana féin a dheisiú nó cosáin nua agus saoraidí uirbeacha a sholáthar lena bhfeabhsáitear an rochtain a bheidh ag daoine le míchumais a bhaineann le gluaiseacht. Beidh sé ina cheanglas go ndéanfar oibreacha ábhartha a bheartófar in aon rud a thiocfaidh i gcomharbacht ar an gClár, a phromhadh ó thaobh cúrsaí míchumais.

4.20 Vótáil

4.20.1 Is é an cuspóir foriomlán ná faisnéis inrochtana a sholáthar chun cabhrú le daoine le míchumais iarratas a dhéanamh go n-iontráilfear iad ar chlár na dtoghthóirí, agus cabhrú le daoine den sórt sin vótáil ag toghcháin agus reifrinn.

4.20.2 Tá páipéir bhallóide lena n-áirítear grianghraif na n-iarrthóirí agus suaitheantais na bpáirtithe in úsáid faoi láthair chun cabhrú le daoine

lagamhairc agus le daoine le deacrachtaí litearthachta a gceart le vótáil a fheidhmiú. Lena chois sin, cuirtear leagain mhórchlóg de pháipéir bhallóide ar taispeáint i stáisiúin vótaíochta chun cabhrú tuilleadh le toghthóirí le lagú amhairc nó deacrachtaí litearthachta.

4.20.3 Tar éis Thuarascáil an Choimisiúin ar an Vótáil Leictreonach (CVL) i mí Aibreáin 2004, tá clár á thabhairt ar aghaidh ag an Roinn lena ndéanfar tuilleadh measúnachta agus tástála ar an gcóras vótála agus comhairimh leictreonach. Oireann an meaisín vótála do chathaoireacha rotha agus tá roinnt mionathruithe déanta ar a dhearadh chun a inrochtana is a bheidh sé ó thaobh cúrsaí amhairc a fheabhsú. Táthar ag scrúdú a indéanta is a bheadh sé áis a sholáthar lena gcuirfí ar chumas vótóirí lagamhairc vótáil leictreonach a dhéanamh go neamhspleách.

4.20.4 Socróidh an Roinn, i gcomhairle le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, go soláthrófar faisnéis ar chlárúchán agus ar an vótáil i bhformáidí inrochtana faoi dheireadh 2006. Dáilfear faisnéis den sórt sin ar údaráis áitiúla freisin mar a mbeidh fáil go héasca ag an bpobal uirthi.

4.20.5 Forálann an dlí toghcháin le haghaidh roinnt beart i ndáil le hinrochtaineacht fhoirgneamh vótaíochta. Foráiltear le hAcht Toghcháin (Leasú) 1996 go bhféachfaidh údaráis áitiúla, agus scéimeanna vótaíochta á ndéanamh acu, le háiteanna vótaíochta a ainmniú mar a mbeidh stáisiún vótaíochta amháin ar a laghad inrochtana do lucht úsáide cathaoireacha rotha. Cé gur faoin gceann comhairimh a bhíonn sé foirgnimh a bheidh le húsáid mar stáisiúin vótaíochta a roghnú, ceanglaíonn an tAcht orthu, sa chás go mbeidh sé indéanta, a chinntiú go mbeidh foirgnimh den sórt sin inrochtana ag lucht úsáide cathaoireacha rotha. Ní mór don cheann comhairimh lena chois sin, sa chás go mbeidh sé indéanta, fógra poiblí a thabhairt maidir leis na stáisiúin vótaíochta ar fad a bheidh dorochtana do lucht úsáide cathaoireacha rotha tráth nach déanaí ná ocht lá roimh an lá

vótaíochta. Má bhíonn deacracht ag toghthóir teacht ar a stáisiún vótaíochta, féadfaidh an duine iarratas a dhéanamh i scríbhinn go n-údarófar iad le vótáil ag stáisiún vótaíochta eile sa dáilcheantar céanna a bheidh inrochtana do lucht úsáide cathaoireacha rotha.

4.20.6 Agus an duine sa stáisiún vótaíochta, féadfaidh duine le míchumas fisiciúil nó deacracht litearthachta leas a bhaint as an 'vótáil le compánach' nó féadfaidh siad cúnamh an oifigigh cheannais a lorg. Mar rogha air sin, má bhíonn míchumas fisiciúil nó tinneas ar dhuine a chuireann bac orthu dul go dtí an stáisiún vótaíochta, féadfaidh siad vótáil ar an bpost má dhéanann siad iarratas go gcuirfear iad san áireamh i liosta na vótóirí poist a chuirtear le chéile gach bliain mar chuid de chlár na dtoghthóirí.

4.21 Leabharlanna

4.21.1 Leanfaidh an Roinn, i gcomhar leis an gComhairle Leabharlanna agus an 32 údarás leabharlainne, ar aghaidh le bheith ag leanúint le moltaí na Tuarascála *Branching Out* a chur i ngníomh i ndáil le comhionannas na rochtana ar sheirbhísí leabharlainne a fheabhsú do chách.

4.21.2 Leanfaidh údaráis áitiúla ar aghaidh, oiread agus a bheidh indéanta agus ar aon dul le Treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mí Iúil, 2003, le háiseanna scanúcháin optacha a sholáthar i leabharlanna poiblí chun cabhrú le daoine lagamhairc chomh maith leis an mbogearraí agus trealamh riachtanach a sholáthar chun cabhrú le daoine le deacrachtaí foghlama agus litearthachta.

4.21.3 Tá stoc leabhar mórchló, téipeanna/dlúthcheirníní agus stoc cineálacha eile meán inrochtana ag beagnach gach leabharlann sa tír. Cinnteoidh údaráis áitiúla, oiread agus a bheidh indéanta, go gcoinneofar na stoic seo cothrom le dáta.

4.21.4 Comhlíonfaidh gach leabharlann nua na Rialacháin Fhoirgníochta. Beidh leabharlanna a tógadh sular tháinig Rialachán Foirgníochta 1992 i bhfeidhm, clúdaithe leis an iniúchóireacht ar an inrochtaineacht ar tagraíodh dó níos luaithe i Mír 4.2.

Tionscadal Rochtana Leabharlainne

4.21.5 Rinne an Chomhairle Leabharlanna agus an tÚdarás Comhionannais comhpháirtíocht in 2003 chun an tionscadal Rochtana Leabharlainne a fhorbairt. Díríonn Rochtain Leabharlainne ar shocruithe le réasún a dhéanamh do dhaoine le míchumais i leabharlanna poiblí agus féachann an tionscadal le:

- Tacú le cur chuigeanna pleanáilte agus córasacha i leith socruithe le réasún a dhéanamh do dhaoine le míchumais.
- Tacaí praiticiúla a fhorbairt do sholáthraithe seirbhísí leabharlainne chun na hoiriúnuithe a dhéanamh agus chun na háiseanna a sholáthar a bheidh riachtanach chun socruithe le réasún a dhéanamh d'úsáideoirí reatha agus infhéideartha le míchumais.
- Athrú éifeachtach agus cur i ngníomh deachleachtais a ghríosadh maidir le seirbhís uilechuimsitheach leabharlainne poiblí a sholáthar.
- Tacú le leabharlanna an tAcht um Stádas Comhionann 2000 a chomhlíonadh chomh maith le huailmhian níos leithne maidir le daoine le míchumais a chuimsiú.

4.21.6 Sonraítear agus leagtar amach sa Tuarascáil Rochtana Leabharlainne raon leathan tionscnamh chun socruithe rochtana ar leabharlanna poiblí agus a seirbhísí a chuimsiú do dhaoine le míchumais. Tá sé bunaithe ar thaighde ar dheachleachtais i dtíortha eile chun creatlach a bhunú a bheidh mar bhonn is mar thaca ag cur chuige pleanáilte córasach i leith socruithe den sórt sin. Tá seacht n-eilimint sa chreatlach mar atá, comhairliúchán, beartais a fhoirmiú agus a phleanáil, iniúchóireacht ar chúrsaí mhíchumais, dearthóireacht uilechuimsitheach, oiliúint, margaíocht agus rialú cáilíochta agus

soláthraíonn an chreatlach clár oibre tábhachtach le haghaidh aicsin do sholáthraithe seirbhíse leabharlainne poiblí.

4.21.7 Tá an Chomhairle Leabharlanna agus an tÚdarás Comhionannais muiníneach go gcuirfead na cleachtais arna leagan amach i *Rochtain Leabharlainne* i ngníomh go forleathan trasna na seirbhíse leabharlainne poiblí. Tá an dá eagraíocht tiomanta do bheith ag tacú le toradh den sórt sin agus é a ghríosadh agus do shocruithe le réasún a dhéanamh do dhaoine le míchumais i ngach gné de sheirbhísí leabharlainne poiblí.

4.21.8 Bhí ceithre húdarás leabharlainne páirteach i dtionscadal píolótach arna mhaoiniú ag an dá chomhlacht agus rinneadh imscrúdú leis ar an mbealach go bhféadfaí socruithe le réasún a sheachadadh do dhaoine le míchumais i leabharlanna poiblí. Dearadh an tionscadal, a raibh forbairt agus píolótú modúil oiliúna foirne i gceist leis, mar chlár gairid d'idirghabhálacha oiliúna chun raon tionscnamh praiticiúil a threorú agus a ghríosadh. Féachadh leis na tionscnaimh seo leis an treoir sa Tuarascáil Rochtana Leabharlainne a chur i ngníomh. Bhí an méid seo a leanas i gceist sa chlár oiliúna:

- Baill foirne buntábhachtacha á sonrú ag gach údarás rannpháirteach le haghaidh dhá idirghabháil oiliúna atá le glacadh achar 4-6 seachtain óna chéile.
- Údaráis leabharlainne ag dul i mbun tionscadal arna sonrú i rith na hidirghabhála oiliúna.
- Cruinniú clabhsúir idir údaráis chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar nithe a baineadh amach agus chun pleananna amach anseo a shonrú.

4.21.9 Leagtar tionscnaimh phraiticiúla amach sa tuarascáil *Making Access Happen*, a tháinig i ndiaidh an phíolótúcháin thuas - tionscnaimh a ghlac an ceithre húdarás chun an rochtain ar a leabharlanna áitiúla a fheabhsú do dhaoine le míchumais. Cuirtear síos ar phróiseas uathúil

oiliúna, machnaimh, pleanála agus aicsin sa tuarascáil lenar cuireadh comhghéalltanas, go soláthróidh leabharlanna spás do chách ina bpobail áitiúla, in iúl go praiticiúil.

4.21.10 Le cúnaimh an mhaoiniúcháin shonraigh arna soláthar faoin Straitéis Náisiunta um Mhíchumas, d'éascaigh an Chomhairle Leabharlanna oiliúint cosúil leis le haghaidh deich n-údarás leabharlainne bhreise i rith 2005 agus tá naoi n-údarás leabharlainne bhreise le hoiliúint den sórt sin a fháil in 2006. Soláthróidh an Chomhairle Leabharlanna tuarascáil maidir leis an tionscadal oiliúna freisin, lena leagfar amach samplaí scothchleachtais, agus lena bhforbrófar cuid nua ar an láithreán gréasáin www.library.ie dar teideal '*Making Access Happen*' le cistí arna solathar in 2006.

4.22 Páirceanna, áiteanna súgartha, spáis oscailte agus saoráidí poiblí

4.22.1 Déanfar promhadh ó thaobh cúrsaí inrochtaineachta ar áiseanna nua, amhail páirceanna poiblí, áiteanna súgartha, spáis oscailte agus saoráidí poiblí eile arna soláthar ag údaráis áitiúla ag céim na dearthóireachta agus na tógála/forbartha. Tá áiseanna a soláthraíodh nó a feabhsaíodh le deich mbliana anuas inrochtana a bheag nó a mhór agus beidh gach áis dá bhfuil ann faoi láthair faoi réir ag iniúchóireacht ar an inrochtaineacht agus plean BCG faoi mar ar tagraíodh dóibh níos luaithe i Míreanna 4.2 agus 4.3.

4.23 Cuanta

4.23.1 Leagtar na ceanglais le haghaidh áiseanna inrochtana ar longa agus ar sheirbhísí do phaisinéirí chomh maith le rochtain ar chalafoirt agus chuanta do phaisinéirí farantóireachta amach i gcaibidil phlean earnála na Roinne Iompair maidir le hlompar Paisinéirí Muirí. Tá an Roinn Iompair ag beartú fóram iompair do phaisinéirí muirí maidir leis an míchumas a bhunú faoi dheireadh 2006, a threoróidh beartais maidir leis seo.

4.23.2 Tá cuanta móra laistigh den stát amhail iad siúd i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, i seilbh agus á mbainistiú ag Cuideachtaí Calafóirt a bunaíodh faoin Acht Cuanta 1996 lena n-áirítear ionadaíocht na n-údarás áitiúil. Lena gcois seo, tá roinnt cuanta réigiúnacha a fheidhmíonn faoin Acht Cuanta, 1946, agus táthar ag breithniú 10 díobh faoi láthair lena n-aistriú chuig rialú na n-údarás áitiúil faoi mar a moladh sa Ráiteas um Bheartais na gCuanta 2006.

4.23.3 Bíonn Cuideachtaí na gCalafort freagrach as áiseanna cuí a sholáthar go mbeidh paisinéirí in ann teacht ar a gcuanta agus déanfaidh siad, de réir Phlean earnála na Roinne Iompair, iniúchóireacht ar áiseanna atá in ann cheana féin ag gach calafort faoi cheann sé mhí ón tráth a thagann an Plean sin i bhfeidhm. Forbróidh na Cuideachtaí plean BCG freisin le haghaidh aicsin leigheasacháin faoi cheann trí mhí ón tráth a chuirfear an iniúchóireacht ar an inrochtaineacht i gcrích. Déanfaidh údarás áitiúla, i mbun a bhfeidhme mar údarás um bóithre, socruithe leis na Cuideachtaí Calafóirt de réir mar is gá chun éascaíocht rochtana a chur chun cinn ar bhealaí, ar bhóithre poiblí, shráideanna, chosáin agus chrosairí do choisithe atá nasctha le háiseanna iompair poiblí agus príobháideacha chuig agus amach ó na cuanta seo.

4.23.4 Déanann an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (RCMAN) beartais a chomhordú maidir le cuanta iascaigh agus bainistíocht na gcriosanna cois cósta agus tá cúig hionad cuain iascaigh i seilbh agus á rialú go díreach ag an Roinn. Leagtar iniúchóireachtaí ar an inrochtaineacht do phaisinéirí agus pleananna BCG i gcomhair roinnt de na cuanta seo óna bhfeidhmíonn seirbhísí do phaisinéirí intíre, amach i bplean earnála na RCMAN. Tá roinnt cuanta, calaí agus sleamhnáin atá níos lú i seilbh agus á mbainistiú ag údarás áitiúla agus bíonn seirbhísí farantóireachta ar táille do phaisinéirí chuig oileáin agus leithinsí amach ón gcósta, á bhfeidhmiú ag leasa príobháideacha amach as na cuanta, calaí agus sleamhnáin sin. Déanfaidh údarás áitiúla, a mbíonn áiseanna á soláthar acu ag cuanta den sórt sin go sonrach chun críocha paisinéirí a íocann táillí .i.

áiseanna le dul ar agus teacht as árthaigh do phaisinéirí, srl., gach beart le réasún, oiread agus a bheidh indéanta, lena chinntiú go mbeidh na háiseanna a sholáthrófar inrochtana do phaisinéirí le míchumais, le cúnamh scéimeanna cuí tacaíochta agus maoiniúcháin ó Ranna ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

I gcás cuanta den sórt sin atá níos lú agus faoi rialú na n-údarás áitiúil agus i gcás na gceann atá le haistriú chuig údarás áitiúla faoin Ráiteas um Bheartais na gCuenta, dearfar agus tógfar gach bonneagar nua cuain arna soláthar ag údarás áitiúla chun críocha paisinéirí de réir ardchaighdeáin inrochtaineachta, oiread agus a bheidh indéanta, le cúnamh scéimeanna cuí tacaíochta agus maoiniúcháin ó Ranna ábhartha. Beidh áiseanna cuain de chuid na n-údarás áitiúil atá ann cheana féin cuimsithe ag na hiniúcháireachtaí ar an inrochtaineacht agus ag pleananna BCG ar tagraíodh dóibh níos luaithe i Mír 4.2 agus 4.3, i gcomhairliúchán leis na Ranna ábhartha.

4.23.5 Éascóidh an Roinn socruithe le haghaidh comhordúcháin fheabhsaithe idir an Roinn Iompair, an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, nuair is gá, sa chás go sonrófar gá le haghaidh comhordúcháin bhreise ar leibhéal náisiúnta chun tacú leis na socruithe comhoibre idir gníomhaireachtaí atá ann cheana féin leis na Ranna ábhartha.

4.24 Fáisnéis

4.24.1 Comhlíonfaidh gach údarás áitiúil a bhfreagrachtaí faoi Chóid Chleachtais an Údaráis Náisiúnta Míchumais, amhail an Cód Cleachtais maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí agus Faisnéise Poiblí arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí.

4.24.2 Cinnteoidh an Roinn, comhlachtaí faoina scáth agus údaráis áitiúla, oiread agus a bheidh indéanta, go mbeidh bealaí le teacht ar fhaisnéis arna soláthar acu nó thar a gceann, ar fáil do dhaoine le míchumais i bhformáid inrochtana faoi mar a foráladh in alt 28 den Acht um Míchumas 2005 agus sa Chód Cleachtais maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí agus Faisnéise Poiblí arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí arna ullmhú agus arna fhoilsiú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais faoi alt 30 d'Acht 2005, a d'fhaomh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in Ionstraim Reachtuil 163 de 2006 agus atá curtha thart chuig gach údarás áitiúil. Beidh faisnéis san áireamh leis seo. arna iarraidh ag;

- duine le lagú amhairc, .m.sh. faisnéis i bhformaid leictreonach agus úsáid á baint as teicneolaíocht oiriúnaitheach; agus
- duine le lagú éisteachta nó míchumas foghlama

4.25 Oiliúint maidir le Feasacht ar Chúrsaí Míchumais

4.25.1 Tá oiliúint maidir le feasacht ar chúrsaí míchumais á socrú ag údaráis áitiúla do gach ball ábhartha foirne de réir mar is cuí lena n-áirítear bainisteoirí sinsearacha, oifigigh phearsanra, oifigigh um rialú foirgníochta, innealtóirí, oifigigh rochtana, oifigigh idirchaidrimh míchumais, baill foirne a bhíonn ag déileáil leis an bpobal go díreach ag deascanna fáiltithe srl agus baill foirne eile a bhíonn freagrach as an Acht um Míchumas 2005 agus an plean earnála seo a chur i ngníomh, chomh maith le hoiliúint le haghaidh comhaltaí tofa. Reáchtáiltear oiliúint den sórt sin ar aon dul le treoirlínte an BSBRÁ maidir le deachleachtas agus foilseacháin an ÚNM. Tá treoirlínte mionsonraithe á bhforbairt faoi láthair ag foghrúpa de Ghrúpa Stiúrtha

an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Soláthraíonn an Roinn maoiniúchán breise le haghaidh oiliúint den sórt sin faoi mhaoiniúchán na Straitéise Náisiúnta um Mhíchumas atá ar fáil ó 2005 go dtí 2009.

4.26 Fostaíocht in Údaráis Áitiúla – Targaid an 3%

4.26.1 Chuaigh earnáil an údaráis áitiúil os cionn thargaid 3% an Rialtais maidir le daoine le míchumais a fhostú san earnáil phoiblí gach bliain ó 2001. Ceanglófar ar údaráis áitiúla gach dícheall a dhéanamh leis an leibhéal seo fostaíochta maidir le daoine le míchumas a choinneáil ar bun nó le dul os a chionn.

4.26.2 Déanfaidh an Coiste Monatóireachta atá le bunú ag an Aire faoi Chuid 5 den Acht um Mhíchumas 2005 le tuairisciú ar staid na fostaíochta i leith 2006 agus blianta ina dhiaidh, athbhreithniú ar an targaid fostaíochta. Bunófar an Coiste Monatóireachta níos déanaí i mbliana.

4.27 Comórtais Speisialta

4.27.1 Cé gur féidir le daoine le míchumais cur isteach ar phoist sa tseirbhís phoiblí trí chomórtais oscailte, aithníodh go bhfuil gá le gníomhartha speisialta le spriocdhírú orthu freisin. Sa chomhthéacs seo, eagraíonn na húdaráis áitiúla, ó am go chéile, comórtais speisialta do phoist an Oifigigh Chléireachais agus an Chúntóra Leabharlainne do dhaoine le míchumais. Leanfaidh údaráis áitiúla ar aghaidh leis an gcleachtas seo.

4.28 Cód Cleachtais maidir le Daoine le Míchumais a Fhostú i Seirbhís an Údaráis Áitiúil

4.28.1 Eisíodh Cód Cleachtais maidir le Daoine le Míchumais a Fhostú i Seirbhís an Údaráis Áitiúil do gach údarás áitiúil agus réigiúnach an 19 Iúil 1999. Chuir Meitheal an Cód Cleachtais seo le chéile, meitheal a bhí ag feidhmiú ar son na n-údarás áitiúil agus na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, i gcomhairle le ceardchumann fhoirne agus bainisteoirí, daoine sa phobal ar spéis leo an cheist agus eagraíochtaí

a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais. Tá cóipeanna den Chód ar fáil i nGaeilge agus i mBraille freisin, ach a iarraidh.

4.28.2 Baineann an Cód le gach fostaí de chuid na n-údarás áitiúil agus leagtar beartais agus scothchleachtas amach ann le deiseanna fostaíochta a chinntiú do dhaoine le míchumais agus tá sé deartha le gairmré torthúil i seirbhís an údaráis áitiúil, a mbeidh luach saothair ag baint leis, a thairiscint dóibh. Clúdaíonn an Cód saincheisteanna amhail earcaíocht, imeascadh isteach sa láthair oibre, gairmré a fhorbairt, cóiríocht agus trealamh, sábháilteacht, sláinte agus leas ag obair agus nósanna imeachta aslonnúcháin.

4.28.3 Déanfaidh an Coiste Monatóireachta ar tagraíodh dó i mír 4.24.2 athbhreithniú ar an gCód Cleachtais.

4.29 Gearáin

4.29.1 Tá Oifigeach Rochtana ag gach údarás áitiúil, faoi mar a cheanglaítear orthu le halt 26 den Acht, arb é a fheidhm ná foráil nó socruithe a dhéanamh le haghaidh cúnamh agus treoir a sholáthar do dhaoine le míchumais agus iad ag teacht ar sheirbhísí áitiúla i limistéar an Bhainisteora, agus an soláthar cúnamh agus treorach sin a chomhordú. Cinnteoidh Údaráis go mbeidh an pobal ar an eolas go bhfuil Oifigeach Rochtana ar fáil.

4.29.2 De réir alt 39 den Acht um Mhíchumas 2005, beidh Oifigeach Fiosrúcháin údaraithe amháin ar a laghad ag gach údarás áitiúil le déileail le gearáin arna ndéanamh faoi Alt 38 den Acht a bhaineann le hait 25 go dtí 29 den Acht. Cinnteoidh údaráis áitiúla go bhfaighidh an tOifigeach Fiosrúcháin oiliúint chuí. Cuirfidh údaráis áitiúla nósanna imeachta reatha maidir le gearáin in oiriúint lena chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais shonracha alt 39 d'Acht 2005. Sa chás go ndéanfar gearán faoi alt 31 den Acht a bhaineann le cúrsaí atá ina n-ábhar ag an bplean earnála seo, leanfar na nósanna imeachta arna

leagan amach in “Gearáin ó Chustaiméirí – Treoirlínte d’Údaráis Áitiúla” a chuir Grúpa Seirbhíse do Chustaiméirí an Rialtais Áitiúil le chéile agus a d’fhoilsigh an Roinn i mí Iúil, 2005. Tá cóip ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.viron.ie. Ullmhaíodh na Treoirlínte seo i gcomhairle leis an Ombudsman agus léiríonn siad ábhar treoircháipéisí arna ndéanamh ag an Ombudsman níos luaithe, a cuireadh in oiriúint go mbainfeadh údaráis áitiúla úsáid astu.

4.29.3 Poibleoidh gach údarás áitiúil a chóras maidir le gearáin in éineacht le mionsonraí teagmhála trí cibé meicníocht is fearr a oireann don obair leis sin a chur in iúl don phobal ina limistéar féin, lena n-áirítear láithreáin ghréasáin, oifigí áitiúla, meáin chumarsáide áitiúla agus bileoga. Cuirfear na mionsonraí seo ar fáil do ghrúpaí agus eagraíochtaí ábartha míchumais tríd an Oifigeach Rochtana.

4.29.4 Beidh nós imeachta inmheánach i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil chun déileáil le gach gearán, faoi mar a comhairlódh i dtreoir ó mhí Iúil 2005, agus le huirill ó ionadaithe tofa. Déileáilfidh an rannán nó an rannóg den údarás áitiúil a bhfuil an tseirbhís á soláthar aige, le gearáin ar dtús de ghnáth. Sa chás nach leor sin leis an ngearán a réiteach go sásúil, cuirfear an cheist ar aghaidh chuig aonad/seirbhís um ghearáin, a mbeidh oifigeach sinsearach ón údarás áitiúil i gceist leis a chinneadh freagairt an údaráis áitiúil ar an ngearán.

4.29.5 Déantar foráil san Acht um Mhíchumas 2005, alt 40, le haghaidh cinntiúcháin Oifigeach Fiosrúcháin a bheith á n-achomharc agus le haghaidh achomharc i ndáil le cinntiúcháin maidir le gearáin a bhaineann leis an bplean earnála, a chur ar aghaidh chuig an Ombudsman.

4.30 Idirchaidreamh

4.30.1 Coinneoidh údaráis áitiúla idirchaidreamh éifeachtach ar bun, go príomha trí struchtúir Chumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae, leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil

agus le Ranna ábhartha eile Rialtais i ndáil le saincheisteanna náisiúnta. Beidh idirchaidreamh ag údaráis áitiúla le comhlachtaí amhail Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte freisin ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil agus le soláthraithe áitiúla d'áiseanna iompair chun aidhm na comhoibre éifeachtaí idir gníomhaireachtaí a bhaint amach chun éascú le daoine le míchumais teacht ar na seirbhísí arna soláthar ag comhlachtaí den sórt sin.

Caibidil 5

Aicsean na Roinne agus na gComhlachtaí Poiblí faoina Scáth

5.1 Ról na Roinne

5.1.1 Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bearta dearfacha a dhéanamh chun comhdheiseanna do dhaoine le míchumais le páirt a ghlacadh i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir an Phobail, a chur chun cinn agus a spreagadh go réamhghníomhach trína freagrachtaí faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais a sheachadadh agus trína bheith ag oibriú go dlúth le húdaráis áitiúla agus trína bheith ag tacú lena n-obair siúd agus le hobair na gcomhlachtaí faoi scáth na Roinne.

5.1.2 Cuireann an tAcht um Míchumas 2005 roinnt ceanglas ar an Roinn, go príomha;

- Ceanglaíonn Alt 25 ar an Roinn a chinntiú go mbeidh a foirgnimh phoiblí, oiread agus a bheidh indéanta, oiriúnaithe go mbeidh siad inrochtana do dhaoine le míchumais, tráth nach déanaí ná 2015;
- Ceanglaíonn Alt 26 ar an Roinn, sa chás gurb indéanta agus cuí, a chinntiú go mbeidh a príomh-ghnáthsheirbhísí poiblí inrochtana do dhaoine le míchumais, agus go soláthrófar cúnamh má iarrtar é, agus go mbeidh Oifigeach Rochtana ceaptha chun socruithe a chomhordú;
- Ceanglaíonn Alt 27 go mbeidh seirbhísí arna soláthar don Roinn inrochtana do dhaoine le míchumais, ach amháin sa chás nach mbeadh sé indéanta nó inchosanta mar gheall ar chúrsaí costais nó go mbeadh moill mhíreasúnach ann dá thoradh;
- Ceanglaíonn Alt 28 ar an Roinn, oiread agus is féidir, cumarsáid a dhéanamh ar bhealaí a bheidh inrochtana;

- Ceanglaíonn Alt 29 go mbeidh láithreáin oidhreachta na Roinne, a bhfuil teacht ag an bpobal orthu, inrochtana, oiread agus a bheidh indéanta, do dhaoine le míchumais (féach Caibidil 3);
- Sonraíonn Ailt 30 agus 36 ceanglais i ndáil leis an bplean earnála a ullmhú;
- Sonraíonn Ailt 38, 39 agus 40 nósanna imeachta maidir le gearáin agus fiosrúcháin, agus ról an Ombudsman; and agus
- Ceanglaíonn Alt 47 ar an Roinn gach beart réasúnach a dhéanamh, oiread agus a bheidh indéanta, le go gcuirfidh an Roinn fostaíocht daoine le míchumais chun cinn agus go dtacóidh an Roinn le fostaíocht na ndaoine sin, agus íostargaid 3% a chomhlíonadh maidir le daoine le míchumais a fhostú.

Rochtain ar Fhoirgnimh na Roinne

5.1.3 Tá oifigí na Roinne suite i mbreis agus 40 áit ar fud na tíre faoi láthair. Tá gach ceann de phríomhfhoirgnimh na Roinne a sholáthraíonn faisnéis nó seirbhísí don phobal go díreach, .i. Teach an Chustaim, Béal an Átha, an tSionainn, ENFO, *Irish Life* agus Dún Scéine, inrochtana go ginearálta. Is é cuspóir na Roinne ná a chinntiú go mbeidh gach ceann dá hoifigí poiblí, lena n-airítear ina h-ionaid nua dílárnaithe, inrochtana ag daoine le míchumais faoi 2015.

5.1.4 Tá raon tionscnamh ar siúl go leanúnach chun rochtain daoine míchumasaithe a bhreisiú laistigh d'oifigí na Roinne .i.:

- Iniúcháireacht ar an Inrochtaineacht: Tá iniúcháireacht ar an inrochtaineacht déanta ag an Roinn i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí ar Theach an Chustaim. Breithníodh rochtain do chách lena n-áirítear iad siúd le lagú amhairc nó éisteachta, deacrachtaí foghlama, lagú cognaíoch agus gluaiseachta chomh maith le lucht úsáide cathaoireacha rotha. Tá an Roinn i mbun na

moltaí a chur i ngníomh faoi láthair. Bainfidh an Roinn úsáid as an iniúchóireacht seo mar theimpléad chun áiseanna a fheabhsú i limistéir eile ina bhfuil an Roinn lonnaithe.

- Feabhsuithe ar Theach an Chustaim; Tá a príomhbhealach le dul isteach á bhogadh ag an Roinn ó thaobh Shráid na Mainistreach go dtí taobh Shráid Ghairdinéir lena n-áirítear áiseanna feabhsaithe rochtana ar an bhfoirgneamh a sholáthar do dhaoine le míchumas. Oslófar geataí do choisithe mar chuid den bhogadh, geataí a bhfuil a dtosach ar Phlás Beresford os comhair Bhealach Halla Shráid Ghairdinéir amach, agus rampa mar chuid de chun áiseanna breise a sholáthar do dhaoine míchumasaithe le dul isteach san fhoirgneamh. Cuirfidh an Roinn méadú ar ardaitheoir atá ann cheana féin, i gcrích freisin, chun bealach a sholáthar le teacht ar gach urlár san fhoirgneamh agus ionas go mbeidh gach áit laistigh de cheanncheathrú na Roinne níos inrochtana do dhaoine le míchumas. Cuirfear an obair i gcrích faoi dheireadh 2006.

5.1.5 Faoi chlár dílárnúcháin an rialtais, tá an Roinn le hathlonnú chuig ceithre háit san Oirdheisceart; Loch Garman, Port Láirge, Ros Mhic Thriúin agus Cill Chainnigh. Oibreoidh an Roinn le hOifig na nOibreacha Poiblí, atá ag fáil na bhfoirgneamh, lena chinntiú go mbeidh an chóiríocht i ngach áit ar aon dul le scothchleachtas maidir le háiseanna a sholáthar do dhaoine le míchumas.

5.1.6 Comhlíonfaidh an Roinn Cód Cleachtais an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais freisin chun tacú le comhlachtaí poiblí a n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoi ailt 26, 27 agus 28 den Acht um Mhíchumas 2005.

Seirbhís do Chustaiméirí

5.1.7 Tá an cuspóir buntábhachtach seo a leanas san áireamh i Ráiteas Straitéise na Roinne 2005-2007;

“Leibhéal an-ard ó thaobh seirbhíse ard-chaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí a chuireann riachtanais agus ionchais atá ag athrú, san áireamh”,

agus meastar é mar ghné a bheidh criticiúil go n-éireoidh leis an Roinn. Cuireann Cairt Chustaiméirí na Roinne an Roinn faoi ghealltanais le féachaint lena chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais speisialta a custaiméirí, agus go seasfar le cearta daoine, lena n-áirítear daoine le míchumais, go gcaithfear go cothrom leo agus ár seirbhísí á seachadadh. Leagtar amach sa tríú Plean Aicsin um Sheirbhís do Chustaiméirí 2006-2008 de chuid na Roinne na céimeanna a ghlacfaidh an Roinn lena gealltanais, leis na cuspóirí sin a bhaint amach, a sheachadadh. Tá an méid seo a leanas san áireamh i ngníomhartha buntábhachtacha don Roinn;

- cinntiú go léireoidh ár seirbhísí riachtanais agus ceanglais dhifriúla a thagann de bharr míchumais chustaiméara,
- cinntiú go comhlíonfaidh faisnéis ar láithreáin ghréasáin na Roinne riachtanais gach custaiméir;
- éascú le rochtain fhisiciúil do dhaoine le míchumais;
- cinntiú go mbeidh faisnéis ar fáil, ar iarratas, i bhformáid a oirfidh don chustaiméir – Braille, caint de théacs, cóip pháipéir, ríomhphost;
- dearcaí custaiméirí a lorg maidir le hinrochtaineacht fhaisnéise in aon suirbhéanna arna ndéanamh ag an Roinn;
- cinntiú go gcomhlíonfar ár n-oibleagáidí faoin Acht um Mhíchumas 2005 maidir le rochtain ar rogha ó thaobh bealaí ina seachadtar seirbhísí.

Tuairisceofar ar dhul chun cinn maidir leis na réimsí seo i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne.

Tá Nós Imeachta na Roinne maidir le Gearáin san áireamh in Aguisín 1.

Cur Chuige Acmhainní Daonna i leith daoine le Míchumas a fhostú

5.1.8 Aithníonn an Roinn a freagrachtaí dóibh siúd ar a foireann a bhfuil míchumais orthu freisin, agus a dhéanann cion suntasach den acmhainn dhaonna iomlán a bhíonn ar fáil don Roinn. Tá tús curtha le cleachtadh ag Oifigeach Idirchaidrimh Mhíchumais na Roinne go nochtóidh daoine míchumasaithe féin a míchumais, chun cabhrú leis an Roinn a riachtanais a chomhlíonadh, agus chun tuiscint na Roinne ar nádúr agus impleachtaí míchumas sa láthair oibre, a fheabhsú agus an próiseas lena bhfoirmlítear beartais maidir le saincheisteanna míchumais a bhainistiú, a threorú.

5.1.9 Tá an Roinn tiomanta do bheith ag comhlíonadh thargaid 3% an Rialtais maidir le daoine le míchumais a fhostú san Earnáil Phoiblí. Déanfaidh Coiste Monatóireachta na Roinne ar Fhostaíocht, lena n-áirítear duine a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais, monatóireacht ar mar a chuirfear Cuid V den Acht um Mhíchumas i ngníomh.

5.1.10 Mar chuid de Ráiteas Straitéise na Roinne 2005-2007, tá a mhéid agus a chomhlíontar targaidí a bhaineann le pleananna aicsin an Rialtais maidir le comhionannas agus míchumas, sonraithe mar tháscaire feidhmíochta buntábhachtach. Táthar ag tabhairt aghaidhe ar na targaidí seo trí raon beart arna sonrú i *Straitéis Acmhainní Daonna* na Roinne agus tuairiscítear ar dhul chun cinn sna réimsí seo i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne.

5.1.11 Mar chuid de thiomantas na Roinne do chultúr dearfach a chur chun cinn i ndáil le baill foirne le míchumais, tá Treoirlínte maidir le Feasacht ar an Míchumas á n-ullmhú ag an Roinn mar fhaisnéis dá foireann ar fad. Tabharfar cuireadh do bhaill foirne a roghnaigh páirt a ghlacadh sa chleachtadh lena nochtaíonn siad féin a míchumais, le breathnadóireachtaí a sholáthar ar dhreácht-treoirlínte.

5.1.12 Tá an Roinn ar cheann de roinnt eagraíochtaí atá ag glacadh páirte sa Tionscadal *WAM (Willing Able Mentoring)*, lena bhféachtar le taithí oibre ardchaighdeáin a thabhairt do chéimithe le míchumais.

Ráiteas Straitéise agus Pleanáil Ghnó

5.1.13 Cuirfidh an Roinn gealltanais a plean earnála san áireamh i Ráitis Straitéise agus Pleananna Gnó gaolmhara amach anseo, agus beidh tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le hiad a chur i ngníomh, san áireamh ina Tuarascálacha Bliantúla.

5.1.14 Tá an Roinn ag dul leis an gcur chuige Anailíse ar Thionchar Rialála (ATR) i leith comhairliúcháin de réir na dTreoirlínte arna n-eisiúint ag Roinn an Taoisigh i mí Dheiridh Fhómhair 2005. Tá Anailís ar Thionchar Rialála ina huirlis a mbaintear úsáid aisti chun na héifeachtaí is dócha a bheidh ag rialachán nua atá beartaithe, nó ag athrú atá beartaithe ar rialacháin, agus tá sí á feidhmiú i leith gach togra le haghaidh reachtaíochta príomhúla lena bhfuil athruithe ar an gcreatlach rialacháin i gceist, gach Ionstraim Reachtúil shuntasach agus gach treoir agus rialachán suntasach ón AE atá beartaithe.

5.1.15 Thoiligh an Rialtas Lámhleabhar na Comh-aireachta a leasú chun ceanglas a chur isteach mar chuid de go gcuirfear an tionchar ar dhaoine le míchumais san áireamh i ngach meamram substainteach dá gcuirtear faoi bhráid an Rialtais. Tá treoir chuí á forbairt ag an Roinn Dí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dí chun cabhrú leis an gceanglas maidir le promhadh a dhéanamh.

5.1.16 Déanann an Roinn tuarascálacha go rialta i ndáil le réimsí feidhme sonracha, amhail na Builitíní um Staidreamh Tithíochta Tithíochta. Coinnfeofar an cheist maidir le tuilleadh sonraí staitistiúla a chur san áireamh i ndáil le réimsí feidhme na Roinne arna leagan amach sa Phlean Earnála seo, faoi athbhreithniú, agus aird á tabhairt ar straitéis na Roinne maidir le sonraí.

An Fhoireann le Bearta maidir le Rochtain a Chur i nGníomh (Foireann BRCG)

5.1.17 Rachfar le cur chuige traschuimsitheach foirne chun na ceanglais faoin Acht a bhaineann leis an Roinn go ginearálta, a chur i ngníomh. Déanfar bearta sonracha phlean earnála na Roinne i ndáil leis an timpeallacht tógtha, láithreáin oidhreachta agus pleananna na n-údarás áitiúil, a chomhordú ar leithligh sa Rannán Rialtais Áitiúil.

5.1.18 Bunófar Foireann BRCG a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe na réimsí sin den Rannán Seirbhísí Corparáideacha a bhfuil freagracht fheidhmeach orthu as gníomhartha ábhartha na Roinne. Beidh ballraíocht na Foirne ionadaíoch ar na haonaid ghnó is mó a dtéann an tAcht i bhfeidhm orthu agus athrófar an bhallraíocht de réir riachtanais ag aon am áirithe. Tuairisceoidh an Fhoireann don Phríomhoifigeach, Rannán Forbartha Corparáidí agus Dílárnúcháin, a thabharfaidh comhairle do Rúnaí Cúnta an Rannáin Seirbhísí Corparáideacha maidir le dul chun cinn, de réir mar is gá. Tiofadh an fhoireann le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad agus féadfaidh an fhoireann athbhreithniú a dhéanamh ar a téarmaí tagartha de réir mar is gá chun riachtanais na Roinne a chomhlíonadh.

5.1.19 Tá Cód Cleachtais forbartha ag an Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) chun tacú le comhlachtaí poiblí a gcuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoi ailt 26, 27 agus 28 den Acht um Mhíchumas, 2005. Bainfidh an Fhoireann BRCG úsáid as Cód Cleachtais an ÚNM mar a treoir i ndáil leis an Acht a chomhlíonadh.

5.1.20 Is mar seo a leanas a bheidh na téarmaí tagartha don Fhoireann;

- Clár a leagan amach den obair a bheidh ag teastáil chun ceanglais dhlíthiúla na Roinne a chomhlíonadh, chun na scálaí ama a bheidh i gceist a shonrú, agus chun na tascanna a oifidh do réimsí difriúla gnó na Roinne a thabhairt le fios chun an clár oibre a chur i gcrích;
- Tograí a fhorbairt a eascróidh as an méid thuas, maidir le tuairisceoireacht ar aghaidh agus gníomhartha a dhéanamh de réir mar is gá;
- Tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí i ngach réimse gnó, a fháil agus a bhreithniú maidir le dul chun cinn na hoibre; agus
- Cinntiú go comhlíonfaidh Pleananna Gnó trasna gach réimse gnó oibleagáidí na Roinne faoin Acht um Mhíchumas agus an plan eanála.

5.1.21 Beidh an méid seo a leanas san áireamh i ngníomhaíochtaí buntábhachtacha na Foirne BRCG lena chinntiú go gcomhlíonfar an tAcht:

- Sonrófar príomhpháirtithe leasmhara idir inmheánacha agus sheachtracha agus sannfar freagracht go forleathan as na gníomhartha, ionchuir agus nithe inseachadta inmheánacha riachtanacha a sheachadadh;
- Monatóireacht agus tuairisceoireacht a dhéanamh ar mar a sheachadann an Roinn a gealltanais ina Tuarascálacha Bliantúla;
- Nósanna imeachta a fhorbairt don Roinn maidir le promhadh a dhéanamh ó thaobh cúrsaí míchumais;
- Déanfar athbhreithniú ar nósanna imeachta fála na Roinne agus beidh an ceanglas sonrath faoin Acht um Mhíchumas, lena chinntiú go mbeidh earraí agus seirbhísí a fhaightear inrochtana do dhaoine le míchumais, ina cuid den athbhreithniú;
- Bainfear úsáid as an gcéad suirbhé eile ar sheirbhís do chustaiméirí inmheánacha le haon easnaimh a d'fhéadfadh a

bheith sa tseirbhís a sholáthraítear, a shonrú, agus mar bhealach chun cur ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin go cuimsitheach de réir an Chóid Chleachtais maidir leis an Inrochtaineacht;

- Tarlóidh athbhreithniú ar na seirbhísí agus formáidí faisnéise atá ann cheana féin, chun measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil siad seo sách inrochtana do gach duine le míchumais agus sna meáin chuí;
- Tabharfar faoi anailís ar a mhéid agus atá foirgnimh, a mbaineann custaiméirí agus foireann na Roinne úsáid astu, iomlán inrochtana. Sa chás go bhfuil easnaimh den sórt sin ann, tabharfar aghaidh orthu i gClár oibreacha a bhfuiltear le tabhairt faoi i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí; agus
- Forbrófar modúil oiliúna maidir le feasacht ar an míchumas. Eagrófar feachtas feasachta don eagraíocht maidir leis an míchumas. Beidh gníomhaíochtaí maidir le feasacht ar an míchumas san áireamh leis seo, le béim ar a bheith ag glacadh le deiseanna oiliúna agus forbartha.

Comhlachtaí Poiblí faoi Scáth na Roinne

5.1.22 Tá roinnt gníomhaireachtaí faoi scáth na Roinne atá, den chuid is mó, ina gcomhlachtaí neamhthráchtala, a thugann faoi fheidhmeanna leathdhlíthiúla / rialacháin, comhairleacha agus forbartha agus faoi sheirbhísí a sholáthar don rialtas áitiúil. Dá aineoinn sin, baineann obair roinnt de na gníomhaireachtaí seo le daoine le míchumais ach go háirithe. Mar chomhlachtaí poiblí, tá go leor d'fhorálacha an Achta um Mhíchumas 2005 mar oibleagáid orthu. Tá Cód Cleachtais Aibreán 2006 maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí agus Faisnéise Poiblí curtha thart chuig na comhlachtaí le haghaidh aicsin leanúna. Tá liosta de na comhlachtaí faoi scáth na Roinne curtha san áireamh in Aguisín 2.

5.1.23 Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag oibriú go dlúth leis na gníomhaireachtaí ar comhpháirtithe léi iad, lena n-airítear bealach a sholáthar le teacht ar Mhaoiniúchán na Straitéise Náisiúnta um

Mhíchumas 2005 – 2009, lena chinntiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach náisiúnta ann i leith sprioc ardleibhéil na Roinne a sheachadadh. Oibreoidh na comhlachtaí poiblí sin a thacaíonn le húdaráis áitiúla agus a thugann comhairle dóibh, amhail an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil, lena chinntiú go mbeidh na feabhsuithe ar sheirbhísí an rialtais áitiúil inrochtana ag gach duine sa phobal.

5.1.24 Socróidh na gníomhaireachtaí a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine sa phobal go ndéanfar iniúchóireacht ar an inrochtaineacht agus go n-ullmhófar plean BCG, sa chás gur gá, agus beidh tuarascálacha maidir le dul chun cinn san áireamh leo i ndáil le bearta rochtana a sheachadadh do dhaoine míchumasaithe, chomh maith le gealltanais eile atá sa phlean earnála seo, ina dTuarascálacha Bliantúla. Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar mar atáthar ag dul chun cinn maidir leis an bplean earnála seo a chur i ngníomh agus lorgóidh sé tuarascálacha, de réir mar is cuí, ó na gníomhaireachtaí seo chun na críche seo.

5.1.25 Tá Pleananna Aicsin um Sheirbhís do Chustaiméirí táirgthe ag comhlachtaí poiblí áirithe a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine sa phobal, amhail an Bord Pleanála agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus tá na pleananna ar fáil ar-líne agus tá nósanna imeachta maidir le gearáin san áireamh leo freisin.

5.1.26 Eagraíonn an Roinn cruinnithe débhlíantúla le comhlachtaí poiblí a sholáthraíonn tacaíocht agus comhairle i ndáil le seirbhísí corparáideacha, seirbhís do chustaiméirí agus nósanna imeachta maidir le gearáin, chomh maith le hoibleagáidí reachtúla lena n-airítear iad siúd faoin Acht um Mhíchumas 2005. Lena chois sin, socraíonn rannáin aonair den Roinn creatlach an bheartais maidir le freagrachtaí feidhmeacha na gcomhlachtaí a chur i ngníomh. Iarrfaidh an Roinne ar gach ceann de na comhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine sa phobal a chinntiú go mbeidh nós imeachta cuí maidir le gearáin ón

b'pobal i bhfeidhm acu le déileáil le gearáin faoin Acht um Mhíchumas agus faoin bplean earnála seo, chomh maith leis an gceart achomharc a dhéanamh chuig an Ombudsman.

Caibidil 6

Acmhainní, Monatóireacht, Athbhreithniú agus á gCur i nGníomh

6.1 Acmhainní

6.1.1 Mar chuid de chlár maoiniúcháin ilbhliantúil ó 2005 go dtí 2009, soláthraíodh €18 milliún in 2006 chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí eile faoi scáth na Roinne an Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas agus gealltanais an phlean earnála a chur i ngníomh. Tá an maoiniúchán seo curtha ar fáil chun oiliúint maidir le feasacht ar an míchumas a sholáthar, chun tabhairt faoi iniúchóireachtaí ar an inrochtaineacht, chun córais fhaisnéise agus trealamh a chur in oiriúint do dhaoine le míchumais, agus chun inrochtaineacht ar bhóithre agus chosáin, ar fhoirgnimh phoiblí, pháirceanna, shaoráidí, láithreáin oidhreachta agus limistéir phoiblí eile a bhfuil freagracht ar údaráis áitiúla astu, a sholáthar agus a fheabhsú, sa chás gur gá. Soláthróidh an t-imchlúdach caipitil don chlár maoiniúcháin ilbhliantúil €10m per annum le haghaidh oibreacha caipitil in 2007, 2008 agus 2009 agus táthar ag súil, €5m per annum ar chaiteachas reatha i ngach bliain. Soláthraítear an clár maoiniúcháin ilbhliantúil d'údaráis áitiúla le cois maoiniúcháin do chláir leanúnacha oibreacha údarás áitiúil agus comhlánfaidh sé sruthanna maoiniúcháin atá ann cheana féin, lena n-áirítear ó acmhainní na n-údarás áitiúil féin, le haghaidh príomhsheirbhísí gnáthlárnacha na n-údarás áitiúil. Ina cur chuige i leith maoiniúcháin mheántearmaigh agus níos fadtéarmaí, leanfaidh an Roinn ar aghaidh leis an Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas agus gealltanais an phlean earnála a áireamh mar thosaíochtaí. Tacóidh an Plean Forbartha Náisiúnta (2007-2013), atá le foilsiú i mí na Samhna 2006, leis na bearta, de réir mar is cuí.

6.1.2 Déanfaidh an Roinn éilimh a phróiseáil agus monatóireacht agus athbhreithniú ar chaiteachas go ráithiúil lena chinntiú go gcaithfear suimeanna airgid arna leithdháileadh faoin gclár ilbhliantúil ar

oibreacha arna n-áireamh mar thosaíochtaí ag údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí de réir tograí tionscadail, leithdháiltí bliantúla faofa agus treorach gaolmhaire. Feidhmeofar nósanna imeachta maidir le hairgeadas poiblí. Bíonn caiteachas ag an Roinn agus comhlachtaí faoina scáth faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus bíonn caiteachas údarás áitiúil faoi réir a iniúchta ag Seirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil.

6.1.3 Agus a gcuid pleananna BCG á gcur le chéile acu, ullmhóidh údaráis áitiúla costálacha mionsonraithe maidir leis na gníomhartha éagsúla a bheidh riachtanach chun a gcuspóirí a chomhlíonadh. Cuirfear leibhéal na n-acmhainní a bheidh ar fáil san áireamh agus gach ceann de na ghníomhartha san Acht um Mhíchumas 2005 agus sa phlean earnála seo á gcur i ngníomh.

6.1.4 Cinnteoidh an Roinn, comhlachtaí faoina scáth agus údaráis áitiúla go ndearfar agus go gcuirfear gach obair fheabhsúcháin agus seirbhís nua atá le maoiniú faoina gcláir faoi seach, i gcrích chun ceanglais maidir le rochtain do dhaoine míchumasaithe, a chomhlíonadh, sa chás go mbeidh sin indéanta.

6.2 Socruithe na nÚdarás Áitiúil maidir le Monatóireacht, Athbhreithniú agus Tuairisceoireacht

6.2.1 Ar bhonn iniúcháireachta mionsonraithe ar an inrochtaineacht, cuirfidh gach údarás áitiúil plean BCG le chéile faoi cheann naoi mí ón tráth a fhaomhann Tithe an Oireachtais an plean earnála seo go reachtúil. Leagfar amach sna pleananna BCG, a chuirfear le chéile i gcomhairle le heagraíochtaí a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais, clár gníomhartha a bheidh eagraithe de réir tosaíochtaí agus a mbeidh frámaí ama lena gcur i gcrích ag gabháil leo chun comhdheiseanna do dhaoine le míchumais le páirt a ghlacadh i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir an phobail, a chur chun cinn agus a spreagadh go réamhghníomhach.

6.2.2 Cinntíonn tréithe daonlathacha an rialtais áitiúil agus a chónagaráí is a bhíonn údaráis áitiúla do na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu, go bhfuil siad i riocht maith le freagairt do riachtanais daoine le míchumais. Ceapfaidh gach údarás clár gníomhartha le héifeacht a thabhairt do na gealltanais agus na cuspóirí atá in Acht 2005 agus sa phlean earnála seo; lena bpleananna BCG faoi seach a sheachadadh; le haghaidh socruithe i gcomhair comhordúcháin idir gníomhaireachtaí; le socruithe áitiúla maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a shonrú agus le frámaí ama a shocrú a oirfidh do cheanglais tosaíochta gach údarás agus do chúinsí áitiúla. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh comhphlé níos mó de bharr socruithe áitiúla maidir le seirbhísí a sheachadadh agus monatóireacht agus go bhforbrófar braistint go bhfuil saoránaigh á gcuimsiú agus go bhfuil daoine áitiúla ina n-úinéirí ar an bpróiseas seo idir údaráis áitiúla agus daoine le míchumais agus a n-eagraíochtaí áitiúla a fheidhmíonn ar a son.

6.2.3 Dé réir Chreatlach an BSBRA um Threoir maidir le Deachleachtas Mheitheamh 2006, bunófar grúpa stiúrtha i ngach údarás áitiúil, sa chás nach bhfuil sé i bhfeidhm cheana féin, agus tiocfaidh an grúpa le chéile go ráithiúil, nó níos minice más gá, chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus soláthróidh sé tuarascálacha rialta maidir le dul chun cinn don Bhainisteoir Contae nó Cathrach. Beidh faisnéis sna tuarascálacha ar ghearáin arna bhfáil faoin Acht freisin agus ar na gníomhartha a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin den sórt sin. Tabharfaidh gach údarás áitiúil daoine le míchumais isteach sa phróiseas i ndáil leis an monatóireacht agus athbhreithniú ar a phlean BCG, cibé trí struchtúir ionadaíochta atá ann cheana féin a mhionathrú nó trí struchtúir rannpháirtíochta a cheapadh as an nua go háitiúil chun na críche seo. Déanfaidh údaráis áitiúla athbhreithniú agus uasdátú ar a bpleananna BCG agus ar a socruithe monatóireachta de réir mar is gá gach trí bliana, agus aird á tabhairt acu ar dhul chun cinn a baineadh amach, ar thosaíochtaí reatha agus ar acmhainní agus ar iarmhéid na n-oibreacha atá le cur i gcrích chomh fada le 2015.

- 6.2.4 Tá meascán d'oifigigh chomhionannais, oifigigh idirchaidrimh, chomhordaitheoirí comhpháirtíochta, oifigigh rochtana, fhoirne um aicsean i leith an chomhionannais, aonaid um chuimsiú sóisialta agus Fhoirne um Dhearbhú Bharcelona i bhfeidhm ag go leor údarás áitiúil faoi láthair, agus bíonn raon agus doimhneas ghníomhaíochtaí agus thaithí roinnt nó gach ceann díobh seo i ndáil le saincheisteanna míchumais an-éagsúil trasna údarás áitiúil. Tasc a bheidh le déanamh go luath ag gach údarás áitiúil ná na meicníochtaí cuí a shonrú agus ról agus freagrachtaí na n-oifigeach agus na bhfoirne difriúla a shoiléiriú maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha an Achta um Mhíchumas agus an phlean earnála agus ar phlean BCG an údaráis, agus maidir le hiad a chur i ngníomh go háitiúil.
- 6.2.5 Ullmhóidh gach údarás áitiúil tuarascáil bhliantúil um dul chun cinn maidir lena fheidhmíocht i ndáil le gníomhartha, targaidí agus frámaí ama arna leagan amach ina Phlean BCG a sheachadadh, agus cuirfear sin san áireamh ina dhréacht-Tuarascáil Bhliantúil a bheidh le glacadh ag comhaltaí tofa na Comhairle.
- 6.2.6 Mar chuid de chlár um nuachóiriú na hearnála poiblí, déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis an ngealltanais sa dréacht-chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta / *dTreo 2016* don Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas a chur i ngníomh san earnáil rialtais áitiúil, de réir an phróisis um fhíorú feidhmíochta arna leagan amach sa chomhaontú. Lena chois sin, forálann / *dTreo 2016* le haghaidh meicníochta tuairisceoireachta aonair líomhchóirithe trí Thuarascáil bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ag gach céim den chur chuige saolré do dhaoine le míchumais, lena n-airítear gealltanais na Straitéise Náisiúnta um Míchumas agus an phlean earnála, a bheidh comhordaithe ag an Oifig um Chuimsiú Sóisialta.

6.2.7 Leanfaidh Grúpa Stiúrtha an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil fán Acht um Míchumas 2005 a Chur I nGníomh, a bhfuil ionadaithe ó údaráis áitiúla, ón Roinn agus ón ÚNM san áireamh ann, ar aghaidh lena sainchúram ó thaobh comhleanúnachas deachleachtas a chinntiú ar fud an rannáin trí chaighdeáin le haghaidh iniúchóireachtaí ar an inrochtaineacht ar an gcomhshaol seachtrach, a fhorbairt tuilleadh agus ar chlár oiliúna feasachta maidir leis ar an míchumas agus an gcomhionannas. Tabharfaidh an Grúpa Stiúrtha aghaidh ar shaincheisteanna comónta trasna údarás áitiúil, tabharfaidh sé treoir maidir le scothchleachtas cothrom le dáta, sa chás gur gá, eagróidh sé seimineáir de réir mar is cuí agus cuirfidh sé próiseas lena gcuirfear bearta i ngníomh go comhleanúnach trasna údarás, chun cinn. Cuirfear seachadadh leanúnach Pleananna BCG agus an phlean earnála ar chlár oibre cruinnithe Líonra Oifigeach Comhionannais an Údaráis Áitiúil freisin chomh maith le líonraí ábhartha eile, cruinnithe ag a bhféadfaidh údaráis eile tionscnaimh agus taithí áitiúil a roinnt agus a ghlacadh, de réir mar is cuí.

6.3 Monatóireacht, Tuairisceoireacht agus Athbhreithniú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ag na comhlachtaí faoina scáth

6.3.1 Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis an bplean earnála seo a chur i ngníomh agus lorgóidh sí tuarascálacha de réir mar is cuí ó údaráis áitiúla agus ó na comhlachtaí faoi scáth na Roinne chun na críche seo. Déanfar athbhreithniú ar an bplean earnála seo in 2009 agus ullmhófar tuarascáil maidir le dul chun cinn ó thaobh an plean a chur i ngníomh agus leagfar os comhair gach Teach den Oireachtas í. Tabharfar an plean cothrom le dáta, de réir mar is cuí, agus déanfar athbhreithniú air gach trí bliana ina dhiaidh sin.

6.3.2 Déanfaidh Coiste Monatóireachta ar Fhostaíocht na Roinne, lena n-áirítear duine a fheidhmíonn ar son daoine le míchumais,

monatóireacht ar mar a chuirfear Cuid V den Acht um Mhíchumas i ngníomh.

- 6.3.3 Cuirfidh an Roinn Coiste Comhairleach maidir le Plean Earnála don Acht um Mhíchumas (CCPEAM) ar bun, a fheidhmeoidh ar son na Roinne, daoine le míchumais, an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais, comhlachtaí faoi scáth na Roinne agus údarás áitiúil chun fóram a sholáthar chun cabhrú le comhairliúchán maidir le saincheisteanna atá ina gcodanna lárnacha de bheartais agus maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar leibhéal náisiunta maidir leis na cuspóirí agus na beartais arna leagan amach sa Phlean earnála a chur i ngníomh.

Beidh oifigeach sinsearach de chuid na RCORÁ ina c(h)athaoirleach ar an gCCPEAM agus tiocfaidh an Coiste le chéile faoi dhó sa bhliain ar an meán. Tá sé beartaithe go gcomhlánfaidh an Coiste na próisis mhonatóireachta agus athbhreithniúcháin ar leibhéal na n-údarás áitiúil, ar leibhéal na comhpháirtíochta sóisialta, ar leibhéal gníomhaireachtaí, ar leibhéal na Roinne agus ar leibhéal na hearnála feidhmí m.sh. grúpa an Fhóraitm Tithíochta maidir le straitéis tithíochta do Dhaoine le Míchumais, faoi mar a leagtar amach sa phlean earnála seo, ach níl sé beartaithe go gcuirfear an coiste in ionad na bpróiseas sin.

- 6.3.4 Beidh na gealltanais a bhaineann leis an Roinn sa phlean earnála, curtha san áireamh sa chéad Ráiteas Straitéise eile ón Roinn agus i bPleananna Gnó gaolmhara agus cuirfear dul chun cinn maidir leis na gealltanais a chur i ngníomh, san áireamh i dTuarascálacha Bliantúla na Roinne.

- 6.3.5 Déanfaidh Coiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne, mar chuid dá ról straitéiseach bainistíochta agus pleanála, monatóireacht agus athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir leis an bplean earnála a chur i ngníomh trasna réimsí beartais na Roinne. Déanfaidh an Fhoireann le

Bearta maidir le Rochtain a Chur i nGníomh saincheisteanna a bhaineann leis an míchumas a neadú laistigh den phróiseas pleanála gnó, de réir treorach lárnaí athbhreithnithe. Lena chois sin, déanfaidh an Roinn monatóireacht ar ghearáin agus iad a fhreagairt de réir a Plean Aicsin um Sheirbhís do Chustaiméirí agus de réir cheanglas an Achta um Mhíchumas 2005.

- 6.3.6 Cuirfidh na comhlachtaí faoi scáth na Roinne a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine sa phobal, tuarascálacha maidir le dul chun cinn san áireamh ina dTuarascálacha Bliantúla, i ndáil le mar atáthar ag seachadadh beart agus gealltanais ábhartha atá sa phlean eanála seo maidir le rochtain do dhaoine míchumasaithe.
- 6.3.7 Rachaidh fóraim chomhpháirtíochta tithíochta, foirgníochta agus fóraim chomhpháirtíochta eile de chuid na hearnála rialtais áitiúil, i gcomhairle le hionadaithe daoine le míchumais ina bpróisis athbhreithniúcháin, sa chás gur cuí, agus féachfaidh siad le hionadaithe den sórt sin a thabhairt isteach sa phróiseas.
- 6.3.8 Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag oibriú go dlúth le Ranna eile Rialtais go déthaobhach agus tríd an nGhrúpa Ardleibhéil Idir-Rannach maidir leis an Míchumas chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ó thaobh saincheisteanna buntábhachtacha traschuimsitheacha a chomhordú, amhail cúrsaí tithíochta agus iompair, agus chun freagairt ar bhealach comhleanúnach do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn.
- 6.3.9 Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag glacadh páirte i struchtúir chomhordúcháin agus mhonatóireachta idir-rannacha don Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas, lena n-áirítear na pleananna eanála faoin Acht um Mhíchumas 2005. Glacfaidh sé páirt freisin i socruithe atá le cur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh caidreamh leanúnach inchiallaithe ann le príomhpháirtithe leasmhara i ndáil le dul chun cinn maidir leis an Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas ina hiomláine. Beidh

cruinnithe débhlíantúla idir oifigigh shinsearacha agus príomhpháirtithe leasmhara eile san áireamh leis seo ar aon dul leis na gealltanais atá sa chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta, I dTreo 2016.

Aguisín 1

Nós Imeachta na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil maidir le Gearáin

**(Le feidhmiú i leith gearán i ndáil le freagrachtaí na Roinne faoin bplean
earnála.)**

Baineann an nós imeachta seo maidir le gearáin faoi shaincheistanna amhail moileanna, botúin, drochsheirbhís do chustaiméirí, .i. na cáis sin nach bhfuair tú an cháilíocht seirbhíse a n-airíonn tú go bhfuil tú ina teideal.

Ár gCaighdeáin maidir le bheith ag Déileáil le Gearáin

- Caithfimid le do ghearán i gceart, go cothrom agus go neamhchlaonta. Geallaimid nach mbeidh impleacht ar bith ar do ghnó agus do theagmhálacha leis an Roinn de bharr gearán a dhéanamh.
- Scrúdóidh oifigeach na Roinne nach ionann é/í agus iad siúd a bhí i gceist sa chinneadh nó sa ghníomh bunaidh, do ghearán go cúramach.
- Cuirfear comhfhreagras mar gheall ar do ghearán i gcomhad ar leithligh ó fhaisnéis eile a choinnítear fút sa Roinn.
- Go ginearálta, scrúdóimid agus déanfaimid athbhreithniú ar do ghearán agus seolfaimid freagra chugat faoi cheann 20 lá oibre ón tráth a fhaightear do ghearán.
- Sa chás nach féidir an targaid seo a chomhlíonadh, cuirfimid sin in iúl duit agus leanfaimid ar aghaidh lena dhéanamh sin go dtí go réiteofar an cheist.
- Gabhfaimid leithscéal as aon bhotún, míneoimid céard a tharla agus cuirfimid é ina cheart cibé cás gur féidir.
- Athróimid ár nósanna imeachta lena chinntiú go ndéanaimid níos fearr amach anseo.

Cén saincheistanna nach bhfuil clúdaithe?

Tá nósanna imeachta ar leithligh i bhfeidhm le haghaidh gearán maidir le cáilíocht na seirbhíse arna fáil agus iarratas maidir le deontas tithíochta, tástáil tiomána, clárúchán feithicle agus um Shaoráil Faisnéise á phróiseáil,

chomh maith le gearáin faoi ailt 25-29 den Acht um Mhíchumas. Tá liosta iomlán d'Oifigigh na Roinne um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus mionsonraí teagmhálacha dóibh sa Plean Aicsin um Sheirbhís do Chustaiméirí 2006 – 2008.

Má bhíonn gearán agat faoi chinní nó ghníomhartha Údarás Áitiúil (.i. Comhairlí Contae, Comhairlí Cathrach srl.), nó faoinár ngníomhaireachtaí, ba chóir duit dul i dteagmháil leis na heagraíochtaí seo go díreach.

Conas a dhéanfaidh mé gearán?

Féadfaidh aon duine aonair, chuideachta, eagraíocht nó chumann gearán a dhéanamh agus tá na céimeanna mar seo a leanas:

1. Ar an gcéad dul síos, ba chóir an gearán a thabhairt ar aird ár bhfoirne san oifig atá i gceist, cibé ó bhéal nó i scríbhinn. Déanfaidh an fhoireann ansin iarracht do ghearán a réiteach gan mhoill.
2. Mura féidir lenár bhfoireann do ghearán a réiteach nó má bhíonn tú míshásta leis an bhfreagairt a fuair tú, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Oifigeach um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a dhéanfaidh socruithe go ndéanfar do ghearán a imscrúdú. Féadfar gearáin a dhéanamh, cibé ó bhéal nó i scríbhinn chuig:

An tOifigeach um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil
Teach an Chustaim
Seomra G53
SAORPHOST
Baile Átha Cliath 1

Teil: (01) 888 2091

Faics: (01) 888 2888

Lóghlaoch 1890 20 20 21 Folíne 2091 (do ghlaiteoirí lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath)

Rphost: qcsofficer@environ.ie

Cén fhaisnéis ar chóir dom a sholáthar?

Tríd an bhfaisnéis seo a leanas a sholáthar, beidh tú ag cabhrú le dlús a chur le do ghearáin a imscrúdú:

- d'ainm agus do sheoladh;
- cén rud go baileach a bhfuil tú míshásta leis;
- ainm na hoifige a raibh tú ag déileáil léi;
- más cuí, an t-oifigeach/na hoifigigh a raibh tú ag déileáil leis/leo;
- agus dá mbeifeá sásta go rachaimís i dteagmháil leat ar an bhfón, uimhir theileafóin i rith an lae, toisc go bhféadfaidh seo cabhrú linn an cheist a réiteach níos tapúla.

Más gearán casta do ghearán, b'fhéidir go mb'fhearr duit é a chur i scríbhinn ionas nach ligfear faillí in aon cheann de na mionsonraí. Coinnigh cuimhne ar an gcáipéisíocht nó comhfhreagras ábhartha ar fad a d'fheadfadh a bheith agat a sheoladh chugainn.

Cén costas a bheidh air?

Costas ar bith. Níl ghearrtar aon táille as gearán a dhéanamh agus ní ghearrfaimid táille ort as a bheith ag déileáil le do ghearán.

An féidir liom an tOmbudsman a thabhairt isteach sa scéal?

Is féidir. Mura mbíonn tú sásta le toradh do ghearáin nó leis an mbealach lenar láimhsíodh é, féadfaidh tú leanúint níos faide leis an scéal leis an Ombudsman. Cuireadh Oifig an Ombudsman ar bun chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine sa phobal a airíonn gur caitheadh go míchothrom leo ina ngnó le comhlachtaí amhail Ranna Rialtais nó Údaráis Áitiúla. Tá a sainchúram leathnaithe go bhfeidhmeofaí é i leith cinnidh oifigigh um ghearáin i ndáil leis na pleananna earnála faoin Acht um Mhíchumas 2005. Féadfar dul i dteagmháil leis an Ombudsman ag:

Oifig an Ombudsman

18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 639 5600

Faics: (01) 639 5674

Lóghlaoch: 1890 22 30 30 (do ghlaoitóirí lasmuigh de cheantar Bhaile Átha
Cliath)

Rphost: ombudsman@ombudsman.gov.ie

Aguisín 2

Comhlachtaí faoi Scáth na Roinne

Leagtar mionsonraí na ngníomhaireachtaí a fheidhmíonn faoi scáth na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil amach thíos.

Achomhairc maidir le Limistéir Ainmnithe	Comhlacht a cuireadh ar bun chun achomhairc a éisteacht ó úinéirí talún i gcoinne cinní le limistéir áirithe a ainmniú mar limistéir a cheanglaítear a chosaint faoin Treoir maidir le Gnáthóga mar gheall ar a speicis uathúla d'fhásra nó ainmhithe.	Bord Comhairleach, 7 Plás Ely, Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 888 3289
An Binse Cíos	Is é an Binse Cíos an comhlacht eadrána agus téarmaí tionóntachta á gcinneadh maidir le háitribh, a mbíodh an cíos orthu faoi rialú na nAchtanna Srianata Cíos, 1960 go dtí 1981 roimhe seo.	Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1. Teil: (01) 888 2000 Facs: (01) 888 2012 ríomhphost: rent_tribunal@environ.ie
An Bord Pleanála	Bíonn an Bord Pleanála freagrach as achomhairc phleanála agus ceisteanna pleanála áirithe eile a chinneadh.	64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1. Teil: (01) 858 8100 LóGhlao: 1890 27 51 75 Facs: (01) 872 2684 ríomhphost: bord@pleanala.ie láithreán gréasáin: www.pleanala.ie

<p>An Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil</p>	<p>Soláthraíonn an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil seirbhísí chun críocha idirbheartaíochta foirne agus seirbhísí bainistíochta eile den sórt agus a d'fhéadfadh bheith ag teastáil, d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí eile de réir mar a ainmnítear iad.</p>	<p>Teach Cumberland Sráid na bhFíníní, Teil: (01) 6099560 Facs: (01) 6099590 ríomhphost: info@lgmsb.ie láithreán gréasáin: www.lgmsb.ie</p>
<p>An Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil</p>	<p>Eagraíonn agus soláthraíonn an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil seirbhís le háiseanna ríomhaire a sholáthar d'údaráis áitiúla agus le húsáid ríomhaire ag údaráis áitiúla a chomhordú agus comhoiriúnacht na húsáide sin a dhaingniú. Tá sé d'aidhm aige oiliúint, oideachas agus taighde a sholáthar nó a chur chun cinn agus comhairle, faisnéis agus cúnamh a chur ar fáil don Aire agus d'údaráis áitiúla.</p>	<p>Teach Féinics, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8. Teil: (01) 609 7000 Facs: (01) 609 7001 ríomhphost: info@lgcsb.ie láithreán gréasáin: www.lgcsb.ie</p>

<p>An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha</p>	<p>Is iad príomhfheidhmeanna an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ná seirbhís le díospóidí a réiteach a sholáthar do thionóntaí agus do thiarnaí talún cláraithe, agus córas a fheidhmiú le tionóntachtaí a chlárú. Tá an Bord freagrach as raon d'fheidhmeanna monatóireachta, taighde, faisnéise agus as comhairle a thabhairt ó thaobh beartais i ndáil le hearnáil na n-áitreabh príobháideach ar cíós.</p>	<p>Teach na Canála, Bóthar na Canála, Baile Átha Cliath 6 Teil: (01) 888 2960 LóGhlao: 1890 20 20 21 Facs: (01) 888 2819 ríomhphost: tenancies_board@environ.ie láithreán gréasáin: http://www.environ.ie</p>
<p>An Chomhairle Leabharlanna</p>	<p>Soláthraíonn an Chomhairle Leabharlanna cúnamh d'údarais áitiúla agus déanann sí moltaí don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i ndáil leis an tseirbhís leabharlainne poiblí a fheabhsú.</p>	<p>An Chomhairle Leabharlanna, 53-54 Sráid an Mhóta, Uacht., Baile Átha Cliath 2. Teil: (01) 676 11677 Facs: (01) 676 6721 ríomhphost: info@librarycouncil.ie láithreán gréasáin: www.librarycouncil.ie</p>
<p>An Chomhairle Oidhreachta</p>	<p>Is é ról na Comhairle Oidhreachta ná beartais agus tosaíochtaí a mholadh maidir leis an oidhrecht náisiúnta a aithint, a chosaint, a chaomhnú agus a bhreisiú.</p>	<p>Teach Rothe, Cill Chainnigh. Teil: (056) 777 0777 Facs: (056) 777 0788 ríomhphost: mail@heritagecouncil.ie láithreán gréasáin: www.heritagecouncil.ie</p>

<p>An Cumann Sábháilteachta Uisce</p>	<p>Tá sé curtha de chúram ar an gCumann Sábháilteachta Uisce feasacht an phobail maidir le sábháilteacht ó thaobh uisce a chur chun cinn agus teagasc a sholáthar sa tsábháilteacht agus tarrtháil uisce, sa snámh agus i gcleachtaí aisghabhála.</p>	<p>An Siúlán Fada, Gaillimh. Teil: (091) 564400 LóGhlao: 1890 42 02 02 Facs: (091) 564700 ríomhphost: info@iws.ie laithreán gréasáin: www.iws.ie</p>
<p>An Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta</p>	<p>Gnólacht comhairleachta is ea an Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta arb é an bhainistíocht tithíochta, ailtireachta agus foirgníochta a phríomhspeisialtacht, agus tugann sé faoi obair athfhorbraíochta, lena dtugtar leasanna na n-údarás áitiúil, leasanna príobháideacha agus deonacha le chéile.</p>	<p>Ascaill Richmond Theas, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 6. Teil: (01) 497 9654 Facs: (01) 497 2540 ríomhphost: info@nba.ie laithreán gréasáin: www.nba.ie</p>
<p>An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch</p>	<p>Is é an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch an eagraíocht náisiúnta a bhfuil freagracht rialúcháin, monatóireachta agus comhairle uirthi maidir le ceisteanna a bhaineann le radaíocht ianaithe.</p>	<p>3 Cearnóg Chluain Sceach, Bóthar Chluain Sceach, Baile Átha Cliath 14. Teil: (01) 269 7766 Facs: (01) 269 7437 ríomhphost: rpii@rpii.ie laithreán gréasáin: www.rpii.ie</p>

<p>Comhairle na Seirbhísí Dóiteáin</p>	<p>Soláthraíonn Comhairle na Seirbhísí Dóiteáin cúrsaí teagaisc do phearsanra na seirbhísí dóiteáin agus do dhaoine eile agus tugann sí comhairle don Aire i ndáil le riachtanais oideachais agus oiliúna phearsanra na seirbhísí dóiteáin.</p>	<p>Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1. Teil: (01) 874 4760 Facs: (01) 888 2955 ríomhphost: fire-services-council@environ.ie láithreán gréasáin: www.environ.ie</p>
<p>Comhar</p>	<p>Bunaíodh Comhar chun fóram a sholáthar le haghaidh comhairliúcháin agus comhphlé náisiúnta maidir leis na saincheistean ar fad a bhaineann le hábhar agus Éire ag leanúint leis an bhforbairt inbhuanaithe.</p>	<p>17 Sráid San Aindrias, Baile Átha Cliath 2. Teil: (01) 888 3990 LóGhlao: 1890 200 327 Facs: (01) 888 3999 ríomhphost: comhar@environ.ie láithreán gréasáin: www.comhar-nsdp.ie</p>
<p>Comhlacht Comhairleach na Rialachán Foirgníochta</p>	<p>Tugann Comhlacht Comhairleach na Rialachán Foirgníochta comhairle don Aire maidir le gach gné de na Rialacháin Náisiúnta Foirgníochta lena n-áirítear na treoircháipéisí teicniúla gaolmhara maidir leis an mbealach leis na Rialacháin a chomhlíonadh.</p>	<p>Seomra 2.13, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1. Teil: (01) 888 2371 LóGhlao: 1890 20 20 21 Facs: (01) 888 2693 ríomhphost: aidan_smith@environ.ie</p>

<p>Comhpháirtíocht um Thithe Inacmhainne</p>	<p>Soláthraíonn an Chomhpháirtíocht um Thithe Inacmhainne seirbhísí thar ceann an Aire Chomhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus na nÚdarás Áitiúil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.</p>	<p>Comhpháirtíocht um Thithe Inacmhainne, 2ú hUrlár, Teach Cumberland, Sráid na bhFíníní, Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 656 4100 ríomhphost: info@affordablehome.ie láithreán gréasáin: http://www.affordablehomespartnership.ie/home/index.aspx</p>
<p>ENFO</p>	<p>Seirbhís faisnéise phoiblí na hÉireann maidir le ceisteanna comhshaoil, lena n-áirítear an fhorbairt inbhuanaithe, is ea ENFO. Bunaíodh an tseirbhís i mí Mheáin Fhómhair 1990, agus soláthraíonn sí bealach don phobal le teacht ar fhaisnéis fhorleathan údarásach.</p>	<p>17 Sráid San Aindrias, Baile Átha Cliath 2. Teil: (01) 888 2001 Lóglaoch: 1890 200 191 Facs: (01) 818 3399 ríomhphost: info@enfo.ie láithreán gréasáin: http://www.enfo.ie</p>
<p>Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta</p>	<p>Tugann an Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta airgead ar iasacht do na húdaráis tithíochta i gcomhair a bhfeidhmeanna faoi Achtanna na dTithe.</p>	<p>Teach Eden, 15-17 Cé Eden, Baile Átha Cliath 1. Teil: (01) 872 5722 Facs: (01) 872 5878 ríomhphost: admin@hfa.ie láithreán gréasáin: www.hfa.ie</p>

<p>Gníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil</p>	<p>Comhlacht neamhspleách is ea an Gníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil a bhfuil raon leathan cumhachtaí agus feidhmeanna aige le nósanna feabhsaithe leis an gcomhshaol a chosaint a chur chun cinn in Éirinn.</p>	<p>Bosca Poist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman. Teil: (053) 60600 Facs: (053) 60699 ríomhphost: info@epa.ie láithreán gréasáin: www.epa.ie</p>
<p>Údarás Forbartha Dugthailte Átha Cliath</p>	<p>Bunaíodh Údarás Forbartha Dugthailte Átha Cliath chun athghiniúint shóisialta agus eacnamaíochta Cheantar Dugthailte Bhaile Átha Cliath a dhaingniú ar bhonn inbhuanaithe, chun feabhsúcháin i gcomhshaol fisiciúil an Cheantair sin a dhaingniú agus chun an fhorbairt leanúnach i gceantar Dhugaí Theach an Chustaim a dhaingniú.</p>	<p>Cé Theach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1. Teil: (01) 818 3300 Facs: (01) 818 3399 ríomhphost: info@ddda.ie láithreán gréasáin: ww.ddda.ie</p>

Aguisín 3

Achoimre ar Chuspóirí, Thargaidí agus Fhrámaí Ama Phlean Earnála na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ)

Caibidil 2 An Cód Foirgníochta agus Pleanála

Cuspóir

Is é an cuspóir foriomlán ná a chinntiú go mbeidh creatlach éifeachtach reachtaíochta agus rialála i bhfeidhm le bheith mar bhonn is mar thaca ag an aidhm leis an timpeallacht tógtha a bheith inrochtana ag cách agus ba chóir go gcinnteofaí, de bharr na cóid fhoirgníochta agus phleanála a bheith á bhfeidhmiú chun an reachtaíocht agus na rialacháin sin a chomhlánú, go dtabharfar aghaidh mar is ceart ar shaincheisteanna ó thaobh rochtana ag céim dheartha gach forbraíocht nua.

Targaidí chun cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
RCORÁ le hathbhreithniú a dhéanamh ar Cuid M (athbhreithniú le bheith san áireamh ar shainmhíniú “daoine le míchumais”) agus tograí le ullmhú chun Cuid M de na Rialacháin Fhoirgníochta a leasú chomh maith le Treoircháipéis Theicniúil ghaolmhar (TCT) M.	Tar éis comhairliúcháin phoiblí maidir leis an athbhreithniú, a chur i gcrích i mí Mhárta 2006, dréacht-tograí chun Cuid M/TCT M a thabhairt cothrom le dáta le dul chuig Comhlacht Comhairleach na Rialachán Foirgníochta (CCRF) i bhFómhar na bliana 2006.
RCORÁ le haon treoirlínte maidir le scothchleachtas de chuid an ÚNM a chur san áireamh chomh maith le caighdeáin ábhartha Éireannacha nó de chuid na Breataine Móire, le tograí chun Cuid M agus TCT M a leasú.	Aire le dréacht-tograí a fhoilsiú le haghaidh Cuid M/TCT M uasdátaithe, go luath in 2007, le dáta feidhmiúcháin.
RCORÁ le córas Deimhnithe Rochtana do Dhaoine Míchumasaithe (DRDM) a thabhairt isteach ag céim dheartha	DRDM curtha san áireamh sa Bhille um Rialú Foirgníochta 2005 a tugadh isteach i mí na Nollag 2005.

foirgneamh tráchtála agus bloc árasán nua.	Táthar ag súil go n-achtófar an Bille faoi dheireadh 2006.
RCORÁ le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na nÚdarás um Rialú Foirgníochta (ÚRFeanna) maidir leis an targaid a chomhlíonadh ó thaobh 12–15% d'fhoirgnimh atá clúdaithe le Fógraí bailí um Thosach Feidhme, a scrúdú, chun Rialacháin Fhoirgníochta a chomhlíonadh (lena n-áirítear Cuid M).	Roinn le leanúint ar aghaidh le brú a chur ar an ÚRF go mbainfear targaid íosta ar a laghad amach go comhleanúnach.
RCORÁ le cumhachtaí forfheidhmiúcháin ÚRF a láidriú.	Láidreofar cumhachtaí forfheidhmiúcháin ÚRF leis an mBille um Rialú Foirgníochta 2005; agus simpleoidh sé an próiseas ionchúisimh. Gheobhaidh ÚRF ioncam ó fhíneálacha ó ionchúisimh achoimre a n-éiríonn leo. Táthar ag súil go n-achtófar an Bill faoi dheireadh 2006.
<p>RCORÁ le Plean Forbartha a ullmhú chomh maith le Treoirlínte d'Údarás Áitiúla maidir le Forbairt a Bhainistiú, a mbeidh comhchuid iontu maidir le cúrsaí rochtana.</p> <p>Athbhreithniú le déanamh ar Chaighdeán le haghaidh Oibreacha Forbartha ar Láithreáin d'Fhorbraíochtaí Tithíochta agus ar Threoirlínte maidir le Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe chun caighdeán rochtana maidir le leagan amach forbraíochtaí nua tithíochta lena n-áirítear sráideanna, cosáin, srl., a thabhairt cothrom le dáta.</p>	<p>Tar éis comhairliúcháin phoiblí in 2006, treoirlínte deiridh le heisiúint thar 2006-2007.</p> <p>Dreáchtaí le foilsiú in 2007 le haghaidh comhairliúcháin phoiblí.</p>

Caibidil 3 Láithreáin Oidhreachta

Cuspóir

Féachfaidh an Roinn lena chinntiú go mbeidh láithreáin oidhreachta ina seilbh inrochtana do dhaoine le míchumais, oiread agus a bheidh indéanta.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
Déanfar beartais reatha na SPNF maidir le socruithe a dhéanamh do dhaoine le míchumais sa chás gur féidir, a fheidhmiú go céimneach i bPleananna Bainistíochta don sé Pháirc Náisiúnta.	Clúdóidh gach plean bainistíochta tréimhse 5 bliana agus beidh iniúchóireachtaí ar an inrochtaineacht san áireamh leo chomh maith le bearta amsrianta i leith rochtana do dhaoine míchumasaithe. Foilsíodh pleananna Pháirc Náisiúnta Chill Airne agus Shléibhte Chill Mhantáin in 2005; agus tá 2 phlean eile le cur i gcrích in 2006 agus 2007 araon.
Comhlíonfaidh an tSPNS a cuid freagrachtaí go réamhghníomhach maidir le bealaí rochtana agus seirbhísí a sholáthar i maoine oidhreachta nádúrtha faoina rialú.	Sonrófar frámaí ama i bpleananna bainistíochta gaolmhara de chuid Páirceanna Náisiúnta.
RCORÁ le beartas rochtana do dhaoine le míchumais a chur chun cinn le haghaidh Seádchomharthaí Náisiúnta faoi chúram an Stáit atá á mbainistiú ag OOP.	OOP le frámaí ama a leagan amach maidir le rochtain a chur i ngníomh ar bhonn céimnithe.

Caibidil 4 Pleananna na nÚdaráis Áitiúil

Cuspóir

Is é an cuspóir foriomlán ná rochtain uilíoch ag an dáta is luaithe is féidir ar gach spás, foirgneamh agus sheirbhís phoiblí atá i seilbh agus á feidhmiú ag údaráis áitiúla a chur chun cinn, rud a bheidh ag brath ar acmhainní airgeadais, agus a bheidh bainte amach ag na húdaráis go léir in 2015.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
<p>Tá Iniúchóireachtaí ar an Inrochtaineacht le déanamh le haghaidh gach bóthar agus sráid, pábháil agus crosaire do choisithe, foirgneamh poiblí, páirc phoiblí, saoráid agus spás oscailte, láithreán oidhreachta, leabharlann phoiblí agus cuan faoina rialú, agus úsáid a baint as treoir an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais agus fhoghrúpa saineolach an BSBRA. Iniúchóireachtaí ar an inrochtaineacht le rochtain ar sheirbhísí agus fhaisnéis faoi Alt 26 – 28 den Acht a chuimsiú freisin.</p>	<p>Le cur i gcrích faoi cheann 6 mhí ón tráth a rachfar le Plean Earnála, sa chás nach bhfuil sin i bhfeidhm cheana féin.</p>
<p>Pleananna BCG le cur le chéile agus le foilsiú ag údaráis áitiúla chun gealltanais agus cuspóirí an Achta um Mhíchumas 2005 agus an Plean Earnála seo a chur i ngníomh, agus limistéir is minice is gá teacht orthu, á n-áireamh mar thosaíochtaí.</p>	<p>Pleananna BCG le bheith curtha i gcrích faoi cheann 3 mhí ó Iniúchóireachtaí ar an Inrochtaineacht. Targaidí agus frámaí ama le bheith leagtha amach i bpleananna maidir le hoibreacha riachtanacha a dhéanamh le haghaidh gach limistéar cathrach agus contae.</p>
<p>Struchtúir le tacú le pleanáil agus le seirbhísí a sheachadadh, le bheith curtha i bhfeidhm ar aon dul le creatlach Treorach maidir le Deachleachtas.</p>	<p>Róil agus feidhmeanna faoin Acht agus faoin bPlean BCG le sannadh chuig foirne, grúpaí agus baill foirne sonraithe i ngach limistéar cathrach agus contae faoi dheireadh 2006.</p>
<p>Údarais áitiúla le dul i gcomhairle le daoine áitiúla le míchumais maidir le hiniúchóireachtaí ar an rochtain agus maidir le pleananna BCG a fhorbairt.</p>	<p>Socruithe comhairliúcháin le forbairt sa chás nach bhfuil siad i bhfeidhm cheana féin i gcaitheamh na tréimhse 2006/2007</p>
<p>Treoir maidir le deachleachtas le forbairt agus le roinnt i measc na n-údarás áitiúil.</p>	<p>Creatlach teorach arna hullmhú ag Grúpa Stiúrtha an BSBRA, eisithe i mí Mheitheamh 2006.</p>

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
	<p>Tuilleadh treorach ón bhfoghrúpa maidir le iniúchóireachtaí ar an rochtain i gcomhair an chomhshaoil sheachtraigh le heisiúint faoi dheireadh 2006. BSBRÁ le láithreán gréasáin a chur ar bun le haghaidh gréasánúcháin maidir le deachleachtas d'údaráis áitiúla faoi dheireadh 2006. BSBRÁ le ceardlanna a sholáthar in éineacht leis an ÚNM maidir le bheith ag cinntiú ardchaighdeáin rochtana ar láithreáin ghréasáin na nÚdarás Áitiúil in 2006.</p> <p>Tuilleadh treorach maidir le deachleachtas le forbairt agus seimineáir le socrú ag an mBSBRÁ i gcaitheamh na tréimhse 2006 go dtí 2009.</p>
<p>Seirbhísí agus áiseanna tógtha nua de chuid na n-údarás áitiúil le bheith inrochtana do dhaoine le míchumais, oiread agus a bheidh indéanta, agus bealaí rochtana curtha isteach ina gcuid de phleananna agus dhearthaí ón smaoineamh tosaigh go dtí céim a gcríchnaithe.</p>	<p>Éifeachtach ó Nollaig 2005 agus caighdeáin rochtana le tabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach de réir aon Chóid Chleachtas arna n-eisiúint faoin Acht um Mhíchumas.</p>

Cuspóir an Bheartais Tithíochta

Is é cuspóir foriomlán an bheartais tithíochta ná a chur ar chumas gach líon tí áitreabh inacmhainne lena mbaineann cáilíocht mhaith a bheith ar fáil acu, a oireann dá riachtanais, i gcomhshaoil maith agus, oiread agus is féidir, ar thionacht dá rogha féin. Tá an plean earnála seo dírithe ar a bheith ag feabhsú cháilíocht an rogha a bheidh ar fáil do dhaoine le míchumais agus ar a bheith ag treorú acmhainní chuig na réimsí is tábhachtaí.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
<p>Tá gealltanais i g<i>Creatlach Bheartais Tithíochta – Pobail Inbhuanaithe á dTógáil</i>, (Nollaig 2005) go dtabharfar aghaidh i bPleananna Aicisin Tithíochta amach anseo ar riachtanais tithíochta do dhaoine le míchumais ar bhealach níos straitéisí.</p>	<p>Ritheann pleananna aicsin reatha na n-údarás áitiúil don tithíocht shóisialta agus inacmhainne go dtí deireadh 2008. Léireofar forbairtí níos déanaí i bpleananna aicsin ina ndiaidh sin.</p>
<p>Forbróidh Grúpa Náisiúnta faoin bhFóram Tithíochta a mbeidh príomhpháirtithe leasmhara páirteach ann, Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine le Míchumais, agus tabharfaidh an grúpa sin an straitéis chun cinn.</p>	<p>Straitéis forbartha agus tugtha chun cinn faoi dheireadh 2009.</p>
<p>Bunófar prótacail nua maidir le comhoibriú idirghníomhaireachtach, i leith riachtanas speisialta tithíochta agus tacaíochta, idir údaráis tithíochta agus FSS.</p>	<p>Prótacail tosaigh maidir le riachtanais aonair tithíochta agus tacaí tithíochta sóisialta le bheith i bhfeidhm faoi lár 2007 agus prótacal eile maidir le riachtanais tithíochta a mheasúnú go straitéiseach le bheith i bhfeidhm faoi 2009.</p>
<p>Soláthróidh an RCORÁ comhairle maidir leis an scothchleachtas ó thaobh cur chuigeanna i leith tithíocht a dhearadh, bunaithe ar fhealsúnacht na rochtana uilíche agus na solúbthachta úsáide, na hinrochtaineachta agus inoiriúnaitheachta thar shaol áitribh.</p>	<p>Á fhorbairt faoi láthair agus foilseofar é faoi lár 2007.</p>
<p>Tabharfar reachtaíocht nua isteach le bealach nua a sholáthar maidir le riachtanais tithíochta a mheasúnú chomh</p>	<p>Bille d'Fhorálacha Ilghnéitheacha Tithíochta á dhréachtú faoi láthair le dul faoi bhráid an Rialtais in 2006.</p>

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
maith le freagairt nua ó thaobh beartais lena chinntiú go mbeidh tacaí solúbtha tithíochta ann chun cur ar chumas daoine le míchumais maireachtáil agus iad chomh neamhspleách agus is féidir laistigh dá bpobal.	
Leanfaidh an Roinn ar aghaidh, trína scéimeanna maoiniúcháin caipitil, le bheith ag tacú le hearnáil tithíochta deonaí agus comhoibríthí bheoga.	Cuíchóiriú ar shocruithe riaracháin agus faomhaidh lena chinntiú go seachadfar tionscadail lena mbainfidh cáilíocht oiriúnach, chomh luath agus is féidir.
Déanfar athchóiriú ar an Scéim Dheontais do Dhaoine Míchumasaithe chun cothromas agus spriocdhíriú a fheabhsú.	Le cur i gcrích in 2006.

Cuspóir an Bheartais um Chuimsiú Sóisialta

Rud atá ina dhlúthchuid den rialtas áitiúil agus atá ina chuspóir buntábhachtach trasna raon leathan fheidhmeanna an rialtais áitiúil ná an cuimsiú sóisialta a bhreisiú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le daoine le míchumais.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
Údaráis áitiúla leis an gCuimsiú Sóisialta a chur chun cinn go gníomhach trí phleananna Corparáideacha agus Bliantúla Oibriúcháin.	Straitéisí agus pleananna na n-údarás áitiúil le bearta cuí a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe, sa chás nach bhfuil siad i bhfeidhm cheana féin, i gcaitheamh na tréimhse 2007 – 2009.
An míchumas le glacadh mar théama buntábhachtach ag Grúpaí na mBFCeanna um Bhearta Cuimsithe Sóisialta, agus na grúpaí sin le comhordú idir gníomhaireachtaí a chur chun cinn maidir le seirbhísí a sholáthar do dhaoine	Aghaidh le tabhairt air i gcaitheamh na tréimhse 2007 go dtí 2009.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
le míchumais.	
Aonaid um Chuimsiú Sóisialta nua agus atá ann cheana féin le béim speisialta a chur ar sheirbhís do chustaiméirí do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear daoine le míchumais agus promhadh ó thaobh cúrsaí míchumais a dhéanamh roimh ré.	Aonaid le cur ar bhonn buan agus le leathnú chuig leath na n-údarás contae agus cathrach ar fad faoi dheireadh 2008.
Údaráis áitiúla le daoine le míchumais a spreagadh le bheith gníomhach i bhFóiraim Phobail agus Dheonacha ar leibhéal áitiúil.	Leanúnach.

Cuspóir maidir le Bóithre, Sráideanna, Crosairí agus Cosáin do Choisithe

Is é an cuspóir foriomlán ná a chinntiú go mbeidh bóithre, sráideanna, crosairí agus cosáin do choisithe, inrochtana do agus inúsáidte ag daoine le míchumais, oiread agus a bheidh indéanta.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
Beidh áiseanna na n-údarás áitiúil atá ann cheana féin cuimsithe ag iniúchóireachtaí ar an rochtain agus ag pleananna BCG, agus dearfar agus tógfar áiseanna nua nó feabhsaithe chun caighdeán inrochtaineachta a chomhlíonadh.	Pleananna BCG a bhfuil a ngnéithe eagraithe de réir tosaíochta, le bheith i bhfeidhm faoi lár 2007. Dearadh gach áis nua le Treoirlínte 2003 maidir le Trácht a Bhainistiú, a chomhlíonadh.
Forbróidh údaráis áitiúla tograí uilneasctha le hoibreoirí iompair áitiúla chun inrochtaineacht bhóithre, chosán, sráideanna agus chrosairí poiblí a théann chuig áiseanna iompair ar talamh agus	Socrúithe maidir lena chomhordú le forbairt i gcaitheamh na tréimhse 2006 go dtí 2007, agus tosaíocht le tabhairt don obair le huasghrádú a dhéanamh ar stadanna bus ar bhóithre poiblí mar a mbíonn busanna a

<p>aiseanna iompair aeir agus mara, a fheabhsú chomh maith le bealaí inrochtana chuig agus amach ó aiseanna iompair phoiblí.</p>	<p>oireann do chathaoireacha rotha i mbun seirbhíse nó á dtabhairt isteach ar bhonn céimnithe i gcaitheamh na tréimhse 2006 go dtí 2012, faoi mar a leagadh amach i bPlean Earnála na Roinne Iompair.</p>
<p>Údaráis áitiúla le húsáid a bhaint as maoiniúchán leanúnach ón RCORÁ, Roinn Iompair / Údarás um Bóithre Náisiúnta agus as a n-acmhainní féin chun áiseanna ar bhóithre poiblí a fheabhsú chomh maith le háiseanna do choisithe i limistéir uirbeacha chun caighdeán ard rochtana a sholathar do dhaoine le míchumais, faoi mar a foráladh i bPlean Earnála na Roinne Iompair freisin.</p>	<p>Pleananna BCG céimnithe le cur i bhfeidhm, agus ceanglais maidir le hacmhainní le sonrú agus le leithdháileadh as cistí a bheidh ar fáil, thar fhráma ama timthriallach trí bliana d'oibreacha caipitil.</p>

Cuspóir maidir le Vótáil

Is é an cuspóir foriomlán ná faisnéis inrochtana a sholáthar chun cabhrú le daoine le míchumais iarratas a dhéanamh go n-iontráilfear iad ar chlár na dtoghthóirí, agus cabhrú le daoine den sórt sin vótáil ag toghcháin agus reifrinn.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
<p>Beidh bileoga faisnéise ginearálta maidir le bheith ag clárú agus ag vótáil i bhformáidí a bheidh inrochtana do dhaoine lagamhairc (m.sh. Braille, Closfhormáid, (Dlúthcheirnín, MP3 & caiséad) ar fáil ón Roinn agus ó údaráis áitiúla.</p>	<p>Faoi dheireadh 2006.</p>

Cuspóir maidir le Leabharlanna

Leanfaidh an Roinn, i gcomhar leis an gComhairle Leabharlanna agus an 32 údarás leabharlainne, ar aghaidh le bheith ag leanúint le moltaí na Tuarascála

Branching Out a chur i ngníomh i ndáil le comhionannas rochtana ar sheirbhísí leabharlainne a fheabhsú do chách.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
Cóiríocht réasúnach le soláthar ag leabharlanna poiblí do Dhaoine le Míchumais, de réir threoir agus oiliúint phraiticiúil <i>Branching out, Library Access</i> agus <i>Making Access Happen</i> .	Tá dhá dtrian d'údaráis leabharlainne á gcur i ngníomh faoi láthair agus tá aon trian díobh le tosú sa tréimse 2007 go dtí 2008.

Páirceanna, Áiteanna Súgartha, Spáis Oscailte agus Saoráidí Poiblí

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
Tá promhadh ó thaobh cúrsaí inrochtaineachta le déanamh ar gach áis nua ag céim a ndeartha agus a dtógtha/bhforbartha. Gach áis dá bhfuil ann faoi láthair le bheith clúdaithe in iniúchóireachtaí ar an rochtain agus i bpleananna BCG.	Pleananna BCG le bheith curtha le chéile faoi lár 2007.

Cuanta i seilbh Údarás Áitiúil

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
Déanfaidh údaráis áitiúla a mbíonn áiseanna á soláthar acu ag cuanta den sórt sin go sonrach chun críocha paisinéirí a íocann táillí .i. áiseanna le dul ar agus teacht as árthaigh do phaisinéirí, srl. gach beart le réasún, oiread agus a bheidh indéanta, lena chinntiú go mbeidh na háiseanna a sholáthrófar inrochtana do phaisinéirí le míchumais.	Le bheith clúdaithe ag iniúchóireachtaí ar an rochtain agus pleananna BCG atá le bheith curtha le chéile faoi lár 2007. Tá feidhmiú céimneach oibreacha le cur ar chlár ama nuair a bheidh ceanglais ó thaobh acmhainní sonraithe agus maoiniúchán tacaíochta ó Ranna ábhartha Rialtais socraithe.

Fostaíocht in Údaráis Áitiúla

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
Údaráis áitiúla le targaid an 3% maidir le daoine le míchumais a fhostú, a choinneáil ar bun nó le dul os a cionn.	Coiste Monatóireachta faoin Acht um Mhíchumas 2005 le bheith bunaithe faoi dheireadh 2006.
Athbhreithniú le bheith déanta ar Chód Cleachtais 1999 maidir le Daoine le Míchumais a fhostú i seirbhís an údaráis áitiúil.	Athbhreithniú ar an gcód le bheith déanta faoi dheireadh 2008

Caibidil 5 Aicsean na RCORÁ agus na gComhlachtaí faoina scáth

Cuspóir

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bearta dearfacha a dhéanamh chun comhdheiseanna do dhaoine le míchumais le páirt a ghlacadh i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir an Phobail, a chur chun cinn agus a spreagadh go réamhghníomhach trína freagrachtaí faoin Straitéis Náisiúnta Mhíchumais a sheachadadh agus trína bheith ag oibriú go dlúth le húdaráis áitiúla agus trína bheith ag tacú lena n-obair siúd agus le hobair na gcomhlachtaí faoi scáth na Roinne.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
Gach Oifig Phoiblí de chuid na RCORÁ lena n-áirítear ionaid nua dílárnaithe le bheith inrochtana do dhaoine le míchumais.	Clár céimnithe d'iniúcháireachtaí ar an rochtain agus d'oibreacha feabhsúcháin le déanamh, i gcomhar le hOOP, agus oifigí nua dílárnaithe atá le soláthar, le bheith iomlán inrochtana faoi 2015. Oibreacha ar Theach an Chustaim le bheith curtha i gcrích faoi dheireadh 2006.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
Comhlíonfaidh gach seirbhís do chustaiméirí arna soláthar ag an RCORÁ riachtanais speisialta daoine le míchumais.	De réir an Phlean Aicisin um Sheirbhís do Chustaiméirí 2006 – 2008.
Sonrófar le Straitéis um Acmhainní Daonna na RCORÁ raon beart le targaidí na Straitéise Náisiúnta um Mhíchumas a chomhlíonadh.	De réir na Straitéise um Acmhainní Daonna 2007 – 2009.
Gealltanais na bPleananna Earnála le bheith san áireamh sa Ráiteas Straitéise agus i bPleananna Gnó. Foireann na RCORÁ le Bearta maidir le Rochtain a Chur i nGníomh, le bunú chun tacú le cuspóirí an Phlean Earnála a chur i ngníomh.	Foireann le bheith i bhfeidhm faoi dheireadh 2006 agus le tuairisciú chuig an Rúnaí Cúnta, Seirbhísí Corparáideacha.
Beidh iniúchóireacht ar an inrochtaineacht déanta agus plean BCG ullmhaithe, sa chás gur gá, ag na comhlachtaí faoi scáth na Roinne a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine sa phobal agus beidh tuarascálacha ar dhul chun cinn san áireamh lena gcuid Tuarascálacha Bliantúla i ndáil le mar atá bearta um rochtain do dhaoine míchumasaithe á seachadadh, chomh maith le gealltanais eile atá sa Phlean Earnála seo.	Iniúchóireachtaí agus pleananna BCG forbartha thar 2006 – 2008 do chomhlachtaí den sórt sin.
Cinnteoídh an Roinn go mbeidh nós imeachta maidir le gearáin i bhfeidhm ag gach ceann de na comhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine sa phobal, le déileáil le gearáin faoin Acht um Mhíchumas agus faoin bPlean Earnála seo, chomh maith leis an gceart	Faoi dheireadh 2006.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
achomharc a dhéanamh chuig an Ombudsman.	

**Caibidil 6 Socruithe na nÚdarás Áitiúil maidir le Monatóireacht,
Athbhreithniú agus Tuairisceoireacht**

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
Ceapfaidh gach údarás clár gníomhartha le héifeacht a thabhairt do na gealltanais agus na cuspóirí atá in Acht 2005 agus sa Phlean Earnála seo; chun a pleananna BCG faoi seach a sheachadadh; le haghaidh socruithe i gcomhair comhordúcháin idir gníomhaireachtaí, le socruithe áitiúla maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a shonrú agus le frámaí ama a shocrú a oirfidh do riachtanais tosaíochta agus do chúinsí áitiúla gach údarás.	Le bheith nasctha le hinfhaighteacht acmhainní agus targaidí pleananna BCG agus tuairisceoireacht le déanamh orthu go bliantúil.
Gach údarás áitiúil leis na meicníochtaí cuí a shonrú agus ról agus freagrachtaí na n-oifigeach agus na bhfoirne difriúla a shoiléiriú maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha an Achta um Mhíchumas agus an phlean earnála agus ar phlean BCG an údaráis, agus maidir le hiad a chur i ngníomh go háitiúil.	Le bheith i bhfeidhm faoi lár 2007.

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
<p>Grúpa Stiúrtha Bhord Seirbhísí Bainistíochta an Rialtais Áitiúil le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comónta trasna údarás áitiúil, tabharfaidh sé treoir maidir le scothchleachtas cothrom le dáta, sa chás gur gá, eagróidh sé seimineáir de réir mar is cuí agus cuirfidh sé próiseas lena gcuirfear bearta i ngníomh go comhleanúnach trasna údarás, chun cinn.</p>	<p>Faoi réir ag sainordú agus téarmaí tagartha leanúnacha ón gCoiste Acmhainní Daonna ó 2006 go dtí 2009.</p>

Socruithe na RCORÁ maidir le Monatóireacht, Athbhreithniú agus Tuairisceoireacht

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
<p>Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis an bPlean Earnála seo a chur i ngníomh agus lorgóidh sí tuarascálacha de réir mar is cuí ó údaráis áitiúla agus ó na comhlachtaí faoi scáth na Roinne chun na críche seo. Déanfar athbhreithniú ar an bPlean Earnála seo in 2009 agus ullmhófar tuarascáil maidir le dul chun cinn ó thaobh an plean a chur i ngníomh, agus leagfar os comhair gach Teach den Oireachtas í.</p>	<p>Tuarascálacha le lorg ar bhonn bliantúil ó dheireadh 2007.</p> <p>Tuarascáil Fhoriomlán ar Dhul Chun Cinn le tiomsú in 2009.</p> <p>Athbhreithniú agus uasdátú ar an bplean in 2009 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin.</p>
<p>Bunóidh an Roinn Coiste Comhairleach maidir le Plean Earnála an Achta um Mhíchumas (CCPEAM), a fheidhmeoidh ar son na Roinne, daoine le míchumais, an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais,</p>	<p>Le cur ar bun in Earrach 2007 agus le teacht le cheile go débhlíantúil i gcaitheamh na tréimhse 2007 – 2009.</p>

Targaidí le cuspóirí a bhaint amach	Frámaí Ama
<p>comhlachtaí faoi scáth na Roinne agus údarás áitiúil chun fóram a sholáthar chun cabhrú le comhairliúchán maidir le saincheisteanna atá ina gcodanna lárnacha de bheartais agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar leibhéal náisiúnta maidir leis na cuspóirí agus beartais arna leagan amach sa phlean earnála a chur i ngníomh. Comhlánfaidh an CCPEAM próisis eile maidir le monatóireacht agus athbhreithniú, ach ní chuirfear ina n-ionad é.</p>	
<p>Beidh dul chun cinn maidir le hiad a chur i ngníomh, curtha san áireamh i dTuarascálacha Bliantúla na Roinne agus a Gníomhaireachtaí.</p>	<p>Tuairisceoireacht Bhliantúil.</p>
<p>Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag oibriú go dlúth le Ranna eile Rialtais go déthaobhach agus tríd an nGhrúpa Ardleibhéil Idir-Rannach maidir leis an Míchumas chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ó thaobh saincheisteanna buntábhachtacha traschuimsitheacha a chomhordú.</p>	<p>Ag eatrainmh rialta i gcaitheamh na tréimhse 2006 – 2009.</p>